# 2023

# Tuarascáil Bhliantúil
## agus Ráitis Airgeadais



teagasc

AGRICULTURE AND FOOD DEVELOPMENT AUTHORITY

## MEAS
a chothú

**Déanaimid cultúr measa a chothú ina n-éistimid agus ina ndéanaimid beart chun cuidiú le gach duine, tosaíocht a bheartú don chuimsiú, aitheantas a thabhairt don neart inár ndifríochtaí agus an fholláine dhearfach a chur chun cinn**

Go bhfuil meas againn ar a chéile, ar chliaint, ar mhic léinn, ar chomhoibritheoirí, ar pháirtithe leasmhara agus ar an bpobal i gcoitinne.

Go dtugtar meas dúinn, go dtacaítear linn agus go mothaímid go bhfuil an chumhacht againn.

Go bhfuil ionbhá againn, agus go gcinntímid go dtugtar cluas do chách.

Go gcothaítear muinín agus comhar, rudaí a spreagann caidrimh láidre agus a fheabhsaíonn ár bhfeidhmíocht.

Go gcuirtear sláinte agus folláine chun cinn, agus go spreagtar daoine le dícheangal.

## BARR FEABHAIS
a bhaint amach

**Déanaimid ár ndícheall barr feabhais agus luach ar airgead a bhaint amach i gcónaí**

Go gcuirtear seirbhísí neamhspleácha ar ardchaighdeán ar fáil.

Go spreagtar cruthaitheacht, nuáil agus feabhsú leanúnach.

Go nglactar le cultúr tacaíochta agus comhair.

Go dtuigtear luach agus ionchur daoine eile.

Go spreagtar muid féin agus daoine eile le barr feabhais a bhaint amach.

## Gníomhú le hIONRACAS

**Déanaimid ár gcuid oibre le hionracas ar mhaithe leis an leas coiteann, agus táimid freagrach as ár ngníomhartha agus ár gcinntí**

Go bhfuilimid trédhearcach, cuntasach, coinsiasach agus freagrach as ár gcinntí.

Go bhfuilimid eiticiúil agus go gcothaítear timpeallacht trédhearcachta agus mhuiníne.

Go gcuirtear spás sábháilte ar fáil do gach duine a gcuid smaointe agus nithe is údar imní dóibh a chur in iúl go cuiditheach laistigh agus lasmuigh den eagraíocht.

Go ndéantar ár ngníomhartha a cheistiú agus a mheas d'fhonn teacht ar réitigh láidre a mbíonn tionchar dearfach acu ar an tsochaí.

Go gcuirtear an leas coiteann chun cinn ar mhaithe le cách.

# Réamhrá

Tá Tuarascáil Bhliantúil 2023 bunaithe ar na spriocanna atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Teagasc. Is i gcomhthéacs na spriocanna sin a dhéantar cur síos ar shamplaí de phríomhghnóthachtálacha agus príomhfhorbairtí na Stiúrthóireachtaí Taighde, Aistrithe Eolais agus Oibríochtaí.

# Clár Ábhar


Réamhrá 3

Ráiteas an Chathaoirligh 4

Tuarascáil an Stiúrthóra 7

Comhaltaí an Údaráis 11

An Fhoireann Ardbhainistíochta 12

Cairt Eagraíochta 13

Suíomhanna na nOifigí 14

**Sprioc 1** – Tacú le feabhsuithe ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar fholláine feirmeoirí 15

**Sprioc 2** - Táirgeadh agus próiseáil bianna sábháilte, cothaitheacha agus blasta a fheabhsú i gcomhréir le prionsabail an bhith-gheilleagair chiorclaigh inbhuanaithe 41

**Sprioc 3** - Fianaise eolaíocht-bhunaithe agus teicneolaíochtaí a chur ar fáil le cur ar chumas na hÉireann tiomantais a chomhlíonadh i ndáil le hastaíochtaí gásacha, cáilíocht an uisce agus an bhithéagsúlacht 47

**Sprioc 4** - Ithreacha, ainmhithe agus daoine níos sláintiúla a chinntiú trí mheán na nuálaíochta eolaíocht-bhunaithe 55

**Sprioc 5** - Barr feabhais eagraíochtúil agus éifeachtúlacht i seachadadh ár seirbhísí a fheabhsú go tairiseach 59

Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais 69


## Misean

Ceannaireacht eolaíoch agus tacaíocht a sholáthar d'fheirmeoirí agus do chuideachtaí bia na hÉireann chun córas bia inbhuanaithe a bhaint amach.

Is córas bia é córas bia inbhuanaithe (SFS) lena soláthraítear slándáil an tsoláthair bia agus cothú do chách ar bhealach nach gcuirtear isteach ar na boinn eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil chun slándáil bia agus cothú a ghiniúint do na glúine a bheidh le teacht.

## Fís

Go mbeidh Teagasc ina cheannaire aitheanta ar fud an domhain maidir le réitigh nuálacha eolaíocht-bhunaithe a fhorbairt chun ár n-acmhainní talún a chlaochlú go hinbhuanaithe go táirgí agus seirbhísí ar mhaithe leis an tsochaí. Tá Teagasc cláraithe mar charthanas, faoi Alt 40 den Acht Carthanas 2009. Uimhir Charthanais Chláraithe: 20022754.

Tá Teagasc cláraithe mar charthanas, faoi Alt 40 den Acht Carthanas 2009. Uimhir Charthanais Chláraithe: 20022754.

# Ráiteas an Chathaoirligh



Cathaoirleach Teagasc, Liam Herlihy

Tar éis bliain an-deacair a chur dínn ó thaobh cúrsaí aimsire, praghsanna ag geata na feirme agus ioncaim feirme de, chríochnaigh 2023 ar roinnt mhaith bealaí mar bhliain thábhachtach ceiliúrtha do Teagasc. I mí Dheireadh Fómhair chuireamar comhdháil ar bun le 50 bliain de bhallraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach a chomóradh, rud ar tháinig athruithe ollmhóra sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha léi, agus a chuaigh i bhfeidhm ar bhealach dearfach go mór ar thalmhaíocht na hÉireann, ónar tháinig earnáil a bhí nuachóirithe, meicnithe agus saindealaithe. Is cúis áthais dúinn go mbeidh Mairead McGuinness, An Coimisinéir Eorpach don Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Margaí Caipitil; agus Charlie McConalogue T.D. An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus Marc Fesneau, Aire Talmhaíochta na Fraince, mar phríomhchainteoirí againn. Ina dhiaidh sin i mí na Samhna tháinig Eagrán Speisialta don 60ú Bliain den ***Irish Journal of Agricultural and Food Research*** (Imleabhar 61, Eagrán 1) ina ndearnadh ceiliúradh ar 60 bliain den fhoilsitheoireacht acadúil in Teagasc. I mí na Nollag ansin rinneamar ceiliúradh ar 20 bliain den bharr feabhais agus tionchar eolaíochta ag APC Microbiome Ireland, ar Lárionad Taighde forásach ar bhonn de chuid SFI é ar cúis mhórtais do Teagasc feidhmiú mar Óstinstitiúid dó i dteannta COC.

## Barr Feabhais san Eolaíocht

Is fiú ceiliúradh a dhéanamh ar thábhacht an róil a fheidhmíonn Teagasc agus ar rannchur a fhoirne eolaíochta le lárionad mór de chuid SFI amhail APC Microbiome. Déantar tionchar méadaitheach eacnamaíoch APC Microbiome Ireland a ríomh anois ag €73.7m in aghaidh na bliana, méid atá níos mó ná €65m mar a bhí ann cúig bliana ó shin. Tugann APC faoi thaighde ceannródaíoch ar an micribhithóm, agus tá os cionn 3,000 foilseachán piarmheasúnaithe foilsithe aige ónar tháinig dul chun cinn chun dul i ngleic le roinnt de na dúshláin shochaíocha is tromchúisí dár linn, lena n-áirítear an fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach agus an bhagairt ó tharbhfhrídí, ualach na ngalar ainsealach, na hotrachta agus an mhí-chothaithe, an mheabhairshláinte, agus aosú folláin. Dá bhrí sin, níorbh aon ionadh é nuair a ainmníodh beirt Ollamh de chuid Teagasc, an tOllamh Paul Cotter agus an tOllamh Catherine Stanton, ó Rannóg Eolaíochtaí Bitheacha Bia Teagasc, ar Príomh-imscrúdaitheoirí an bheirt acu ag APC Microbiome Ireland iad, ar liosta Clarivate 2023 de Thaighdeoirí is Minice a Luaitear. Is eolaithe iad sin a rangaítear i measc an chéad 1% de réir luanna ina réimse (réimsí) agus bliain fhoilsithe in Web of Science le deich mbliana anuas. Ba ghradam iontach é sin a baineadh amach freisin ag a gcomhghleacaí an tOllamh Brijesh Tiwari, Príomhoifigeach Taighde, An Rannóg um Cheimic agus Teicneolaíocht an Bhia, atá ina Phríomh-imscrúdaitheoir freisin ag BiOrbic – Lárionad Taighde SFI don Bhith-gheilleagar.

## An tEolas á roinnt

Buaicphointe phearsanta den bhliain 2023 ab ea an Lá Oscailte den scoth ag an gCloch Liath ag a raibh an téama fadbhreathnaitheach 'Todhchaí Inbhuanaithe a Shlánú'. Chonaic an slua mór a bhí i láthair an lá úd láithreoireachtaí den scoth ó thaighdeoirí agus comhairleoirí Teagasc maidir le straitéisí chun gach gné den inbhuanaitheacht a mhéadú (gnéithe sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha), don bhrabúsacht, bainistiú féaraigh agus éifeachtúlacht na húsáide cothaitheach, an Clár Comharthaíochta, an clár Dairy Beef 500 agus pórú na mba déiríochta, Sláinte agus Sábháilteacht, agus daoine sa tionscal déiríochta. Bhí an deis ag na daoine a d'fhreastail ar an gCloch Liath cuairt a thabhairt ar limistéir idirghníomhacha le scileanna a fhorbairt, plé a dhéanamh ar an Treoir maidir le Níotráití, costais feirme a bhainistiú, agus dearcadh idirnáisiúnta ar bheartas, dúshláin agus réitigh, agus bonneagar ar an bhfeirm. B'ócáid cheart 'Teagasc le Chéile' í sin, agus tapóidh mé an deis seo le comhghairdeas a ghabháil le gach ball foirne Teagasc a rinne éacht mór leis an ócáid.

## An Síol á Chur!

Creidimse go láidir go bhfuil forbairt na tallainne amach anseo le freastal ar ár dtionscal ar cheann de na misin is tábhachtaí ag Teagasc. Ba gharsprioc mhór é seoladh printíseachtaí nua talamhbhunaithe in 2023 le cláir oideachais Teagasc a fhorbairt a thuilleadh chun éilimh foghlaimeoirí laistigh dár n-earnáil a chomhlíonadh. B'éacht nach beag é saothar na foirne oideachais ar fud na heagraíochta leis na cláir nuálacha sin a thabhairt chun cineáil laistigh de thréimhse ghairid. Tá aiseolas dearfach faighte ó fud an tionscail, agus éileamh mór ar ionaid, rud atá fíorshásúil agus a thugann muinín mhór do thodhchaí ár n-earnála.

## An tSeirbhís Chomhairle agus Teaghlaigh Feirme ag Obair i gComhpháirt

Bhí dúshláin dhéacha os comhair seirbhís chomhairleach Teagasc in 2023 chun tacú le Straitéis Teagasc um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus chun idirthréimhse rianúil a chinntiú freisin chuig na scéimeanna nua in CBT 2023-2027 dár gcliaint is feirmeoirí. D'earcaigh an tseirbhís chomhairle 9,900 feirmeoir chuig an gClár Comhairleach Comharthaíochta sa tréimhse idir mí an Mheithimh agus na Nollag, arbh éacht dochreidte é. I gcomhthráth leis sin, cuireadh os cionn ceithre mhíle iarratas BISS isteach freisin thar ceann cliant. Tá dúthracht agus díograis de chuid comhairleoirí Teagasc do theaghlaigh feirme le fáil go smior Teagasc.



Sa phictiúr ó chlé go deas tá: an tOllamh Frank O'Mara, Stiúrthóir Teagasc; Deirdre Ryan, Stiúrthóir Origin Green, Bord Bia; Charlie McConalogue T.D. an tAire Talmhaíochta, Bia, agus Mara; Suzanne Campbell, Áisitheoir Painéil agus údar agus iriseoir bia/feirmeoireachta; agus Liam Herlihy, Cathaoirleach Údarás Teagasc.

## Bliain Dhúshlánach don Fheirmeoireacht

Cinnte dearfa, b'éigean do theaghlaigh feirme in 2023 dul i ngleic le dálaí crua aimsire agus fadhbanna ioncaim araon. Bhí comhairleoirí Teagasc an-ghníomhach chun tacú le feirmeoirí a bhí ag dul i ngleic le ceann de na blianta ab fhliche ó 1941, ina bhfacthas tuilte i roinnt mhaith cearn den tír, go háirithe sa dara leath den bhliain. In 2023 tháinig titim mhór de roinnt praghsanna aschuir feirme, go háirithe le haghaidh bainne agus gránach. Chonacthas an titim ba shuntasaí ar mheánioncam teaghlaigh feirme in 2023 sna feirmeacha déiríochta agus curaíochta, agus ioncaim idir 60% agus 70% níos ísle ná na leibhéil ioncaim níos mó ná riamh a baineadh amach in 2022. Tháinig na praghsanna le haghaidh bainne agus barra gránaigh anuas isteach is amach ar 30%. Bhí praghsanna uain beagáinín níos ísle in 2023 le hais 2022. Bhí méid an mheatha san ioncam ar fheirmeacha curaíochta an-difriúil ó fheirm amháin go chéile, agus laghduithe suas le 60% go 70% ar roinnt mhaith feirmeacha. Ba chuidiú iad na híocaíochtaí tacaíochta ar fheirmeacha curaíochta leis an titim ioncaim ag teacht ó chorrlaigh níos ísle ar an gcuraíocht. Os a choinne sin, bhí méaduithe measartha ar phraghsanna ann i gcás laonna coiscthe agus eallaigh chríochnaithe. Mar a luadh cheana, tháinig cruatan d'fheirmeoirí curaíochta leis na dálaí aimsire ag amanna éagsúla den séasúr, ónar tháinig torthaí níos ísle in 2023 i gcomparáid le 2022.

Chonacthas titim ar ioncam ar na feirmeacha tógála eallaigh, ar cúis imní faoi leith é i bhfianaise go bhfeictear an t-ioncam is ísle sa chóras sin i measc aon cheann de na príomhghníomhaíochtaí talmhaíochta in Éirinn. Tháinig ardú ar na praghsanna a íocadh ar laonna scoite, ach bhí na costais táirgthe fós ard. Fuarthas tacaíocht thábhachtach d'ioncaim le haghaidh feirmeacha sa chóras sin ón gClár um Éifeachtúlacht Carbóin Bó Diúil (SCEP), ón Scéim Náisiúnta um Leas Mairteola (NBWS), agus ó íocaíochtaí ó rannpháirteachas sa Scéim Timpeallachta Agra-Aeráide Tuaithe (ACRES). Chonacthas titim ar ioncaim in 2023 freisin ar fheirmeacha eile eallaigh (eallaigh le críochnú den chuid is mó), agus praghsanna níos airde d'eallaigh á bhfritháireamh le titim ar líon na maruithe eallaigh. Cosúil leis sin, tháinig titim ar ioncaim ar fheirmeacha caorach in 2023 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

## Feabhsú i gCónaí

Is cúis áthais domsa chun tuairisciú go leanann Teagasc air ag stiúradh a chuid oibríochtaí ar bhealach chomh hinbhuanaithe agus is féidir. Cuireadh soilsiú LED i gcrích ar chúig Ionad/Choláiste agus rolladh PV amach in 10 suíomh eile le cur chun feidhme Straitéis Fuinnimh Teagasc ag dul ar aghaidh gan staonadh. Ainmnítear mí an Mheithimh 'mí Teagasc don Ilchineálacht agus Cuimsiú', agus bhí os cionn 20 gníomhaíocht ann in 2023 arbh éard ab aidhm dóibh go gcuirfeadh na baill foirne feabhas ar a dtuiscint ar an bhfáth go mbaineann tábhacht leis an ilchineálacht agus cuimsiú sa láthair oibre, agus freisin chun tacú le hilchineálacht comhghleacaithe agus chun ceiliúradh a dhéanamh uirthi. Agus comhghairdeas á ghabháil leo siúd a bhí páirteach sa réimse tábhachtach sin, is cúis áthais freisin dom chun

tuairisciú don seachtú bliain as a chéile gur tháinig ar ár mbearna phá idir na hinscní in Teagasc, ag ráta 11% a tháinig anuas ó 17% thiar in 2017, agus gach dua á chur isteach.

## An Dr. Noel Cawley – Buíochas

Ba chúis mhór bróin dúinn bás mo réamhtheachtaí dhírigh mar Chathaoirleach Teagasc an Dr. Noel Cawley. Ba dhuine ardionracais é Noel, a shaothraigh a bheatha d'earnáil na feirmeoireachta agus na talmhaíochta in Éirinn, agus d'fhág sé oidhreacht bhuan lena ról mar Phríomhfheidhmeannach ar an mBord Bainne go dtí 2006, mar Chathaoirleach ar Bhord na gCapall, agus freisin mar chathaoirleach ar Ghrúpa Athbhreithniúcháin agus Cur chun Feidhme na Straitéise don Bhia Mara. Táimid an-bhuíoch de as a rannchur mar chathaoirleach ar Údarás Teagasc thar dheich mbliana inar threoraigh sé an eagraíocht de réir mar a tháinig forbairt uirthi ina heagraíocht nua-aimseartha, eolaíocht-bhunaithe, ábhartha chun tacú le hearnáil na talmhaíochta agus an bhia dul in oiriúint do na dúshláin atá os comhair na hearnála. Ar dheis Dé go raibh a anam.

## Údarás Teagasc

Bhí lúcháir phearsanta orm athcheapachán mar Chathaoirleach ar Údarás Teagasc a bhaint amach le haghaidh an dara téarma chúig bliana, ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D. D'athcheap an tAire McConalogue mo chomhghleacaí Thia Hennessy freisin, atá ina Ceann ar Choláiste an Ghnó agus an Dlí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, le haghaidh an dara téarma chúig bliana chuig Údarás Teagasc. Táimid ag súil le bheith ag obair le Vanessa Kiely O'Connor Uasal a d'ainmnigh ICOS le teacht in ionad an Uas. Pat Duffy a thug leis taithí mhór agus breithiúnas don Údarás le linn a théarma, agus ceapadh Uachtarán Mhacra na Feirme, Elaine Houlihan Uasal, chuig an Údarás freisin, ag teacht in ionad an Uas. John Buckley, a chuir go mór leis an Údarás. Tugaimid aitheantas freisin don obair iontach atá déanta ag Eilis O Connell Uasal, ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; agus ag an Ollamh Gerald Fitzgerald ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tagann Louise Byrne Uasal, Leas-Phríomhchigire in DAFM in ionad Eilis O Connell Uasal mar ionadaí na Roinne ar Údarás Teagasc.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Frank O'Mara, lena fhoireann shinsearach, agus le foireann uile Teagasc as an obair den scoth a thug siad in 2023.




Chuir bainistíocht shinsearach Teagasc feisirí an Oireachtais ar an eolas faoi chúrsaí i mí na Samhna 2023.

# Tuarascáil an Stiúrthóra



**An tOllamh Frank O'Mara**
**Stiúrthóir Teagasc.**

Rachaidh an bhliain anuraidh síos sna hannála mar bhliain chrua don talmhaíocht, agus drochaimsir, praghsanna síor-arda le haghaidh ionchuir talmhaíochta, go háirithe leasachán, beatha agus fuinneamh, laghduithe móra ar phraghsanna táirgí agus ioncaim feirme, go háirithe sna hearnálacha déiríochta agus curaíochta, agus laghdú nach beag ar an uasráta nítrigine orgánaí a cheadaítear ar fheirmeacha faoi mhaolú, rud a chuaigh i bhfeidhm go mór ar líon mór feirmeoirí a bhí ag tapú an mhaolaithe. Ba í an bhliain 2023 an bhliain freisin ina ndearnamar comóradh ar 50 bliain d'Éirinn a bheith ina Ballstát den Aontas Eorpach, agus reáchtáladh comhdháil an-spéisiúil i mí na Samhna, agus is léir ó bheith ag machnamh ar an tréimhse úd nárbh í an bhliain 2023 an chéad bhliain chrua do thalmhaíocht na hÉireann le 50 bliain anuas, agus chonacthas athléimneacht mhór agus díocas láidir san earnáil i gcónaí ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin, agus déanfaidh sí an méid céanna arís gan aon agó.

Agus é sin ráite, d'fhéach Teagasc lena rannchuidiú leis an earnáil a fheabhsú trí cheannaireacht eolaíochta agus tacaíocht a chur ar fáil d'fheirmeoirí, saothróirí agus cuideachtaí bia na hÉireann, agus cúnamh a thabhairt do lucht ceaptha beartais le hanailís agus tacaíocht dá gcinnteoireacht. Aithníonn Teagasc go mbaineann trí ghné leis an inbhuanaitheacht inár gcóras bia - gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil. Tacaímid le hioncaim feirmeoirí trí chomhairle a thabhairt maidir le feabhsú córas agus teicneolaíochtaí tacúla, ach is tacaíocht an-inláimhsithe freisin í an tacaíocht a thugaimid d'fheirmeoirí lena n-iarratais ar scéimeanna. Leanadh ar aghaidh le rolladh amach Phlean Straitéiseach CBT le linn 2023 le líon mór scéimeanna á seoladh d'fheirmeoirí, arna maoiniú ag an Aontas Eorpach agus an Státchiste Náisiúnta. Bhí 32 scéim dhifriúil ann san iomlán, i dteannta 10 scéim dhifriúla de Scéimeanna Nuachóirithe Talmhaíochta Spriocdhírithe (TAMS) arna seoladh agus/nó i mbun oibre le linn 2023. Chuidigh comhairleoirí agus a bhfoireann tacaíocht le feirmeoirí chun rannpháirt a ghlacadh sna scéimeanna sin.

Rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) Cabhair Deontais Stáit dar luach €162.196 milliún a leithdháileadh ar Teagasc in 2023, ar mhéadú dar luach €12.296 milliún thar an leithdháileadh dar luach €149.9 milliún thiar in 2022 é. Le holltoradh 2023 táirgeadh coigilteas dar luach €1.42 milliún don aoisliúntas agus suim dar luach €4.3 milliún don chaipiteal (táirgeadh coigilteas dar luach €1.5 milliún do chaipiteal in 2022).

€232 mhilliún ab ea luach iomlán ioncaim Teagasc in 2023, suim a bhí €7 milliún (3%) níos mó ná thiar in 2022. €237 milliún ab ea luach iomlán caiteachais Teagasc in 2023, suim a bhí €13 milliún (6%) níos mó ná thiar in 2022. Chonaic an eagraíocht méadú ar ghníomhaíocht in 2023 i gcomparáid le 2022, bliain a bhí thar a bheith gnóthach do Teagasc inti féin. Tháinig méadú 2.8% ar luach an ioncaim dhílis ghinte chuig €70.3 milliún, agus tharla méadú dar luach €7.5 milliún i gCabhair Deontais ó DAFM i gcomparáid le 2022 lenar áiríodh méadú dar luach €1 mhilliún i dtarraingt anuas na Cabhrach Deontais. Mhair ráta ard boilscithe isteach sa bhliain 2023, agus bhí Teagasc ag pleanáil laghdú a dhéanamh ar a chúlchistí. Le méadú ar líon na mball foirne tháinig méadú ar chostais pá 6.6% chuig €100 milliún. Tháinig méadú 8.2% ar chaiteachas neamhphá chuig €77 milliún, agus caiteachais ghinearálta oibriúcháin dar luach €55 mhilliún 9% níos mó ná 2022. Cuireadh obair ar aghaidh ar shaoráid taighde nua dar luach €3.2 milliún chun tacú leis an gClár Vista Milk sa Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, agus ar Lárionad Taighde & Nuálaíochta Náisiúnta um Inbhuanaitheacht na Talmhaíochta dar luach €12.7 milliún i gCaisleán Bhaile Sheáin. D'infheistigh Teagasc i seomraí ranga i gColáiste Chill an Dátúnaigh agus i suiteálacha PV grianfhuinnimh agus i gcríochnú an uasghrádaithe ar an soilsiú LED ar cuireadh tús leis in 2022.

Leanann Teagasc air ag cloí go hiomlán leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, agus in 2023 bhunaigh sé Grúpa Athbhreithniúcháin Rialachais le creat rialachais corparáideach na heagraíochta a neartú a thuilleadh.

## Neart comhcheangailte Teagasc sa taighde, comhairle agus oideachas

Is neart sainiúil de chuid Teagasc é cumas comhcheangailte ár seirbhísí taighde, comhairle agus oideachais a shaothrú chun faisnéise teicneolaíochta taighde-bhunaithe a chur ar fáil d'fheirmeoirí agus mic léinn. Leanadh ar aghaidh le roinnt mhaith tionscnamh tábhachtach chun cur leis an neart sin in 2023, nó cuireadh tús leo sa bhliain sin. D'éirigh lenár Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide dul chun cinn a dhéanamh i rith na bliana. Sheol an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara Charlie McConalogue T.D. Cuar Imeallchostais Lacáiste nua i mBaile Átha Cliath i mí Iúil, inar réitíodh an bealach le sprioc laghduithe 25% in astaíochtaí na hearnála a chomhlíonadh, cé go mbeadh ráta glactha an-ard na dteicneolaíochtaí curtha san áireamh leis an MACC. Tháinig an t-ardán digiteach don inbhuanaitheacht, ar a dtugtar AgNav anois, agus atá á fhorbairt againn le ICBF agus Bord Bia, ar fáil i leagan píolótach, agus bhain na comhairleoirí ar ár gClár Comhairleach Comharthaíochta nua úsáid as láithreach. Úsáideann siad é le hastaíochtaí reatha feirme a thagarmharcáil agus plean a dhéanamh ansin lena laghdú (Nochtar mo líon - Ceaptar mo phlean), agus tar éis seoladh an chláir i mí an Mheithimh, chláraigh 10,000 feirmeoir leis, agus beagnach leath acu ag forbairt a gcuid pleananna in 2023, agus an fuílleach chun a gcuid pleananna a fhorbairt in 2024.

Is ceist fhíorthábhachtach freisin don chomhshaol í cáilíocht an uisce. Tá dhá chlár mhóra ag Teagasc chun tacú le cáilíocht an uisce, Clár na nDobharcheantar Talmhaíochta arna mhaoiniú ag DAFM, agus an Clár Tacaíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht na Talmhaíochta (ASSAP) arna mhaoiniú ag DAFM, DPHLG, agus ar comhchlár le tionscal na déiríochta é, tionscal a fhostaíonn líon mór comhairleoirí leis. Is léir í an tábhacht a bhaineann le feabhas a chur ar cháilíocht an uisce, agus cuireadh an méid sin i dtábhacht le toradh ar athbhreithniú ar shonraí maidir le cáilíocht uisce mar chuid de mhaolú reatha na hÉireann agus ónar tháinig ciorrú ar an uasteorainn 250 kg N orgánach/ha chuig 220 kg/ha. In anailís a d'fhoilsigh Teagasc in 2023 cuireadh i dtábhacht an tionchar suntasach a d'fhéadfadh a bheith leis sin ar ioncaim na bhfeirmeoirí a rachadh sé i bhfeidhm orthu.

Is limistéar eile í an mhairteoil déiríochta ar dhírigh Teagasc air le blianta beaga anuas, i bhfianaise an mhéadaithe ar sholáthar laonna ón tréad déiríochta. Tá clár láidir againn ina ndírítear ar mhairteoil na déiríochta ag Gráinseach agus Caisleán Bhaile Sheáin, clár a thacaíonn lenár gclár comhairleach DairyBeef 500. Tá roinnt teicneolaíochtaí nua ann a thacaíonn leis an gclár, lena n-áirítear seamhan gnéasaitheanta, ina bhfacthas timpeall 300,000 sop gnéasaitheanta in 2023 ag teacht ón tsaotharlann sórtála bhunaidh sa Chloch Liath, móide saotharlann nua atá curtha ar bun ag an tionscal féin. Ina theannta sin, tá an Luach Tráchtála Mairteola tar éis cur leis an Innéacs Mairteola Déiríochta arna fhorbairt ag ICBF agus Teagasc. D'oibrigh Teagasc le DAFM agus le geallsealbhóirí eile chun Plean Gníomhaíochtaí 10 bpointe a fhorbairt don earnáil a cuireadh faoi chomhairliúchán poiblí ag deireadh na bliana.

Tá roinnt mhaith teicneolaíochtaí tábhachtacha eile atá forbartha nó feabhsaithe ag Teagasc. Roinnt samplaí díobh sin is ea modheolaíocht an Mheasúnaithe Saolré le lorg carbóin an ghránaigh Éireannaigh a thomhas arna fhorbairt i gcomhar le Tírlan, agus lena léirítear lorg íseal carbóin an ghránaigh Éireannaigh; léiriú ar rialú meicniúil lotnaidí don earnáil gairneoireachta ag Lá Oscailte Barr 2023; taighde lenar cruthaíodh na leibhéil cothaitheach tairbhiúil níos airde d'óimige 3 agus aigéad líonoiléach téaltaithe atá le fáil i mbainne na mba a bheathaítear le féar; luachanna pórúcháin do chaoirigh chun astaíochtaí meatáin a laghdú; taighde lenar léiríodh go dtagann bithéagsúlacht agus sláinte ithreach fothalún níos airde ó bhithéagsúlacht níos airde os cionn talún, mar atá le fáil i mbáinseacha ilspeiceas; agus taighde a dhírítear ar dhramhbhia a laghdú i ndáil le caighdeáin mhargaíochta in earnáil na gairneoireachta sa tionscadal ROSETA.

Leanann Rannóg Forbartha Muc Teagasc (PDD) uirthi ag tacú le táirgeoirí muc trí thaighde, comhairle agus oideachas a chur ar fáil thar réimse saincheisteanna lena mbaineann tábhacht don earnáil. Tugann sí clár comhtháite taighde agus comhairleach don earnáil thábhachtach sin. Áirítear leis an gClár taighde punann chothrom tionscadal a dhírítear ar fhadhbanna agus saincheisteanna reatha a fhuascailt, ar dócha go mbainfidh tábhacht leo amach anseo. Cuimsítear leis taighde ar chothú, leas, sláinte, bainistíocht, comhshaol agus teicneolaíocht. Príomhlimistéar is ea feabhsú leanúnach ar mhéid na bhfrithmhiocróbach ar fheirmeacha muc a laghdú. D'fhorbair PDD Teagasc treoir-bhonnachar sonraí (arna úsáid anois ag DAFM); tá an taighde agus comhairle tar éis dul i bhfeidhm ar úsáid na bhfrithmhiocróbach ar fheirmeacha. Tá an úsáid tar éis laghdú ó 105mg/kg muiceoil arna táirgeadh (in 2020) chuig 49mg/kg muiceoil arna táirgeadh (in 2023). Is í an fhoireann chomhairleach an príomhnasc idir an taighde agus an t-aistriú eolais, agus seirbhís chuimsitheach gnó agus teicneolaíochta, agus clár cuimsitheach oideachais agus oiliúna á cur ar fáil d'fheirmeoirí.

Príomhfhócas don fhoireann is ea an fhorbairt tuaithe. Tá an fearachas eachaí, turasóireacht tuaithe, agus táirgeadh fuinnimh ag éirí níos tábhachtaí, agus tacaíonn Teagasc lena bhforbairt. In 2023 choinnigh Teagasc uirthi lena tacaíocht fheabhsaithe d'earnáil na feirmeoireachta orgánaí, agus pleananna á bhforbairt leis an taighde san fheirmeoireacht orgánach a mhéadú mar chomhlánú d'acmhainní méadaithe atá ar fáil cheana féin sa tseirbhís chomhairleach. Is fiontair thábhachtacha dúinne freisin iad an ghairneoireacht agus an fhoraoiseacht. Ba bhuaicphointe de shamhradh 2023 é freastal Teagasc ar Bloom. Ba thiar in 2023 a seoladh an Clár Foraoiseachta 2023-2027 nua, agus d'eagraigh Teagasc seimineár gréasáin ar ar fhreastail roinnt mhaith daoine, le hos cionn 800 duine cláraithe agus sraith náisiúnta 20 cruinniú faisnéise ann le feasacht a mhúscailt agus leis an gClár a chur chun cinn. D'eagraigh Teagasc siompóisiam in 2023 san Fheirmeoireacht Chnoic agus Bainistíocht Tírdhreacha, agus lean cláir thábhachtacha ar aghaidh sa tsláinte agus sábháilteacht, comharbas agus oidhreacht, agus chun tacú leis an mbith-gheilleagar ciorclach.

Tugann Teagasc tacaíocht theoranta freisin, cé gur tacaíocht shuntasach mar sin féin í, le 'córais bhia inbhuanaithe' a fhorbairt trí thacaíocht theicniúil le tionscadail forbartha san Eiritré, sa Chéinia agus sa Tansáin. Téann Teagasc i gcomhar le comhlachtaí eile freisin ar thionscadail forbartha i dtíortha amhail Vítneam agus an tSaimbia. In 2023 chuireamar tús le comhshaothrú le Coláiste Ollscoile, Corcaigh ar 'Clár Idirnáisiúnta Teagasc COC um Fhorbairt Mac Léinn Talmhaíochta.'

I bhfianaise na ndúshlán atá os comhair earnáil na talmhaíochta leis an athrú aeráide agus leis an gcáilíocht uisce, i dteannta dhúshláin leanúnacha na hinmharthanachta feirmeacha thar roinnt mhaith fiontar, táimid den tuairim go bhféadfaí an tseirbhís chomhairleach a athstruchtúrú le bheith in ann tacú le feirmeoirí chun na dúshláin sin a chomhlíonadh. Mar fhreagra orthu sin, rinneadh obair in 2023 chun Straitéis nua don Chlár Comhairleach a fhorbairt don tréimhse 2024-2030. I measc na ngníomhartha atá curtha san áireamh sa straitéis tá athstruchtúrú ar an tseirbhís chomhairleach le cur ar a cumas seirbhís forbartha gnó agus theicniúil níos fearr agus níos spriocdhírithe ar chur ar fáil d'fheirmeoirí. Is é is aidhm don straitéis, a chuirfear i bhfeidhm ar bhonn píolótach in 2024, fócas na seirbhíse comhairlí a athchothromú le comhairle theicniúil a chur ar fáil le dúshláin earnálacha a chomhlíonadh, agus freisin leis an tacaíocht arna héileamh ag cliaint Teagasc a chur ar fáil timpeall ar iarratais chuig scéimeanna agus comhlíontacht rialála.

## Comhpháirtíochtaí

Is bunphrionsabal do Teagasc é obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht. Is cúis mhórtais dúinn na hocht gcomhchlár atá againn leis na comharchumainn déiríochta, ina ndírítear ar ábhair thábhachtacha na brabúsachta, an athraithe aeráide, na cáilíochta uisce agus na bithéagsúlachta, agus an chomhpháirtíocht atá againn le próiseálaithe feola sa Chlár FutureBeef chun tacú le hearnáil na mba diúil, agus roinnt mhaith eagraíochtaí eile a thacaíonn lenár gcláir. Is comhábhar tábhachtach é an comhshaothrú don rath sa taighde, agus tá Teagasc i gceannas ar lárionad VistaMilk arna mhaoiniú ag SFI (a fhaigheann maoiniú ó DAFM freisin) a bhfuil réitigh dhigiteacha á bhforbairt aige d'earnáil na déiríochta, agus ar lárionad Theicneolaíocht na Feola Éireann arna chistiú ag Fiontar Éireann, ina bhfuil teicneolaíocht fheabhsaithe á forbairt d'earnáil na próiseála feola, agus inar cuireadh tús lena clár chéime 2 in 2023. Is cúis mhórtais dúinn freisin a bheith mar phríomhpháirtí in APC Microbiome Ireland arna chistiú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, a rinne ceiliúradh ar a 20ú bliain in 2023, agus i lárionad BiOrbic de chuid Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Tugaimid aitheantas freisin don rannchur ollmhór a dhéanann roinnt mhaith comhpháirtithe taighde Éireannacha sna lárionaid sin agus i dtionscadail eile, agus na ranníocaíochtaí fíor-luachmhara atá againn le roinnt mhaith institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh trí mheán na gclár Fís, agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile trí roinnt caidreamh éagsúil. Baineann tábhacht fhíormhór leo siúd uile do Teagasc.

## Feachtais, Cláir agus Laethanta Oscailte

Is bealach éifeachtach iad feachtais le hacmhainní a chur in úsáid agus le páirtithe leasmhara a shlógadh d'fhadhbanna tábhachtacha, agus úsáideann Teagasc iad mar chroíchodanna dár gclár chun comhairle taighde-bhunaithe a aistriú d'fheirmeoirí. Leagtar amach spriocanna agus cuspóirí soiléire leo, agus tugann siad ardán ar féidir lenár gcomhairleoirí fiontair a úsáid dá gcláir chomhairleacha áitiúla le cliaint. I measc na bpríomhfheachtas agus clár atá i mbun oibre faoi láthair tá an Clár Comharthaíochta lena gcomhchláir dhéiríochta atá mar chuid de, FutureBeef agus Dairy Beef 500, agus an clár BETTER Farm d'fheirmeacha caorach, a thacaíonn go léir le feirmeoirí chun torthaí aeráide, cáilíochta uisce agus bithéagsúlachta a fheabhsú agus feirmeoireacht bhrabúsach á déanamh, Grass10 agus Clover 150 ina ndírítear ar bhainistíocht féaraigh agus áireamh na seamra i gcórais féaraigh, Comhchlár Boortmalt ina ndírítear ar tháirgeadh na heorna braiche, agus na cláir ACP agus ASSAP ina ndírítear ar cháilíocht uisce.

Bíonn an-tóir i measc feirmeoirí freisin ar laethanta oscailte sainiúla d'fhiontair, agus tagann slua mór chuig ár n-imeachtaí Sheep 2023, An Chloch Liath 2023 agus Lá Oscailte Barr ag Teagasc Pháirc na Darach.

## Forbairt acmhainneachta

Feidhmíonn Teagasc príomhról san fhorbairt acmhainneachta don earnáil agraibhia. Bíonn páirt lárnach le feidhmiú ag an tSeirbhís Oideachais sa mhéid sin, agus beagnach 4,000 mac léinn ar fud ár gcúrsaí lánaimseartha, páirtaimseartha agus cianoideachais, chomh maith le tacaíocht a thabhairt don oideachas d'os cionn 1,300 mac léinn i gclár ardoideachais a bhfuil ag Teagasc leo. Baineadh amach sprioc mhór lenár soláthar oideachais in 2023 nuair a d'fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ag an am, Simon Harris T.D. seoladh dhá phrintíseacht nua san fheirmeoireacht ag Teagasc Pháirc na Darach. Ní raibh sna printíseachtaí Bhainisteoir Feirme agus Theicneoir Feirme ach an tús, agus leanfaidh printíseachtaí sna Tailte Spóirt (Teicneoir) um Ghairneoireacht agus Bainistíocht Muc sna sála orthu.

Is rannchur mór eile é Clár Scoláireachtaí Walsh d'fhorbair an chaipitil dhaonna don earnáil agraibhia. Bhí 227 Scoláire Walsh gníomhach sa taighde ag deireadh 2023, agus b'fhorbairtí móra in 2023 iad an tús le méaduithe suntasacha atá beartaithe do na stipinní a bhíonn ar fáil do mhic léinn, agus críochnú na straitéise nua don chlár ina leagtar amach fís lena bheith ina chlár ceannródaíocht ar bhonn domhanda san oiliúint taighde don agraibhia, ina gcothaítear eolaithe neamhspleácha le dul i bhfeidhm ar bhealach dearfach ar an tsochaí trí réimse leathan gairmréimeanna.

Bíonn os cionn 100 taighdeoir ag Teagasc atá ar conradh nó i mbun iardhochtúireachta ag aon am amháin, a fhaigheann deiseanna suntasacha freisin don oiliúint agus forbairt i rith a gcuid ama le Teagasc, mar a fhaigheann comhairleoirí ar conradh, oifigigh oideachais agus baill foirne eile. Is cuma má fhanann na baill foirne sin in Teagasc, nó má ghlacann siad róil in eagraíochtaí eile, bímid ag iarraidh go mbeadh a gcuid tréimhse linne ina taithí dhearfach dá bhforbairt, agus go rannchuideodh sí le forbairt na hacmhainneachta don earnáil.

Ar deireadh, cuireann an t-iliomad cúrsaí agus imeachtaí oiliúna d'fheirmeoirí agus don tionscal bia, agus scaipeadh an eolais ag comhairleoirí go léir leis an bhforbairt acmhainneachta don earnáil. Mar shampla, díríodh sna Geataí bliantúla don Nuáil Bia ag Lárionad Taighde Bia Teagasc, An Chloch Liath in 2023 ar an mbithphróiseáil, agus sheol Teagasc Svuít Nuálaíochta um Bithphróisis sa Chloch Liath – ionad ilfhreastail le bithphróisis a fhorbairt, a bharrfheabhsú, agus uas-scálú. Is príomhrud í an bhithphróiseáil do na hearnálacha bia, cógaisíochta agus fuinnimh agus do roinnt tionscal agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear bithbhreoslaí in-athnuaite, gaschealla teiripeacha agus vacsaíní nua a tháirgeadh. Sampla eile is ea Comhráite don Athrú ar clár oiliúna i scileanna cumarsáide é a forbraíodh do ghairmithe sa tsláinte ainmhithe agus do chomhairleoirí feirme Teagasc. Forbraíocht idirghabháil an athraithe iompraíochta, atá mar an bonn eolaíochta leis an tionscnamh, as comhshaothrú idirdhisciplíneach idir síceolaithe, gairmithe sa tsláinte ainmhithe agus eolaithe tréidliachta sa tionscadal arna mhaoiniú ag Biaslán maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha.

## Saoráidí agus Treoirghléasraí

Féachann Teagasc le saoráidí úrscothacha a chothabháil dá chuid clár. In 2023, chuireamar tús le tógáil ar shaotharlanna nua i gCaisleán Bhaile Sheáin, an Lárionad Náisiúnta Taighde agus Nuálaíochta in Inbhuanaitheacht na Talmhaíochta, ar forbairt dar luach €12.7m í. Chríochnaíomar an tionscadal um Fhorbairt an Chlóis Feirme agus na seomraí ranga nua i gColáiste Chill an Dátúnaigh. D'osclaíomar Saoráid Bitástála Bia nua agus Muclann nua Ardleasa ar Bheagán Astaíochtaí sa Chloch Liath. Rinneadh uasghrádú freisin ar roinnt oifigí comhairleacha, agus críochnaíodh roinnt mhaith tionscadail chaipitiúla don fheabhsú agus tíosacht fuinnimh lena n-áirítear soilsiú LED agus suiteálacha painéal grianfhuinnimh.

Cuid fhíor-thábhachtach de thairiscint Teagasc do chuideachtaí bia agus dí is ea infhaighteacht na dtreoirshaoráidí, ina mbíonn oibrithe oilte agus foireann theicniúil le fáil mar thaca. Is í Moorepark Technology Limited an ceann is mó díobh siúd, agus is fochuideachta de Teagasc í agus faoi pháirtúinéireacht ag cuideachtaí déiríochta Éireannacha. Tairgeann sé treoirshaoráidí déiríochta den chuid is mó le fáil ar cíos, agus tá suas le 100 custaiméir anois aige a úsáideann na saoráidí ar bhonn bliantúil, lena n-áirítear 17 a tháinig ón gcoigríoch in 2023. Tá forbairt déanta ag Teagasc freisin ar an Lárionad Náisiúnta um Bianna Ullmhaithe do Thomhaltóirí i mBaile an Ásaigh, le tacaíocht airgeadais nach beag ó DAFM, agus thacaigh DAFM freisin leis an gcéad chéim de Lárionad Grúdaireachta agus Driogtha i bPáirc na Darach freisin. Baineann fíorthábhacht leis na treoirghléasraí sin chun tionscal bia agus dí na hÉireann a fhorbairt, agus i dteannta saoráidí úrscothacha, tá deis ann do chuideachtaí tionscadail taighde chomhoibríocha a fhorbairt le taighdeoirí Teagasc. Mar shampla, d'oibrigh an Lárionad Náisiúnta um Bianna Ullmhaithe do Thomhaltóirí le 97 gcuideachta in 2023, agus seirbhísí á gcur ar fáil acu i bhforbairt táirgí nua, anailísiú & tástáil, oiliúint agus tacaíocht theicniúil. Tháinig bunú gnólachtaí bia nua ó thionscadail a tugadh i gcrích in 2023, chomh maith le táirgí nuálacha nua bia agus dí á seoladh, agus cruthú post á neartú laistigh de thionscal níos leithne an bhia in Éirinn.

## Cumarsáid agus for-rochtain

Fostaíonn Teagasc roinnt mhaith cainéal lena theachtaireacht a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh. Áirítear orthu sin an caidreamh ríthábhachtach idir comhairleoir agus cliant, bíodh sé i suíomh duine le duine nó i bpléghrúpaí, imeachtaí áitiúla agus náisiúnta agus laethanta oscailte, agus foilseacháin spriocdhírithe amhail Today's Farm, Nuachtlitreacha agus T-Research. Is rud fíorthábhachtach agus fíorluachmhar do Teagasc é próifíl ard a bheith aige ag imeachtaí amhail an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Bloom agus roinnt

mhaith seónna eile ar fud na tíre. Sa bhreis air sin, le blianta beaga anuas, tá Teagasc tar éis sraith uirlisí digiteacha a fhorbairt atá ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile. Tá sraith podchraoltaí ar fáil le haghaidh an chuid is mó fiontar, agus DairyEdge ag fáil 7,000 éisteach ar bhonn tráthrialta in aghaidh an eagráin, agus BeefEdge ag gabháil thar 100,000 éisteach go luath in 2023. Tugadh aip nua do Teagasc i gcrích, Teagasc Daily, in 2023, agus soláthraíonn sí sruth nuachta laethúil 365 lá ó cheann ceann na bliana. Ritheann Teagasc roinnt mhaith seimineár gréasáin, leis an tsraith Seimineáir Ghréasáin Comharthaíochta ag fáil tinrimh 300-400 ar an Aoine dá craoladh seachtainiúil. Tá cumas léiriúcháin ag Teagasc anois a bhfuil feabhas mór tagtha air, agus úsáideann sé é ar bhonn fairsing le cáilíocht roinnt mhaith imeachtaí a fheabhsú ó cheann ceann na bliana. Ar deireadh, bíonn Teagasc rannpháirteach ar bhonn onnghníomhach i bhfeachtais amhail Seachtain na hEolaíochta, agus Gradaim Eolaí Óg BT, agus ar an teilifís trí mheán cláir eolaíochta ar nós 10 Things to Know, agus bíonn eolaithe Teagasc ag cur ar bhonn tráthrialta le hailt sna meáin náisiúnta amhail Brainstorm ar RTÉ, chomh maith le gné-ailt ar roinnt mhaith seónna raidió áitiúla agus náisiúnta. Measaimid gur rud tábhachtach é cumarsáid a dhéanamh le réimse éagsúil úsáideoirí deiridh agus an phobail.

## Luachanna, Teagasc Le Chéile, Ionchuimsiú agus Comhionannas idir Fir agus Mná

In 2023, thug Teagasc faoi phróiseas chun sraith nua luachanna a fhorbairt, agus tar éis próiseas a bhí fíor-ionchuimsitheach agus comhairleach, cuireadh na luachanna nua den Urraim, Sláine agus Feabhas faoi bhráid an Údaráis, agus fuair siad formhuiniú iomlán ón Údarás. Bíonn na luachanna sin ag croí ár gcultúir, agus beidh siad mar bhonn faoin iompraíocht a mbeifear ag súil léi laistigh den eagraíocht, agus ina chuid idirghníomhaíochtaí le páirtithe leasmhara.

Is í an láidreacht atá ag Teagasc go gcumasctar a chuid cumas comhairle, oideachais agus taighde, le cúltaca ón fhoirne oibríochtaí den scoth. Tá bealach oibre Teagasc Le Chéile leabaithe inár Luachanna nua, agus is é an teideal é ar an Ráiteas Straitéis reatha. Ag deireadh 2023 tugadh cuireadh do bhaill foirne samplaí a chur faoi bhráid den éiteas oibre 'Teagasc Le Chéile' úd. Fuarthas sé shampla is fiche de thionscadail ina gcuimsítear an béascna Teagasc Le Chéile. Bhí na samplaí sin scaipthe ar fud na heagraíochta le heolaithe, foireann theicniúil, comhairleoirí, speisialtóirí, agus baill foirne oibríochtaí ag obair le chéile chun aschuir eisceachtúla a sholáthar dár gcliaint agus páirtithe leasmhara.

Lean Teagasc ar aghaidh lena chlár gníomhaíochtaí Ilchineálachta agus Ionchuimsithe ó cheann ceann 2023. Chuir an mheitheal a cuid iarrachtaí le chéile le Mí Ilchineálachta agus Ionchuimsithe Teagasc a reáchtáil i mí an Mheithimh. D'idirghníomhaigh os cionn 1,259 mball foirne leis an gclár, ina ndearnadh ceiliúradh ar dhifríochtaí, inar cruthaíodh feasacht níos mó faoi thábhacht an ionchuimsithe, agus trínar cuireadh oideachas ar chomhghleacaithe faoi ábhair ar nós na Néara-ilchineálachta agus an Bhróid. Cuireadh bratacha bróid ar foluain, chaith baill foirne suaitheantais bhróid, agus ghlac comhghleacaithe páirt i seimineáir ghréasáin faoi ábhair na trasinscne agus na néara-ilchineálachta.

D'fhoilsigh Teagasc an dara Tuarascáil maidir leis mBearna Phá idir na hInscní dá chuid, ina léirítear an chaoi ar tháinig laghdú ar an mbearna phá idir na hinscní in Teagasc arís don seachtú bliain as a chéile. In 2017, bhí ár mbearna phá idir na hinscní ag 17%, agus táthar á druidim de réir a chéile chuig bearna 11%, amhail mí an Mheithimh 2023. Leanann Teagasc air ag infheistiú i dtionscnaimh arna leagan amach i bPlean Teagasc um Comhionannas idir Fir agus Mná. Aithníonn Teagasc an ríthábhacht a bhaineann le bheith in ann tallann bhaineann a mhealladh, a fhorbairt, agus a choinneáil, agus go mbíonn feidhmíocht na n-eagraíochtaí a bhfuil foirne bainistíochta atá ilchineálach ó thaobh na hinscne de níos fearr ná na heagraíochtaí nach bhfuil an ilchineálacht sin ag an mbord cinnteoireachta.

Tá ceapadh tuilleadh ban chuig príomhróil bhainistíochta in Teagasc tar éis athrú dearfach a dhéanamh ar struchtúr na heagraíochta agus ar dhinimic na ceannaireachta inti. Chuir sé eiseamláireacha tábhachtacha baineann ar fáil do na baill foirne a roghnaigh chun tús a chur lena ngairmréim in Teagasc. Tá rannpháirteachas níos mó na mball foirne ban le sonrú ar chúrsaí iarchéime, agus tá tuilleadh ban ag teacht chun cinn le haghaidh ainmniúcháin chuig boird stáit. Tá béascna ina bhfeartar fáilte roimh bhaill foirne, go háirithe mná, á chruthú go gníomhach ag Teagasc, ina mbeidh siad ag iarraidh a gcuid gairmréimeanna a fhorbairt, le gur féidir leo a gcumas iomlán a bhaint amach trí arduithe céime a fháil inár n-eagraíocht.

## Ár mbaill foirne agus lucht tacaíochta

Níorbh fhéidir aon cheann de na nithe agus torthaí a baineadh amach do Teagasc cheal ár mball foirne dúthrachtach agus díograiseach a bhfuil tiomantas láidir tugtha acu do shaothar Teagasc agus d'fhorbairt na hearnála agraibhia. Fearacht sin, léiríonn mo chomhghleacaithe san ardbhainistíocht agus ar gach leibhéal den bhainistíocht san eagraíocht tiomantas an-mhór dá bpoist. Gabhaim buíochas leo as sin. Táimse fíorbhuíoch freisin as an tacaíocht ónár gcliaint is feirmeoirí agus sa tionscal bia, ónár mic léinn agus ó gach úsáideoir eile de sheirbhísí Teagasc. Agus ar deireadh, bíonn tacaíocht na Roinne Talmhaíochta agus an Aire agus na nAirí Stáit ríthábhachtach do rath Teagasc, rud a chuireann ar ár gcumas an obair thábhachtach a dhéanaimid chun tacú le hearnáil agraibhia na hÉireann.



Ón gclé an tOllamh Frank O'Mara, An Coimisinéir Eorpach Mairead McGuinness, An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara Charlie Mc Conalogue T.D. agus Marc Fesneau, Aire Talmhaíochta na Fraince ag comhdháil le comóradh a dhéanamh ar 50 bliain de bhallraíocht an Aontais Eorpaigh ag Teagasc Bhaile an Ásaigh i mí Dheireadh Fómhair 2023.

# Comhaltaí Údarás Teagasc



Donald Scully

Líne chúil: Alice Doyle, Liam Herlihy – Cathaoirleach, Liam Woulfe, Martina Donnelly. Líne láir: Helen Sheridan, Elaine Houlihan, Louise Byrne. Líne thosaigh: Vanessa Kiely O'Connor, Elizabeth Reynolds, an tOllamh Thia Hennessy. Comhaltaí Údarás Teagasc sa phictiúr ó mhí na Bealtaine 2024.

# Foireann Ardbhainistíochta Teagasc



**An tOll. Frank O'Mara**
Stiúrthóir



**An tOllamh Pat Dillon**
An Stiúrthóir Taighde



**Stan Lalor**
An Stiúrthóir um Aistriú Eolais



**Alan Phelan**
An Príomhoifigeach Oibriúcháin

# Cairt Eagraíochta



# Oifigí agus Ionaid Teagasc





# Sprioc Straitéiseach 1

## Tacú le feabhsuithe ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar fholláine feirmeoirí.

- Tacú le Feirmeoireacht Inmharthana
- Sláinte agus Sábháilteacht agus Folláine Feirmeoirí a Fhíorú
- Caipiteal Daonna a Fheabhsú (Oideachas)
- Tacú leis an bhForbairt Tuaithe
- Tacú le Forbairt Talmhaíochta Thar Lear

# Tacú le feirmeoireacht inmharthana

## Straitéis Nua Chomhairleach

Rinneadh obair in 2023 chun Straitéis nua don Chlár Comhairleach a fhorbairt. I measc na ngníomhartha atá curtha san áireamh sa straitéis (a chuirfear tús lena cur chun feidhm in 2024, tar éis comhairliúcháin le páirtithe leasmhara) tá athstruchtúrú ar an tseirbhís chomhairleach le cur ar a cumas seirbhís forbartha gnó agus theicniúil níos fearr agus níos spriocdhírithe ar chur ar fáil d'fheirmeoirí.

I bhfianaise na ndúshlán atá os comhair earnáil na talmhaíochta leis an athrú aeráide agus leis an gcáilíocht uisce, i dteannta dhúshláin leanúnacha na hinmharthana feirmeacha thar roinnt mhaith fiontar, aithníodh an gá leis an tseirbhís chomhairleach a athstruchtúrú le bheith in ann tacú le feirmeoirí chun na dúshláin sin a chomhlíonadh.

Is é is aidhm don straitéis fócas na seirbhíse comhairlí a athchothromú le comhairle theicniúil a chur ar fáil le dúshláin earnálacha a chomhlíonadh, agus freisin leis an tacaíocht arna héileamh ag cliaint Teagasc a chur ar fáil timpeall ar iarratais chuig scéimeanna agus comhlíontacht rialála.

## Tacú le feirmeoirí in CBT agus scéimeanna náisiúnta

Leanadh ar aghaidh le rolladh amach Phlean Straitéiseach CBT le linn 2023 le líon mór scéimeanna á seoladh d'fheirmeoirí, arna maoiniú ag an Aontas Eorpach agus an Státchiste Náisiúnta. Bhí 32 scéim dhifriúil ann san iomlán, i dteannta 10 scéim dhifriúla de Scéimeanna Nuachóirithe Talmhaíochta Spriocdhírithe (TAMS) arna seoladh agus/nó i mbun oibre le linn 2023. Chuidigh comhairleoirí agus a bhfoireann tacaíocht le feirmeoirí chun rannpháirt a ghlacadh sna scéimeanna sin.

Fuarthas cead do bhaill foirne bhreise shealadacha ó DAFM in 2022. Bhain ríthábhacht leis sin do sholáthar scéimeanna níos mó lena n-áirítear ACRES, an Phleanáil um Maolú ar Níotráití agus an Phleanáil um Bainistiú Cothaitheach le haghaidh cliaint i rith 2023.

Osclaíodh Tráthchuid II de ACRES ag deireadh an fhómhair. Chríochnaigh Teagasc 2,736 phlean nua. Fuair comhairleoirí oiliúint maidir le measúnú ar fhéarach ionchuir íseal (LIG) agus limistéir chomhair (CP) don scéim, agus bhí siad gnóthach ag tabhairt cuairte ar fheirmeacha i rith an tsamhraidh chun an saothar sin do na 13,037 n-iarratasóir i dTráthchuid I den scéim. Tháinig ualach oibre méadaithe ag tabhairt cuairteanna ar fheirmeacha ó sheoladh an Chórais Faireacháin Achair ag DAFM le grianghraif AgriSnap a ghlacadh chun cineálacha bearrtha agus limistéir thalún a fhíorú.




An comhairleoir Leanne Conaty (sa lár) ó Mhuineachán, in éineacht le Seamus McNally agus lena iníon Julie Mullarkey. Bhunaigh Seamus agus Julie Comhpháirtíocht Feirme Chláraithe in 2019 agus tá siad i mbun déiríochta faoi láthair ag Glasloch i gCo. Muineacháin. Tá siad ag déanamh plé ar a n-iarratas BISS.

# Tacú le feirmeoireacht inmharthana

## Gníomhaíochtaí aistrithe eolais ag comhairleoirí réigiúnacha/speisialtóirí Teagasc in 2023

**43,925**
Líon cliant

**21,382**
Chuairt feirme

**56,464**
Comhairliúcháin thar ghuthán

**17**
Seimineáir ghréasáin

**2,834**
Chruinniú pléghrúpaí

**577**
Agallamh raidió

**731**
Airteagal d'fhoilseacháin réigiúnacha agus náisiúnta

**53,676**
gComhairliúchán oifige

**68**
bhFíseán

## Iarratais ar Scéimeanna Tacaithe

**2,736**
ACRES

**13,037**
Tacaíocht ACRES lena n-áirítear siúl ar LIG

**4,975**
Iarratais ar an Maolú

**2,593**
TAMS

**438**
Cúrsaí ACRES

**11,414**
Líon feirmeoirí oilte

**44,551**
Aighneachtaí faoi Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí

**37**
Cúrsaí um Maolú Níotráití

**9,300 (ca.)**
Pleananna Bainistíochta Cothaitheach

**12,000**
Scéim Farae

# 50 bliain de bhallraíocht san Aontas Eorpach

Reáchtáladh comhdháil le comóradh a dhéanamh ar 50 bliain de bhallraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach agus ar an gcaoi a ndeachaigh sí i bhfeidhm ar an talmhaíocht, ag Lárionad Taighde Teagasc i mBaile an Ásaigh, Co. Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair.

D'fhear Stiúrthóir Teagasc an tOllamh Frank O Mara fáilte roimh na príomhchainteoirí Mairead McGuinness, An Coimisinéir Eorpach don Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Margaí Caipitil; Charlie McConalogue T.D., an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Marc Fesneau, Aire Talmhaíochta na Fraince.

Ag labhair dó ag an imeacht, dúirt an tAire McConalogue an méid seo a leanas; bhí aontachas na hÉireann leis an gComhphobal Eacnamaíoch Eorpach, ar a dtugtar an tAontas Eorpach anois, thiar in 1973 ina thráth na cinniúna do stair ár náisiúin. Is beag imeacht a bhí chomh claochlaitheach leis. Thacaigh muintir na hÉireann go huile is go hiomlán leis an gcinneadh ballraíocht a ghlacadh sa Chomhphobal Eorpach, agus ba é a mhian don tsíocháin, aontú, agus rathúnas comhroinnte ba chúis leis an gcinneadh úd. Na daoine úd a léirigh diongbháilteacht faoi thodhchaí na hÉireann san Eoraip, léirigh siad misneach i bhfís nua dár dtír, mar bhallstát de theaghlach Eorpach níos mó."

Dúirt an tAire Fesneau leis; "Laistigh den Aontas Eorpach, is comhpháirtithe iontaofa iad Éire agus an Fhrainc, go háirithe ó thaobh na talmhaíochta de. Tá an Comhbheartas Talmhaíochta, a tháinig i mbun feidhme thiar in 1962, ar cheann de na beartais is sine san Eoraip, agus tá sé ar cheann de mhór-bhunchlocha an fhorais Eorpaigh. Laistigh den Aontas Eorpach, comhroinneann Éire agus an Fhrainc fís choitianta don talmhaíocht: í a bheith inbhuanaithe, athléimneach agus rathúil, bunaithe ar shamhail na bhfeirmeacha teaghlaigh."

Chualathas ag an gcomhdháil an chaoi ar nuachóiríodh earnáil talmhaíochta na hÉireann, ar meicníodh agus a ndearnadh speisialtóireacht inti ón aontachas leis an Aontas Eorpach i leith.



**Stiúrthóir Teagasc an tOllamh Frank O'Mara (ar dheis) in éineacht leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara an tUas. Charlie McConalogue T.D. (ar chlé), an tUas. Declan Troy Teagasc, agus an tUas. Marc Fesneau, Aire Talmhaíochta na Fraince ag Comhdháil Teagasc faoi 50 bliain de bhallraíocht an Aontais Eorpaigh.**

## FAIRshare

FAIRshare, tionscadal faoi cheannaireacht Teagasc, arna mhaoiniú le Fís 2020 an Aontais Eorpaigh a díríodh ar ghlacadh na dteicneolaíochtaí digiteacha sa talmhaíocht a fheabhsú, tháinig sé chun críche thiar in 2023. ''Rinneadh dul chun cinn nach beag sa tionscadal chun glacadh na n-uirlisí comhairleacha digiteacha ag comhairleoirí feirmeoireachta ar fud na hEorpa a fheabhsú,'' a dúirt bainisteoir tionscadail Teagasc Raquel Caetano Ferreira.

''Mar chuid den tionscadal seo. Bhíomar in ann ríomhairí de chuid 20 comhairleoir a uasghrádú le húsáid uirlisí digiteacha agus seirbhísí comhairleacha (DATS) a dhéanamh níos éasca ar an bhfeirm. D'éascaigh na táibléid d'úsáid tuilleadh DATs, páipéarachas laghdaithe agus rannpháirtíocht fheabhsaithe ag feirmeoirí,'' a dúirt Richard O'Brien Bainisteoir Comhairleach Réigiúnach Teagasc i bPort Láirge agus i gCill Chainnigh.



**An comhairleoir Áine Butler de chuid Teagasc ag úsáid táibléad atá cumasaithe le Bluetooth in éineacht leis an bhfeirmeoir Ruairí Cummins ó Chill Chainnigh.**

## Aistriú Eolais (speisialtóirí)

Tá 70 speisialtóir san iomlán ceangailte leis an gClár Taighde agus Nuálaíochta Ainmhithe agus Féaraigh, leis an gClár Barr, Comhshaoil agus Talamhúsáide, agus leis an gClár Forbartha Geilleagair Tuaithe. In 2023 ghin na speisialtóirí sin na haschuir seo a leanas um aistriú eolas duine le mórán:

| | |
|---|---|
| **Ailt sna meáin** | **268** |
| **Nuachtlitreacha** | **156** |
| **Ailt theicniúla** | **90** |
| **Páipéir chomhdhála** | **64** |
| **Líon uaireanta ar raidió/theilifís** | **254** |

(Is ann dóibh siúd i dteannta gníomhaíochtaí aschuir eolais ag na comhairleoirí réigiúnacha.).

## EUFRAS óg



**Baicle comhairleoirí óga sa phictiúr ag Teagasc Pháirc na Darach, Ceatharlach a ghlac páirt i gClár Oiliúna agus Meantóireachta de chuid Fóram Óige na hEorpa do Sheirbhísí Comhairleacha Talmhaíochta agus Tuaithe (EUFRAS). Sa phictiúr freisin tá baill foirne Teagasc George Ramsbottom, Rachel Clancy agus Michelle Lavelle.**

# Buaicphointí fiontar

## MAIRTEOIL

**Lao Déiríochta go Mairteoil**

Reáchtáladh comhdháil earraigh DairyBeef 500 ag dhá ionad i dTiobraid Árann agus Corcaigh i mí Eanáir le haghaidh feirmeoirí déiríocht ar mian leo níos mó laonna inmhargaidh a tháirgeadh, agus feirmeoirí mairteola ag a bhfuil fiontair laonna déiríochta go mairteoil. Chéimnigh an chéad ghrúpa feirmeoirí ó dhá chúrsa Teagasc faoi lao déiríochta go mairteoil a reáchtáladh mar chuid de Chlár Dairy Beef 500 de chuid Teagasc.

D'fhreastail os cionn 200 feirmeoir ar shiúlóid agus comhdháil feirme náisiúnta ar fheirm Pat Collins lasmuigh de Bhaile na Martra, Co. Chorcaí le breathnú ar chóras ard-aschuir ard-bhrabúsach laonna déiríochta go mairteoil. Príomhghné de chóras mhuintir Uí Choileáin is ea an cion ard d'fhéar innilte ar a mbeathaítear an stoc le linn a saoil.

**Podchraoladh Beef Edge**

Sháraigh podchraoladh Teagasc Beef Edge 100,000 éisteacht go luath in 2023. Chuir feirmeoirí cluas orthu le faisnéis theicniúil thráthúil agus an taighde agus comhairle is déanaí a fháil ó Teagasc agus ó pháirtithe leasmhara sa tionscal.

**Beef-Quest**

Ar bhonn náisiúnta, bíonn an mheánaois ar chríochnú timpeall sé mhí níos moille ná a bhaintear amach ar fheirmeacha taighde agus tráchtála ardfheidhmíochta. Sa tionscadal arna mhaoiniú ag DAFM faoi cheannaireacht Teagasc ar a dtugtar Beef-Quest in 2023 imscrúdófar éifeachtaí an chothaithe, na sláinte agus na dtosca comhshaoil ar an bhfeirm le srian a chur le feidhmíocht fáis ainmhithe agus aois chríochnaithe mart, agus déanfar measúnú ar a dtionchair ar astaíochtaí GCT. Ag obair i gcomhar le Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (ICBF) agus COBÁC, úsáidfear sonraí sa tionscadal seo a bheidh ar fáil laistigh den tionscal chun na fadhbanna sin a fhiosrú.

**Innéacsanna nua pórúcháin eallaigh**

Rinneadh athruithe ar innéacsanna pórúcháin ba diúil in 2023 mar léiriú ar chostais mhéadaithe táirgeachta agus luachanna aschuir ar leibhéal na feirme. Leis na nuashonruithe cinntítear go mbeidh na hinnéacsanna ag teacht níos fearr le heacnamaíocht na dtréithe táirgeachta chun tosca réadúla tráchtála a léiriú. Ba thiar in 2015 í an uair dheireanach a nuashonraíodh na Luachanna Eacnamaíocha sin, agus i bhfianaise na n-athruithe ar phraghsanna, go háirithe ó 2020 i leith, bhain ríghá leis na hathruithe sin.

Cuireadh tréithe carbóin leis mar léiriú ar ''an aird ghéar ar lorg comhshaoil an táirgthe bia'' agus ar impleachtaí eacnamaíocha féideartha na n-astaíochtaí GCT d'fheirmeoirí mart sna blianta amach romhainn. Thug Paul Crosson, ceannaire Fhiontar Mairteola Teagasc míniú ar na hinnéacsanna sin ag Comhdháil Mairteola 2023.

**Comhdháil Mhairteola Teagasc**

Ba é seo a leanas téama na comhdhála: ''Dinitiúir Ghlasa ár nEarnála Mairteola a Fheabhsú'' a reáchtáladh in Óstán an Shearwater, Béal Átha na Slua, Contae na Gaillimhe Dé Máirt 21 Samhain.

Díríodh an chéad seisiún den chomhdháil ar 'Teicneolaíochta Inbhuanaithe a Chur chun Feidhme ar Fheirmeacha Mairteola', agus áiríodh leis láithreoireachtaí ó Paul Crosson, Teagasc na Gráinsí faoi na hathruithe don innéacs pórúcháin mairteola, Ellen Fitzpatrick ó Teagasc Bhaile Chaisleáin Sheáin maidir le córais déiríochta mairteola ionchuir íseal/aschuir ard, agus Maria Guelbenzu ó Animal Health Ireland (AHI) maidir leis Rineatraicéíteas Tógálach Buaibheach (IBR).

Díríodh sa dara seisiún ar 'Ár mBuntáiste Iomaíoch a Mhéadú ar an Ardán Domhanda' le láithreoireachtaí ó Shiobhán Kavanagh ó Chlár Comharthaíochta Teagasc maidir le príomhspreagthaí na nGás Ceaptha Teasa (GCT) ar fheirmeacha mairteola, Anais L'Hote ó Institiúid Beostoic na Fraince maidir leis an bhfeirmeoireacht carbóin, agus Rupert Claxton, ó GIRA (RA), a thug forléargas ar an Margadh Mairteola Domhanda.

**Imeacht Bó Diúil**

An 8 Meán Fómhair reáchtáladh Imeacht Mairteola Fómhair mór ar Aonad Ba Diúil Choláiste Chill an Dátúnaigh. Chonaic os cionn 300 cuairteoir chuig an imeacht feidhmíocht fhisiceach agus airgeadais an tréada ba diúil sheanbhunaithe agus aitheanta ag Cill an Dátúnaigh. Póraíonn an coláiste a bha ionaid féin agus críochnaíonn sé bodóga, bulláin agus tairbh ag aois chuibheasach óg.

Anuas ar an tréad ba diúil a fheiceáil, bhí an deis ag cuairteoirí freisin féachaint ar roinnt taispeántas inar díríodh ar stoc déiríochta mairteola, ar roghnú ainmhithe atá réidh dá marú, chomh maith le fálú atá ábhartha d'fheirmeacha mairteola. Bhí faisnéis ar fáil freisin faoi réimse ceisteanna lena mbaineann tábhacht d'fheirmeoirí mairteola amhail BEEP, SCEP, feirmeoireacht orgánach, foraoiseacht, comharbas, fuinneamh, sábháilteacht feirme agus pórú ó Animal Health Ireland, Bord Bia, agus ICBF.

**Tá feirm an Átha Nua ag bogadh**

Bunaíodh tréad bó diúil an Átha Nua i gcomhpháirt Teagasc agus Dawn Meats in 2015 ar thalamh arna léasú ón IDA gar do Bhaile Átha an Rí. In 2023 d'aimsigh an IDA tionónta nua agus bogadh tréad an Átha Nua chuig suíomh nua i gContae Ros Comáin.

# Príomhchláir

## Future beef

Dírítear sa chlár seo ar tháirgeadh mairteola inbhuanaithe agus ar fheachtais meán lena n-áirítear ailt sna meáin, agus tugtar nuashonruithe tráthrialta ón líonra de 22 fheirm ***Future Beef***

## DairyBeef 500

Tacaítear le feirmeoirí déiríochta lao go mairteoil trí ghrúpaí i ngach ceantar comhairleach, feachtais aistrithe eolais, ardchúrsaí lao go mairteoil agus foilseacháin shaindeartha.

## Grass 10

Cuirtear líon mór cúrsaí oiliúna ar fáil sa chlár seo, nuashonruithe seachtainiúla Grass10, grúp-chruinnithe Grass10 agus comórtas Feirmeoir Féaraigh na Bliana.



An comhairleoir ar an gClár Future Beef Aisling Molloy in éineacht le grúpa feirmeoirí ar fheirm Future Beef in iarthar Chorcaí de chuid William Kingston.

# CAOIRIGH

**Sheep 2023.**

I ndiaidh tréimhse dhúshlánach 18 mí, agus eatramh chúig bliana ón imeacht deireanach de bharr srianta COVID-19, ba dheis mhór í Sheep 2023 don tionscal teacht ar ais chuig gnáthchúrsaí. Ba ríláidir é an mian a léirigh póraitheoirí caorach, agus beagnach 800 caora ar taispeáint thar 30 pór-chumann.

Laistigh den mhéid sin, reáchtáil ocht bpór craobhchomórtas náisiúnta nó Uile-Éireann, agus Cumann Caoirigh Texel na hÉireann ag clárú líon ollmhór iontrálacha de os cionn 260 caora. I measc na bpórtha eile a bhí ar taispeáint an lá: Cumann Caoirigh Bhéal Chláir; Cumann Texel Gorm na hÉireann agus Caoirigh Dassenkop; Cumann Caoirigh Charollais na hÉireann; Cumann Caoirigh Vendéen na hÉireann; Cumann Caoirigh Rouge na hÉireann; Póraitheoirí Hampshire Down Dheisceart na hÉireann; agus Craobh Dheisceart na hÉireann den Chumann Caoirigh Suffolk.

**Spriocanna pórúcháin**

Sheol an tAire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Martin Heydon T.D. luachanna pórúcháin nua le haghaidh caoirigh a bhí dírithe ar astaíochtaí meatáin a laghdú ag imeacht Sheep2023. Leis an bhforás tábhachtach seo cuirtear ar chumas tionscal caoirigh na hÉireann aschur meatáin a laghdú trí mheán géinitice ainmhithe. Tá na luach pórúcháin nua le haghaidh astaíochtaí meatáin bunaithe ar thaighde comhoibríoch idir Teagasc agus Sheep Ireland, agus is cuid iad de thionscadal taighde dar luach €3 mhilliún ar a dtugtar 'GREENBREED', arna chistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

**Clár feirmeacha caorach BETTER**

Tógtar an clár ar chomhoibriú idir feirmeoirí is saorálaithe agus foireann taighde agus chomhairleach Teagasc i gcur chun feidhme agus forbairt teicneolaíochtaí iomchuí lena n-áirítear na cinn seo a leanas: bainistiú féaraigh, modhanna pórúcháin agus táirgthe. Tá gaolmhaireacht ghairid idir pléghrúpaí agus tionscnaimh chomhairleacha eile ina cuid lárnach den phróiseas, agus comhroinneann feirmeoirí BETTER taithí agus torthaí feidhmíochta le grúpaí a thugann cuairt chucu.

Na príomhghnéithe:

- Cuireann feirmeoirí rannpháirteacha taifeadadh feidhmíochta i bhfeidhm d'ainmhithe aonair le haghaidh gach caora ar an bhfeirm, bunaithe ar Aitheantas leictreonach (EID), le cabhair agus treoir curtha ar fáil dóibh ó bhaill foirne taighde de chuid Teagasc. Bíonn sonraí aonair maidir le feidhmíocht caorach (líon áil, básmhaireacht, meáchan ar thabhairt isteach an reithe) agus feidhmíocht uan (lena n-áirítear meáchan breithe uan, ag 7 seachtaine agus 14 sheachtain déag agus arna ndíol) arna mbailiú faoin tréad curtha ar fáil do Teagasc.
- Taifeadann gach rannpháirtí an méid féir a bhíonn le fáil ar an bhfeirm. Coinnítear taifid freisin ar gach teagmhas bainistíochta sa tréad. Déantar feidhmíocht airgeadais feirme a thomhas trí rannpháirteachas sa Suirbhé Náisiúnta ar Fheirmeacha arna oibriú ag Teagasc ionas go dtáirgtear tacar sonraí comhsheasmhach le haghaidh gach feirme.
- Comhroinneann an feirmeoir faisnéis fhisiceach agus ábhartha ó thaobh feidhmíocht airgeadais de le feirmeoirí eile trí phléghrúpaí Teagasc agus cuairteanna eagraithe.

Is feirmeacha Comharthaíochta laistigh de Chlár Comharthaíochta freisin iad gach feirm caorach BETTER.

Dúirt Nóirín McHugh, Teagasc agus an taighdeoir atá i gceann ar an obair sin an méid seo a leanas:

*"Léirítear sa taighde atá bunaithe ar thaifid meatáin faoi os cionn 5,000 ainmhí ó fud na hÉireann go bhfuil éagsúlacht mhór ghéiniteach ann le haghaidh astaíochtaí meatáin sa tréad caorach náisiúnta. Trí mheán na n-innéacsanna €uro-star, tá na huirlisí ar fáil dúinn chun na difríochtaí sin a shaothrú le hainmhithe atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a phórú, gan dul i bhfeidhm go diúltach ar fheidhmíocht agus brabúsacht ainmhí."*




**Sheep 2023**

## DÉIRÍOCHT

**Lá Oscailte Teagasc na Cloiche Léithe**

Is imeacht débhliantúil é Lá Oscailte Déiríochta na Cloiche Léithe ina dtugtar léargas ar gach gné den fheirmeoireacht déiríochta lena n-áirítear bainistiú féaraigh, géinitic ainmhithe, sláinte ainmhithe, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus bonneagar feirme. Ba é an téama a bhain le himeacht 2023 é 'Todhchaí Inbhuanaithe a Shlánú'.

Ó rinneadh an chéad phlé ar bhaint na gcuótaí bainne, tá athrú ó bhonn tar éis teacht ar thionscal na déiríochta. Tharla sé sinn os coinne na géarchéime eacnamaíochta, phaindéim dhomhanda agus cogaidh san Eoraip.

Cuireadh i dtábhacht sa lá oscailte gur rud tábhachtach anois é smaoineamh ar an gcéad chéim eile d'fhorbairt an tionscail déiríochta. Caithfidh forbairtí amach anseo teacht go dlúth leis an Aontas Eorpach agus le cuspóirí beartais náisiúnta. Caithfear aird faoi leith a dhíriú ar na nithe seo a leanas:

- astaíochtaí carbóin laghdaithe
- leas ainmhithe feabhsaithe
- cáilíocht aeir agus uisce níos fearr
- bithéagsúlacht níos mó

I gcomhthráth leis sin, is gá deiseanna gairmréime atá tairbhiúil ó thaobh an airgeadais de a chruthú lena mbainfeadh cothromaíocht mhaith idir obair agus saol.

Cuireadh i dtábhacht in Moorepark'23 na teicneolaíochtaí agus cleachtais éagsúla a bhí ar fáil d'fheirmeoirí mar bhonn faoi dhintiúir eacnamaíocha, comhshaoil agus inbhuaine shóisialta a gcuid feirmeacha.

**Lá Oscailte Náisiúnta Teagasc don Bhainne Geimhridh**

Reáchtáladh Lá Oscailte Náisiúnta Teagasc don Bhainne Geimhridh i gCaisleán Bhaile Sheáin, Contae Loch Garman, Dé Céadaoin 6 Meán Fómhair. Ba é téama an imeachta é ''Córais Bhainne Geimhridh a Sheasfaidh an Aimsir''.

**Seachtain Phóraithe Déiríochta Teagasc**

Tá an séasúr póraithe ar fheirmeacha déiríochta Éireannach tar éis éirí níos cúnga sa tréimhse idir deireadh mhí Aibreáin agus mhí an Mheithimh. D'eagraigh Teagasc agus ICBF sraith 14 imeacht faisnéise le linn 'Seachtain Póraithe Déiríochta' idir Dé Luain 20 Márta agus Dé hAoine 24 Márta. Ba sna himeachtaí ar líne agus ina mbeadh daoine i láthair go pearsanta a fuarthas meabhrúcháin thráthúla d'fheirmeoirí maidir le fadhbanna tábhachtacha géiniteacha agus teicniúla atá mar bhonn faoi shéasúr póraithe déiríochta rathúil.

**Seamhan gnéasaitheanta**

Don séasúr 2023, thosaigh Teicneolaíochtaí Gnéasaitheanta ar a sórtáil in Teagasc na Cloiche Léithe i mí Mheán Fómhair 2022, agus osclaíodh an dara saotharlann ag an Lárionad Pórúcháin Eallaigh Náisiúnta i mí na Samhna den bhliain chéanna. B'ionann comh-aschur an dá shaotharlann don séasúr póraithe 2023 agus isteach is amach ar 230,000 sop. Tá allmhairí breise den seamhan gnéasaitheanta ag teacht isteach ar bhonn leanúnach ó thíortha eile (ón Ríocht Aontaithe agus ón Nua-Shéalainn den chuid is mó), rud a chiallaíonn go raibh timpeall 300,000 sop den seamhan gnéasaitheanta ar fáil le húsáid sa séasúr póraithe 2023.

**Straitéisí Bainsitithe Nítrigine**

D'fhoilsigh Teagasc tuarascáil faoi thionchar na straitéisí bainistíochta éagsúla maidir le cailleadh nítrigine agus faoi thionchar an 5ú Clár Gníomaíochta maidir le Níotráití chun conairí an chaillte a laghdú. Cuireadh tionchar an athraithe beartais ar fheidhmíocht airgeadais na ngnólachtaí déiríochta san áireamh leis an anailís. Sna cásanna is foircní ina rachadh an bhandáil i bhfeidhm ar fheirmeoir, agus ina laghdófaí an teorainn don N orgánach ó 250 go 220kg de N orgánach thiocfadh laghdú ar bhrabúsacht suas le 29%.

**Meatán Intreach**

Sa taighde ag Teagasc rinneadh tomhas díreach ar an méid meatáin a tháirgeann ba déiríochta agus iad i mbun innilte. Tá cineál séasúrach an aschuir meatáin ar féarach le sonrú sna torthaí, agus na luachanna is ísle le feiceáil i dtréimhse an earraigh. Baineann an líon níos ísle astaíochtaí de mheatán intreach a fheictear san earrach le méadú ar cháilíocht na mbáinseach sa tréimhse chéanna, agus leibhéil ísle snáithíní le fáil uathu.

Amach sa séasúr innilte tagann méadú ar an aschur meatáin i gcomhréir le meath ar cháilíocht an fhéir. Ar charnadh gach sonra dá bhfuil ar fáil ó thurgnaimh arna stiúradh faoi dhálaí innilte Éireannacha, is ísle an fachtóir tiontúcháin meatáin 11.5% ná mar a úsáidtear faoi láthair laistigh den fhardal náisiúnta gás ceaptha teasa.

**Comhchláir Dhéiríochta**

Oibríonn Teagasc ocht gclár chomhairleacha don déiríochta faoi láthair i gcomhar leis na mórchuideachtaí próiseála bainne, rud a chruthaíonn modh teagmhála díreach le tuairim is 90% d'fheirmeoirí déiríochta ar bhonn náisiúnta. Tá difríocht bheag le sonrú idir struchtúir na gclár aonair, ach tá siad go léir bunaithe ar an tsamhail baill foirne chomhairleacha Teagasc a chur ar iasacht le hobair go díreach agus go heisiach le soláthróirí bainne chomhpháirtí an chláir. In 2023, rinne dhá phróiseálaí mhóra (Aurivo Co-Op agus Kerry Co-Op) athnuachan ar chomhaontuithe le Teagasc, ag síneadh chuig isteach is amach ar 4000 soláthróir bainne san iomlán.

I measc ghníomhaíochtaí na gcomhchlár in 2023 tá imeachtaí feirme agus seimineáir ghréasáin, ceardlanna dírithe ar ábhair shainspéise, tacaíocht agus oiliúint d'iontrálaithe nua agus le déanaí sa bhainne, comhairle theicniúil/ forbartha do sholáthróirí, chomh maith le nuashonruithe agus nuachtlitreacha ar bhonn rialta. Cuireadh os cionn 100 imeacht feirme san iomlán ar bun mar chuid de na comhchláir i rith 2023, chomh maith le tacú le tuairim is 85 phléghrúpa déiríochta.

Príomhghné de gach clár is ea an comhordú ar líonra feirmeacha monatóireachta mar mhodh fairsingithe. In 2023, ghlac os cionn 80% d'fheirmeacha monatóireachta comhchláir rannpháirt sa chlár Feirmeacha Comharthaíochta. Cuireadh céimeanna i bhfeidhm agus rinneadh monatóireacht orthu sin ar na feirmeacha sin chun astaíochtaí gásacha a laghdú, iarmhéideanna N ar bhonn feirme a laghdú, agus an bhithéagsúlacht a fheabhsú, i gcomhthéacs feirmeacha déiríochta atá inmharthana ó thaobh an airgeadais de a oibriú.



**Laurence Shalloo ag tabhairt aithisc ar roinnt den slua ollmhór ar Lá Oscailte Teagasc na Cloiche Léithe.**

## Comórtas Grianghraf

**Cuireadh comórtas grianghraf 'Seo í an Déiríocht' ar siúl ag druidim le Lá Oscailte Teagasc na Cloiche Léithe 2023.**

Ba é ba chuspóir leis an gcomórtas grianghraf spreagadh a thabhairt d'fheirmeoirí íomhánna dearfacha a chomhroinnt de na ghnéithe is mór leo faoin déiríocht, leis an iliomad cúiseanna a thaispeáint gur gairmréim mhealltach í an déiríocht.



## BARRA

**Lorg carbóin**

Go dtí seo, rinneadh meastachán ar lorg carbóin an ghránaigh le samhlacha uilíocha, ach ní hionann aon cheann de na huirlisí sin agus earnáil churaíochta na hÉireann, rud a bheidh dúshlánach don earnáil chun sonraí iontaofa a chur ar fáil maidir le lorg carbóin an ghránaigh.

Tá taighdeoirí Teagasc tar éis samhail mheasúnaithe saolré (LCA) shaincheaptha a fhorbairt atá dírithe ar lorg carbóin ghránaigh na hÉireann. Cloíodh sa tsamhail leis na caighdeán idirnáisiúnta, agus rinneadh astaíochtaí a ríomh ó ghníomhaíochta feirme agus seachfheirme (m.sh. monarú leasachán) go dtí gur díoladh na gránaigh ón bhfeirm.

D'úsáid siad taighde Teagasc le hastaíochtaí talmhaíochta agus ceapadh carbóin a chinneadh. Cuireadh an tsamhail nua LCA do ghránaigh i bhfeidhm i gcomhar le Comharchumann Tirlán leis an gcéad anailís ar lorg carbóin a dhéanamh ar ghránaigh a fhástar in Éirinn. Bailíodh sonraí gníomhaíochtaí ó 48 saothróir a bhí ina shampla ionadaíoch ar 1,100 saothróir gránaigh de chuid Chomharchumann Tirlán in 2022.

Léiríodh sna torthaí go raibh loirg charbóin chomhlána ag barra coirce, cruithneachta agus eorna Chomharchumann Tirlán fíor-íseal i gcomparáid le réigiúin arúla eile san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh. Agus cur an chocháin leis an ithir á chur san áireamh, laghdaíodh i samhail gránaigh LCA Teagasc na luachanna lorg carbóin do choirce, agus tugadh barra roinnt saothróirí chuig astaíochtaí glan-nialasacha nó faoina mbun.

Comhtháthófar aschur an taighde sin le AgNav, a thacóidh ar a sheal féin le margaíocht a dhéanamh ar bhia agus comhábhair bheatha arna dtáirgeadh in Éirinn.

**Lá Oscailte Barr Teagasc**

Is bunchuid den dul i ngleic leis na dúshláin atá amach romhainn é tacú le hearnáil na curaíochta trí aistriú eolais le tacaíocht ón taighde. B'in í an teachtaireacht ag Lá Oscailte Barr agus do Shaothrú Barr Cumhdaigh in Teagasc Pháirc na Darach an 21 Meitheamh. Léiríodh in os cionn 80 taispeántas taighde an clár taighde leanúnach atá ag Teagasc le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

**Grúdaireacht**

Is in Oirdheisceart na hÉireann atá príomhlimistéar táirgthe an ghránaigh don earnáil deochanna. Is ann a fhaightear braisle náisiúnta grúdlann, drioglann agus tithe braiche freisin, chomh maith le clár amháin céime onóraí ***ab initio*** na tíre sa Ghrúdaireacht agus Driogadh ag Ollscoil Theicniúil an Oirdheiscirt.




I measc na sínitheoirí le comhoibriú straitéiseach idir Teagasc agus SETU le feabhas a chur ar earnáil mhéadaitheach Brachaidh, Grúdaireachta agus Driogtha in Éirinn tá: Tom O'Toole, Leasuachtarán Feidhmeach don Taighde ag SETU agus John Spink, Ceann Comhshaoil, Barr agus Talamhúsáide ag Teagasc. Sa phictiúr freisin tá David Ryan, Allison George, David Phelan, Sinéad Morris, Lisa Ryan, Stephen Foster agus Ben Ogilvie mar ionadaithe do SETU agus Teagasc.

**Fóram Barr**

Rinneadh plé i bhFóram Barr Teagasc dar theideal 'Todhchaí na Feirmeoireachta Curaíochta in Éirinn a Léarscáiliú' ar na fadhbanna agranamaíocha is déanaí atá os comhair feirmeoirí, agus freisin conas todhchaí an tionscail curaíochta a mhúnlú. Tharla sé mar imeacht hibrideach, in Óstán Chill Uasaille, An Nás, Contae Chill Dara, agus mar sheimineár gréasáin beo freisin.

## Feirmeoir féaraigh na bliana




**Is é Buaiteoir Iomlán an ghradaim don Fheirmeoir Féaraigh Inbhuanaithe na Bliana in 2023 é an feirmeoir déiríochta Patrick O'Neill ó Chontae an Longfoirt. Tá sé sa phictiúr ag fáil an ghradaim ó Teagasc, Béal Átha hÉis ó Charlie McConalogue T.D. An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Sa phictiúr freisin tá Tom O'Neill, Seán O'Neill agus Michelle O'Neill.**

### Taighde nua

D'fhógair an tAire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le freagracht speisialta as taighde agus nuáil, Martin Heydon T.D. dámhachtainí dar luach os cionn €4.2 milliún le haghaidh 19 dtionscadal taighde ghearrthéarmacha ina ndéantar scrúdú sonrach ar éilimh bheartais agus straitéiseacha atá ag teacht chun cinn sna hearnálacha agraibhia, foraoiseachta agus bith-gheilleagair.



**Ceann Chlár Comhshaoil, Barr agus Talamhúsáide Teagasc John Spink (ar dheis) agus Oifigeach Taighde Stephen Kildea (ar chlé) ag cur Minister Heydon (sa lár) ar an eolas faoin saothar a dhéanfar ar thrí thionscadal taighde arna ndámhachtain ar Teagasc Pháirc na Darach.**

## MUCA

**Clár Comharthaíochta**

Léiríodh úsáid an sciodair ó mhuca ar bharra gránaigh ar fheirm Mattie Moore ar saothróir muc/gránach agus feirmeoir Comharthaíochta Teagasc é. In 2023 leath sé sciodar thar bharra geimhridh agus iad ag fás, agus rinne sé an sciodar a ghrafadh san ithir freisin sula ndearna sé treabhadh agus cur ag tús mhí Aibreáin le haghaidh bharr eorna earraigh.

Is céim í úsáid an sciodair ar bharr atá ag fás agus ag teacht aníos san earrach chun feabhas a chur ar úsáid Nítrigine, Fosfair agus Potaisiam ón sciodar. Tá sé d'aidhm ag muintir Moore a n-úsáid fhoriomlán den N, P agus K ó fhoinsí ceimiceacha a laghdú, agus iad a ionadú leis na cothaithigh sa sciodar muc.

**Printíseacht Feirme**

Tionscnaíodh Cúrsa Teicneoirí Muc i bhfoirm Phrintíseacht Feirme in 2023. Tá printíseacht i mBainistiú Feirme Muc ceaptha le teacht ina dhiaidh sin in 2024.

**Laethanta oscailte taighde**

Timpeallacht na Muc a Bhainistiú; Galair a Bhainistiú; Bainistiú agus Cothú Réamhscoite agus Iarscoite a Fheabhsú; Bainistiú agus Beathú ar Fhás / Chríochnú Muc; Dúshláin Inbhuanaitheachta a Shásamh - b'in iad na téamaí ag laethanta oscailte in Teagasc na Cloiche Léithe agus Bhéal Átha hÉis.

**Úsáid ábhar frithmhiocróbach a laghdú**

Tháinig feabhas leanúnach ar laghdú an méid ábhar frithmhiocróbach ar fheirmeacha mua in 2023. D'fhorbair Rannóg Forbartha Muc Teagasc an bunachar sonraí píolótach (arna úsáid ag DAFM faoi láthair); tháinig laghdú ar úsáid ábhar frithmhiocróbach ón taighde agus comhairle ó 105mg/kg in aghaidh na feola arna táirgeadh (thiar in 2020) chuig 49mg/kg muiceola arna táirgeadh (in 2023).

### Ionduchtú forine




**Sa phictiúr ag seoladh an mhodúil nua de chuid Teagasc 'Modúl Ionduchtúcháin do Bhaill Foirne Muc' bhí: Ó chlé go deas Ciarán Roche, FBD; Aisling Holmes, Teagasc; Ciarán Carroll, Teagasc; Philip O'Brien, táirgeoir muc; Tomás Ryan, Teagasc; Amy Quinn, Teagasc; agus Pat Griffin, HSA.**




**Sa phictiúr tá Sean Creamer, Béal an Átha Mhóir, Co. Liatroma, buaiteoir Ghradam Foraoiseachta Feirme Teagasc 2023 RDS ag fáil a ghradaim ón Aire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Pippa Hackett agus ó Stan Lalor, Stiúrthóir Teagasc don Aistriú Eolais. Sa phictiúr freisin tá John Dardis, Uachtarán an RDS.**

## FORAOISEACHT

### Clár Foraoiseachta 2023 – 2027

Le haird a dhíriú ar sheoladh an Chláir Foraoiseachta 2023 – 2027 i mí Mheán Fómhair, d'eagraigh Teagasc Seimineár Gréasáin Foraoiseachta chun an clár nua foraoiseachta a chur chun cinn. Craoladh ó stiúideo Teagasc i bPáirc na Darach é. Chláraigh os cionn 800 le freastal ar an seimineár gréasáin lenar áiríodh aitheasc tosaigh ón Aire Pippa Hackett.

### Scéim Foraoisithe

D'eagraigh Teagasc sraith náisiúnta 20 cruinniú faisnéise le feasacht a mhúscailt agus an Scéim Foraoisithe Nua 2023-2027 a chur chun cinn. D'fhreastail os cionn 930 air.

### Cumarsáid agus Meáin

Sna réigiúin Teagasc rinne baill foirne foraoiseachta os cionn 500 cuairt chomhairleach, 144 chomhairliúchán oifige, thug siad aghaidh ar bheagnach 2,000 fiosrú r-phoist agus os cionn 4,500 fiosrú fóin.

Tugtar le fios ó Google Analytics go bhfuil líon ard cuairteoirí fós ag díriú ar rannóg foraoiseachta láithreán gréasáin Teagasc, agus méadú ag teacht ar an trácht faoi thuairim is 37% in 2023.

Faoi dheireadh 2023, bhí 6,128 nduine tar éis síntiús a ghlacadh le Teagasc Forestry eNews. Craoladh deich r-Nuachtlitir Foraoiseachta Teagasc le linn 2023. Foilseachán 60 leathanach atá in ''Your tree planting companion'' a scaoileadh in 2023. Is ann a thugtar an léitheoir ar aistear trí na príomhchéimeanna chun crainn a phlandú go rathúil, agus aire a thabhairt dóibh, gan beann ar an gcomhthéacs, scála ná cuspóirí. Is rud áisiúil é sin d'úinéirí talún a bhíonn ag lorg faisnéise faoi chrainn a bheadh oiriúnach do chineálacha suíomhanna, i gcomhthéacs an NTA agus bearta plandaithe crainn in ACRES.

### Talking Timber 2023

Is é Talking Timber imeacht Teagasc don mhargaíocht adhmaid bhuaircínigh, agus tá sé ar siúl inniu, Dé Máirt 23 Bealtaine i mBaile Átha Luain. Déantar taiscéaladh sa téama i mbliana dar teideal ***"Planning towards Sustainable Timber Production"*** ar dheiseanna, agus tugtar dúshlán d'úinéirí foraoise faoin gcaoi ar féidir leo a gcuid bainistíochta agus pleanála straitéisí a chur in oiriúint leis an adhmad a fhás go hinbhuanaithe, a bhaint agus a dhíol sa deireadh thiar.

### Taighde faoin bhforaoiseacht

**Leanann taighde foraoiseachta**Teagasc air ag díriú ar chranneolaíocht na gcrann leathanduilleach agus buaircíneach, pórú agus géinitic crann, rangú suíomhanna agus tacaíocht don bheartas foraoiseachta. Clúdaítear leis roinnt mhaith gnéithe de thimthriall foraoise idir síológ agus min sáibh. Déantar an taighde i lárionaid taighde de chuid Teagasc i saotharlanna agus saoráidí saothraithe úrscothacha ar fhoraoisí feirme faoi úinéireacht phríobháideach ar fud na hÉireann.

## GAIRNEOIREACHT

**Sláinte plandaí**

Mar cheiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta na Sláinte Plandaí 2023, d'óstáil Garraithe Náisiúnta na Lus imeacht, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus le Coláiste Gairneoireachta Taitneamhachta Teagasc chun feasacht a mhúscailt faoin gcaoi ar féidir le gach duine a chuid féin a dhéanamh chun sláinte plandaí a chosaint ar lotnaidí a thugtar isteach.

**Bainistíocht Chomhtháite Lotnaidí**

Is cur chuige iomlánaíoch é Bainistíocht Chomhtháite Lotnaidí (IPM) a úsáidtear le lotnaidí i dtáirgeadh barr a bhainistiú. Cuirtear san áireamh ann córas lánbharr, agus tá sé bunaithe ar réimse leathan teicnící agranamaíocha, monatóireachta, fisiceacha agus bitheolaíochta. Is córas bainistíochta lotnaidí oiriúnach é, ní hamháin i bhfianaise an spriocann in Feirm go Forc, ach de réir mar a thiocfaidh méadú ar líon na lotnaidicídí a tharraingítear siar, agus óir is minic a thagann frithsheasmhacht de thoradh ar éifeacht iarmhartach an laghdaithe ar éagsúlacht ceimiceán.

Sheol Teagasc suirbhé ar IPM i ngairneoireacht bia na hÉireann, lena n-áirítear prátaí. Tá an suirbhé seo mar chuid de thionscadal taighde níos leithne a bhfuil sé d'aidhm leis cineál agus méid na straitéisí IPM atá á n-úsáid faoi láthair i dtáirgeadh barr in Éirinn. Déanfar scrúdú sa tionscadal ar thionchar na gcleachtas bainistíochta lotnaidí ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus chomhshaoil ar ghairneoireacht na hÉireann. Tagann sé ag am na cinniúna do shaothróirí, i bhfianaise na sprice laghdú 50% ar úsáid ceimiceán faoi 2030 a cuireadh san áireamh sa Straitéis Feirm go Forc, agus spriocanna a bhaineann le héagsúlú barr sa Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023.

**Rialú Meicniúil Lotnaidí**

Tá éileamh ag dul i méid ar uirlisí bainistíochta lotnaidí neamhcheimiceacha le haghaidh táirgeadh barr inbhuanaithe. Tá forbairtí suntasacha ag tarlú i dteicneolaíocht na gcóras rialaithe lotnaidí i measc roinnt de na monaróirí forásacha. Bhí deis leis an imeacht sin ag Teagasc Pháirc na Darach le féachaint ar thaispeántais bheo maidir le rialú meicniúil lotnaidí i mbarra glasraí.



**Baill foirne Teagasc sa phictiúr ag taispeántas gairneoireachta Teagasc 'Planting Knowledge, Cultivating Growth' le linn Bloom 2023. Is iad baill foirne Teagasc atá sa phictiúr ó chlé go deas: Ewen Mullins, Brian McGuinness agus Casey Ormsby (ró tosaigh); Yvonne Maher, Deirdre Walsh, Dónall Flanagan agus Grace Kiernan (ró láir); Chris Heavey, Orla O'Halloran, Dermot Callaghan, John Mulhern, James Brady, Paul Butler, Eamon Kealy agus Oliver Sheridan (ró cúil).**

## Intleacht Shaorga

Tá Institiúid Náisiúnta Tyndall, i gcomhpháirt le Teagasc, i mbun tionscadal taighde comhoibríoch Eorpach a stiúradh ar a dtugtar 'HALY.ID', arb éard is aidhm dó monatóireacht agus bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar ***Halyomorpha halys*** (HH), an fhríd bhréan Áiseach, ar speiceas feithidí an-ionrach é. Úsáidtear an tionscadal seo leis an teicneolaíocht dróin agus leis an Intleacht Shaorga leis an bpróiseas monatóireachta a uathoibriú, a ndearnadh bainistiú de láimh air ar bhonn traidisiúnta.

Is fríd scéithe ionrach é ***Halyomorpha halys*** (HH) atá ina fheithid dhúchasach in Oirthear na hÁise, atá braite san Eoraip agus roinnt braití fánacha di sa Riocht Aontaithe ó 2018 i leith. Is cúis imní í an fhorbairt sin óir is féidir leis an bhfeithid torthaí míchumtha a ghiniúint le linn di beathú, agus d'fhéadfadh sí damáiste a dhéanamh do líonta suntasacha barr crainn torthaí, chomh maith le roinnt barr glasraí agus arúil.



# An Fheirm Theaghlaigh a Aistriú







Sa phictiúr ag Ceannoifig Teagasc ag seoladh na sraithe Clinicí faoi Aistriú na Feirme Teaghlaigh bhí James McDonnell, Speisialtóir Teagasc sa Bhainistíocht Feirme agus an tOllamh Frank O'Mara, Stiúrthóir Teagasc in éineacht le Tom Curran, Ceann Seirbhísí Comhairleacha, Teagasc; agus Bainisteoirí Réigiúnacha Teagasc, Richie O'Brien, Port Láirge/Cill Chainnigh; Majella Moloney, Luimneach/Ciarraí; Pat Clarke, Gaillimh/An Clár; Tom Kellegher, Ros Comáin/An Longfort; Grainne Hurley, Iarthar Chorcaí agus Con Feighery, an Iarmhí/Uíbh Fhailí/an Cabhán/Muineachán. Pictiúr le Karl McDonough Photography

# Sláinte agus Sábháilteacht agus Folláine Feirmeoirí a Shlánú

## Sábháilteacht agus sláinte

In 2023, tharla 16 thionóisc mharfacha ar fheirmeacha, ba mhéadú é sin ar an mbliain roimhe sin (13) ach ba laghdú é ar an meán chúig bliana (17.8).

## Taighde

Is é Teagasc an Ceannaire Tionscadail ar thionscadal sláinte agus sábháilteachta de chuid Fís an Aontais Eorpaigh dar luach €4.8 milliún (ar a dtugtar an t-acrainm Safe Habitus, 2023) arb é a chéad bhliain de thionscadal cheithre bliana é. Le linn 2023, críochnaíodh dhá staidéar PhD agus Máistreacht amháin mar chuid de dheontas arna mhaoiniú ag DAFM (ar a dtugtar Be Safe mar acrainm). Foilsíodh ceithre pháipéar eolaíochta piarmheasúnaithe maidir leis an tsláinte agus sábháilteacht sa talmhaíocht le comhúdair de chuid Teagasc.

## Aistriú Eolais

Tugtar modúl Sláinte agus Sábháilteacht Feirme do gach mac léinn de chuid Teagasc a dhéanann staidéar ar an Teastas i dTalmhaíocht agus ar chúrsaí tríú leibhéal (agus líon iomlán na mac léinn ag tuairim is 6,000).

Cuireadh oiliúint ar shé bhall foirne is tríocha de chuid Teagasc chun cúrsaí leathlae a thabhairt d'fheirmeoirí is aosaigh ar chríochnú agus chur chun feidhme an Doiciméid Measúnaithe Riosca maidir le Sábháilteacht ar an bhFeirm is gá le haghaidh tarraingt anuas an deontais TAMS3 de chuid DAFM.

Foilsíodh sraith Preaseisiúintí do na Meáin (24), ailt in Teagasc Daily (36) chomh maith le hailt in iris Teagasc, Today's Farm, agus Nuachtlitir, Meáin Shóisialta agus Seimineáir Ghréasáin freisin.

Reáchtáladh mórthaispeántais Sláinte agus Sábháilteachta ag Imeachtaí Náisiúnta Teagasc sa Déiríocht, Caoirigh agus Curaíocht.

Chomhoibrigh aonad Sláinte agus Sábháilteachta Teagasc leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun cúrsa r-Fhoghlama a fhorbairt maidir le sábháilteacht beostoic d'fheirmeoirí a ghlac rannpháirt sa Chlár um Éifeachtúlacht Bó Diúil ó thaobh Carbóin de (SCEP).

Léiríodh físeán dar theideal ***'Managing Health and Safety'*** in 2023, agus ag cur le seacht gcinn a críochnaíodh in 2022 leis an tsraith a chur i gcrích. Ba é Teagasc i gcomhar le FBD Insurance agus an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirme a léirigh na físeáin.

Leithdháil an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tuairim is €0.5m do Teagasc as 11 Ionsamhlóir Breithe Lao do Bhuaibhigh agus 11 Ionsamhlóir Insteallta Buaibhigh a sholáthar. Feabhsófar leo sin an oiliúint i sábháilteacht beostoic in earnáil na talmhaíochta.




An tAire Martin Heydon T.D. ag labhairt le Shirley Stanley (Eiréil), Port Laoise, Co. Laoise faoin tábhacht a bhaineann le leanaí a choinneáil slán sábháilte ar an bhfeirm ag Sheep 2023, ar imeacht mór don tionscal caorach é a tharla ag Coláiste Talmhaíochta an Ghoirtín. Sa phictiúr freisin tá John McNamara agus Francis Bligh speisialtóir Sláinte agus Sábháilteachta in Teagasc.

# Caipiteal daonna a fheabhsú (Oideachas)

**In 2023 sheol Teagasc Cláir Phrintíseachta nua sa talmhaíocht:**

Seo thíos na cláir sin:

- Teicneoir Feirme (Ardleibhéal 6) – 2 bhliain
- Bainisteoir Feirme (Gnáthleibhéal Bunchéime 7) – dhá bhliain




**D'fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ag an am Simon Harris T.D. seoladh dhá phrintíseacht feirme nua ag Teagasc Pháirc na Darach.**



**Printíseacht mar Bhainisteoir Feirme: Lisa Clark**

Bainisteoir feirme is printíseach: Dúirt Lisa Clark an méid seo a leanas: "Braithim gur teagasc atá sa phrintíseacht bainisteora feirme conas obair ar fheirm agus beostoc a thógáil chomh maith agus is féidir leat, ach freisin chun dua breise a chur isteach trí bhreis freagrachta a ghlacadh. Múintear freisin duit conas gnó feirme inmharthana a thógáil trí thiomantais dhlíthiúla, airgeadais agus eacnamaíocha a ghlacadh chugat féin de réir mar is gá chun feirm déiríochta rathúil a choinneáil ar bun."



Deir an fostóir Páidí Kelly (ar chlé) go mbaineann sé fíorthaitneamh as an bpróiseas ag tabhairt meantóireachta do phrintísigh is Teicneoirí Feirme cosúil le James Ryan.



D'fhógair an tAire Stáit le freagracht as Sábháilteacht Feirme ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Martin Heydon T.D. seoladh 11 ionsamhlóir breithe lao agus 11 ionsamhlóir insteallta lena n-úsáid i gcoláistí talmhaíochta agus lárionaid taighde agus nuálaíochta Teagasc. Sa phictiúr leis an Aire Heydon tá Anne-Marie Butler, Ceann Oideachais, Teagasc; Jonathan Keneally, Teicneoir, Coláiste Talmhaíochta Teagasc Chloich na Coillte, agus an tOllamh Frank O'Mara, Stiúrthóir Teagasc

## Is é Danny Doyle Buaiteoir an Ghradaim Teagasc/FBD Mac Léinn na Bliana in 2023

Danny Doyle ó Ráth Iomgháin, Contae Chill Dara is ea buaiteoir foriomlán an ghradaim Teagasc/FBD Mac Léinn na Bliana in 2023. Ba é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D. a bhronn na Gradaim i gContae Laoise Dé Máirt 21 Bealtaine.

Bronnadh na gradaim, arna n-urrú ag FBD, ar na céimithe is fearr ó Teagasc Leibhéal 6 i gcláir oiliúna sa talmhaíocht, gairneoireacht, eachaíocht agus foraoiseacht in 2023.

Chríochnaigh Danny Doyle Teastas Leibhéal 5 sa Talmhaíocht, agus ansin chríochnaigh sé Ardteastas Leibhéal 6 i mBarra agus Innealra ag Coláiste Talmhaíochta Teagasc Chill an Dátúnaigth i mBaile an Phoill, Co. Chill Chainnigh. Tá sé ina fheirmeoir anois i dteanna a chuid tuismitheoirí ar fheirm mhórscála churaíochta gar do Ráth Iomgháin i gContae Chill Dara. Anuas ar bhuachan an ghradaim Teagasc/FBD Mac Léinn na Bliana 2023 d'éirigh leis sa ghradam do Chatagóir na Talmhaíochta Lánaimseartha.



# Caipiteal daonna a fheabhsú (Oideachas)

## Soláthar Oideachais Teagasc 2023




Comhpháirteanna* 171

Lánaimseartha 1,005

Páirtaimseartha 563

Printísigh 52

Cianoideachas 2,095

**1,322**
Rannpháirtíocht Ardoideachais atá Nasctha le Teagasc

ATU/DkIT/MTU/SETU/TUS/COC/COBÁC

**16** Roinnt Cúrsaí Breisoideachais ar fáil

11x Chúrsa Leibhéal 6

5x Chúrsa Leibhéal 5

**4** Roinnt Clár Printíseachta Ardoideachais ar fáil

Leibhéal 6 Cláir x3

Leibhéal 7 Cláir x1

**25** Suíomh Oiliúna

7 Coláistí

17 Ionaid Réigiúnacha

An Chloch Liath (PDDFM)

**4,744** Foghlaimeoirí a fuair Dámhachtain QQI



75% Fireann

25% Baineann

***Tagraítear le comhpháirteanna do mhic léinn a dhéanann modúl laistigh de chúrsa.**




**Sa phictiúr ag síniú comhaontú oideachasúil le Teagasc tá (ó chlé go deas): An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D.; an tOllamh Frank O'Mara, Stiúrthóir Teagasc; A Shoilse Vincent Guérend, Ambasadóir na Fraince chun na hÉireann agus Marc Fesneau, Aire Talmhaíochta agus Biafhlaithis na Fraince.**

# Tacú leis an bhForbairt Tuaithe

## Feirmeoireacht orgánach

Agus méadú suntasach tagtha ar na híocaíochtaí chun rannpháirteachas a mhéadú san fheirmeoireacht orgánach chun rannchuidiú le spriocanna náisiúnta Aeráide a bhaint amach, chuaigh 2,000 feirmeoir isteach sa Scéim Feirmeoireachta Orgánaí in 2023. Bhí gá le hiarracht ollmhór leis sin chun cúrsaí QQI 20 uair an chloig i bPrionsabail na Feirmeoireachta Orgánaí a sholáthar do na hiontrálaithe nua.

Lean an tsraith earraigh agus fómhair de na seimineáir ghréasáin 'Let's Talk Organic' ar aghaidh, i dteannta Siúlóidí réigiúnacha ar Fheirmeacha Orgánacha agus foilsiú na r-Nuachtlitreach Orgánaí ar bhonn ráithiúil. Cuireadh méadú leis an Aistriú Eolais trí líon comhoibrithe earnálaigh.

Déantar monatóireacht sa chlár náisiúnta chúig bliana Growing Organics ar phríomh-mhéadracht eacnamaíoch agus comhshaoil ar 12 fheirm oibre taispeántas, i gcomhar leis an Aonad Orgánach in DAFM. Rinne Teagasc, National Organic Training SkillNet (NOTS) agus Comhlachas na gComhairleoirí Talmhaíochta (ACA) comhoibriú freisin chun leabharlann físeán a léiriú maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach.

Slánaíodh an cistiú trí ghlao DAFM maidir le Cur chun Cinn na Feirmeoireachta Orgánaí le tabhairt faoi staidéar ar ról na nEagraíochtaí Táirgeoirí in Éirinn. Tháinig cistí de thoradh Ghlao Spreagthaigh DAFM don tionscadal Córais Athléimneacha san Fheirmeoireacht Orgánach a Fhás (GROFarmS), ina ndéanfar taighde ar chórais orgánacha críochnaithe mairteola agus caorach in Teagasc na Gráinsí, Bhaile Átha an Rí agus ar fheirm Chill Damháin ag Caisleán Bhaile Sheáin a bhfuiltear á tiontú chuig an bhfeirmeoireacht orgánach.

Baileofar sonraí mar chuid den tionscadal le haghaidh táscairí um inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus chomhshaoil d'fheirmeacha orgánacha, agus áireofar leis freisin saothar le comhpháirtithe Eorpacha chun modheolaíochtaí agus ábhair nua Aistriú Eolais a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

**Taighde sa mhairteoil orgánach**

Tiocfaidh méadú sa deireadh thiar ar infhaighteacht na mairteola orgánaí ar fheirmeacha Éireannach de bharr an mhéadaithe ar iontrálaithe nua san fheirmeoireacht orgánach. Is sean-nós é atá tar éis forbairt gur 'sceith' suas le 30% den mhairteoil orgánach sin isteach san córais thraidisiúnta.

Ceann de na príomhchodanna de thionscadal Gro-FarmS arna chistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Teagasc, a bhfuiltear á dhéanamh i gcomhar le COBÁC, is ea chun treoirlínte soiléire a fhorbairt le haghaidh córais críochnaithe mairteola orgánaí atá éifeachtúil agus brabúsach.

I measc na bpríomhábhar machnaimh tá na cinn seo a leanas: rátaí fáis saolré a bharrfheabhsú chun meáchan conablaigh / scóir shaille sprice a bhaint amach a luaithe is féidir (i.e. aois mharaithe 'óg'); dóthain foráiste a tháirgeadh lena mbaineann cáilíocht chuibheasach ard in éagmais leasachán neamhorgánach; allmhairiú dlúthbhianna forlíontacha a íoslaghdú; agus na leibhéil is airde sláinte agus leasa ainmhithe a chothabháil, le húsáid íosta a bhaint as ábhair fhrithmhiocróbacha.

Beidh an fheirm 40ha ag Cill Damháin i gCaisleán Bhaile Sheáin i gCo. Loch Garman ag ullmhú le haghaidh tiontú orgánach i samhradh 2024, roimh an gcéad teacht isteach de laonna scoite ar an bhfeirm san fhómhar. Coinneofar na laonna scoite sin ar an bhfeirm agus iad go dtína marú. Cuirfear idir phórtha mairteola luathfh
áis agus mallfháis sna trialacha.

Déanfar meastóireacht sa tionscadal Gro-FarmS freisin ar aistí bia críochnaithe agus aoiseanna críochnaithe a éagsúlú ar Lárionad Teagasc na Gráinsí don Taighde Ainmhithe & Féaraigh. Cuideoidh an taighde comhcheangailte ag láithreáin na Gráinsí agus Chill Damháin araon chun treoirlínte soiléire a fhorbairt faoi na córais críochnaithe mairteola orgánaí is éifeachtúla le cur ar chumas feirmeoirí orgánacha na cleachtais sin a ghlacadh le cinnteacht.



An feirmeoir mairteola orgánaí ó Ros Comáin Jim O'Connor agus comhairleoir Teagasc Enda O'Hart.

## Eachaí

Chuir speisialtóirí eachaí éagsúlacht tairiscintí oideachasúla ar fáil in 2023. Bhain 150 foghlaimeoir aosach tairbhe as Cúrsaí Foghlama Cumaisc lenar áiríodh ceardlanna fíorúla seomra ranga agus feirme maidir le hábhair den Phórú Eachaí, Breith Searraigh agus Sláinte Naíonán, agus Sláinte Eachaí.

D'fhreastail 39 nduine, idir phóraitheoirí agus táirgeoirí, ar thuras oideachasúil chun na Beilge agus na hÍsiltíre in imeacht chúig lá i mí Mheán Fómhair. Fuair na daoine a bhí i láthair léargais luachmhara trasna réimse limistéar ábhar, ghabh siad cuairt ar fheirmeacha graú, clóis táirgthe, agus árais tréidliachta.

Is comhthionscnamh idir Teagasc agus Eachspórt Éireann é an 'Clár Oiliúna do Phóraitheoirí Óga', arna chistiú ag DAFM, faoinar óstáladh 11 imeacht le haghaidh beagnach 150 freastalaí ar fheirmeacha taispeántais ardcháilíocht ar fud na tíre.

Trí leas a bhaint as an saineolas san earnáil, sna himeachtaí sin tugtar oideachas maith do dhaoine idir 14-30 bliain d'aois maidir le tréithe eachaí a n-éiríonn leo i spóirt na heachléime agus na seómharcaíochta araon, agus a gcuirtear luach ard orthu sa mhargadh ar a seal féin.

Tugadh aghaidh sa tsraith seimineár gréasáin 'Let's Talk Equine' a ritheadh ó cheann ceann na bliana ar éagsúlacht leathan ábhar lena n-áirítear cothú, pórú agus táirgeadh, margaí agus margaíocht, sláinte eachaí, agus tuairim is 2,700 amharcóir ag tapú na faisnéise sna seimineáir ghréasáin úd i gcaitheamh 2023.




Rannpháirtihe i gClár Póraitheoirí Óga ag gabháil cuairte ar Scoil Eachaíochta Óglaigh na hÉireann ag Dún Mhic Aoidh.

## Fuinneamh

Comhoibríonn Forbairt Tuaithe Teagasc le roinnt clár chun teicneolaíochtaí in-athnuaite a chur chun cinn i dtalmhaíocht na hÉireann. I measc na bpríomhthionscnamh tá rannpháirteachas sa seó Éagsúlú Fuinnimh agus Feirme, agus rannpháirtíocht i dtionscadail de chuid Fís an Aontais Eorpaigh agus meithleacha oibríochtúla EIP-AGRI.

Léirigh Teagasc 21 bhileog eolais, d'eagraigh ceardlanna, seimineáir, agus seimineáir ghréasáin, ag cur comhairle ar fheirmeoirí faoi roghanna an fhuinnimh in-athnuaite agus ag tacú le comhtháthú teicneolaíochtaí sa tionscal amhail Grianfhuinneamh agus bith-mheatán.

Leis na cineálacha tacaíochta sin, tugtar de chumhacht d'fheirmeoirí le heolas, agus éascaítear aistriú an tionscail i dtreo cleachtais inbhuanaithe, an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus glacadh an fhuinnimh in-athnuaite a chothú.

**An Fhorbairt Tuaithe**

Comhoibríonn Forbairt Tuaithe Teagasc go forleathan le heagraíochtaí seachtracha chun tacú leis an bhforbairt tuaithe ar fud limistéir éagsúla. Foilsíodh os cionn 50 bileog eolais maidir le deiseanna don éagsúlú, lena n-áirítear an turasóireacht tuaithe agus táirgeadh bia ceardaí.

Trí chomhoibriú le heagraíochtaí amhail Eolas do Shaoránaigh méadaítear inneachar tacaíochta talmhaíochta ar líne. Is é is aidhm don chlár Roghanna Gnó Feirme a chur ar chumas feirmeoirí le scileanna le smaointe a chasadh ina ngnólachtaí inmharthana, agus meantóireacht á tairiscint, cúnamh le plean gnó, agus naisc le gníomhaireachtaí tacúla.

I measc na gceardlann tá aoi-fheirmeoirí rathúla, speisialtóirí Teagasc, agus cuairteanna feirme, chun cur le deiseanna foghlama agus líonraithe do rannpháirtithe.

## Comharbas

Tá próifíl aoise feirmeoirí ag méadú i gcónaí, cé gurb ann do dhreasachtaí ón rialtas agus dreasachtaí ó CBT an Aontais Eorpaigh. Thacaigh Teagasc le teaghlaigh feirmeoireachta in 2023 trí shé imeachta faoi Aistriú na Feirme Teaghlaigh, ina raibh an deis acu labhairt le saineolaithe ar bhonn duine le duine.

Ag tabhairt tacaíochta d'imeacht den chineál sin bhí foireann aturnaetha, cuntasóirí, agus comhairleoirí Teagasc le fiosruithe a fhreagairt faoi rún. I láthair ag na himeachtaí sin freisin bhí Eadránaí, ar gairm í a úsáideann teaghlaigh feirme go minic le plean comharbais a fhorbairt i gcúinsí deacra. Bhí ionadaíocht don rialtas ann ó sheirbhísí Eolas do Shaoránaigh. Dóibh siúd ar spéis leo comhpháirtíochtaí feirme cláraithe a bhunú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM), bhí baill foirne ó DAFM i láthair freisin.

## Turasóireacht

D'óstáil Forbairt Tuaithe Teagasc in éineacht le Cónaidhm Féinfhreastail na hÉireann comhdháil faoin Agrathurasóireacht ag Teagasc Bhaile an Ásaigh le deiseanna a léiriú do theaghlaigh feirme chun gnó turasóireachta feirme ar fhorbairt.




**Sa phictiúr (ó chlé go deas): Máire Ní Mhurchú, Cathaoirleach Chónaidhm Féinfhreastail na hÉireann; Barry Caslin, Speisialtóir Forbartha Tuaithe, Teagasc agus an tAire Pippa Hackett, Aire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.**

# Tacú le Caidreamh agus Forbairt Talmhaíochta Idirnáisiúnta

Tá Teagasc geallta chun tacú le huaillmhianta na hÉireann éirí ina ceannaire domhanda i gcórais inbhuanaithe bhia mar a leagtar amach i bhFís don Bhia 2030. Bímid réamhghníomhach inár dtacaíocht do chur chuige ''lánrialtais'' a bhfuil sé d'aidhm aige an fhorbairt talmhaíochta a neartú agus an t-ocras agus an gannchothú a laghdú i dtíortha i mbéal forbartha.

Rinne Stiúrthóir Teagasc an tOllamh Frank O'Mara rannchur nach beag le dhá imeacht mhóra de chuid na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta (EBT) i bhfómhar 2023 - Comhdháil Dhomhanda EBT maidir le Claochlú Inbhuanaithe ar Bheostoc agus Fóram Bia Domhanda EBT (Eolaíocht agus Nuálaíocht don Ghníomhú ar son na hAeráide).




Thacaigh Oifigeach Sinsearach Taighde Teagasc, André Brodkorb le Misean Trádála Éireannach chun na Malaeisia agus na nOileán Filipíneach, faoi cheannaireacht an Aire Martin Heydon. Thug André le fios an chaoi a dtacaíonn Teagasc le tionscal agraibhia na hÉireann agus rinne sé achoimre ar phríomhthréithe cothaitheacha na déiríochta atá bunaithe ar fhéarach.

Le linn 2023 thug roinnt aíonna idirnáisiúnta cuairt ar Theagasc i bPáirc na Darach, lenar áiríodh Ambasadóir na hIndia chun na hÉireann. D'óstálamar taighdeoirí cuartaíochta freisin ó VNUA, Vítneam agus thacaíomar le ***Carbery and Asia Matters*** i gcomhphlé ardleibhéil maidir le Ról na hÉireann sa Inbhuanaitheacht agus Nuálaíocht Bia Dhomhanda

## Tionscadail Forbartha Talmhaíochta – An Eiritré, An Chéinia agus an Tansáin

Choinnigh Teagasc lena chuid iarrachtaí ''Daoine a Nascadh agus Tacú le Gníomhú ar son na hAeráide le Comhpháirtithe san Afraic'' trínár gceannaireacht ar thrí thionscadal forbartha déiríochta sa Chéinia, sa Tansáin agus san Eiritré. Le linn 2023 d'oibríomar go dlúth le roinnt comhpháirtithe lena n-áirítear KALRO, TALIRI agus NARI (institiúidí taighde déiríochta sna tíortha faoi seach).

I measc buaicphointí an tionscadail bhí neartú ar athléimneacht na gcóras éagsúil beathaithe bunaithe ar fhoráiste don déiríocht. Cuirtear cistiú ar fáil don tionscadal trí Chúnamh Éireann / Ambasáid na hÉireann agus foinsí DeSIRA an Aontais Eorpaigh.



**An taighdeoir ag Teagasc na Cloiche Léithe Padraig French in éineacht le feirmeoir déiríochta áitiúil agus ionadaí ambasáid na hÉireann in Tanga, an Tansáin.**

Bhí ríméad ar Teagasc freisin gur thug FBD roinnt tacaíochta airgeadais do Choláiste Talmhaíochta Baraka – comhpháirtí tionscadail i dTionscadal Déiríochta na Céinia agus na hÉireann in 2023.

SUSTAINABLE DEVELOPMENT GOALS

# Cistiú agus Comhoibriú

## Clár Forbartha Teagasc COC do Mhic Léinn Idirnáisiúnta sa Talmhaíocht

Tháinig Teagasc agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC) le chéile chun clár tacaíochta nua a chur ar fáil do mhic léinn ó roinnt ollscoileanna agus institiúidí talmhaíochta i dtíortha i mbéal forbartha. Déantar an tionscnamh nua sin a chomhordú trí ''Clár Forbartha Teagasc COC do Mhic Léinn Idirnáisiúnta sa Talmhaíocht'' agus tacaíonn sé le soláthar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (go háirithe SFI 13 – Gníomhú ar son na hAeráide). Cuirfear oideachas díreach, meantóireacht agus tacaíocht ar fáil leis le haghaidh tráthchuid tosaigh thriúr mac léinn PhD is Scoláirí Walsh ó Oirthear na hAfraice a bheidh cláraithe le COC, agus beidh sé faoi chomh-mhaoirseacht bhaill foirne Teagasc na Cloiche Léithe.

Lean Teagasc ar aghaidh ag obair mar chomhpháirtí i gCóras Bhia Inbhuanaithe Éireann (SFSI) agus mar bhall de IFIAD. Oibrímid go dlúth leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha / Cúnamh Éireann agus le roinnt ambasáidí i mBaile Átha Cliath agus ar fud an domhain.

Le linn 2023 chomhoibríomar ar roinnt tionscadal forbartha eile i dtíortha lena n-áirítear Vítneam, an Chipir agus an tSaimbia, agus d'óstálamar roinnt toscaireachtaí agus cuairteoirí ó lasmuigh den Aontas Eorpach lena n-áirítear an tAmbasadóir ó Chiúba chun na hÉireann a thug cuairt ar Teagasc Pháirc na Darach.



Sa phictiúr ó chlé go deas: An tOllamh Pat Dillon, Stiúrthóir Taighde Teagasc, Eskender Tesfay, An Institiúid Náisiúnta um Thaighde Talmhaíochta (NARI), an Eiritré, Emer Kennedy, Ceannaire Fiontair Teagasc na Cloiche Léithe, Samson Mwangi, Eagraíocht Taighde Talmhaíochta agus Beostoic na Céinia (KALRO), an Chéinia, an tOllamh Frank Buckley, Ollamh le hEolaíocht na Talmhaíochta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Paul Maher, Ceann Caidrimh Idirnáisiúnta agus Straitéise Corparáidí Teagasc.

## Teagasc agus Foireann na hÉireann ag obair as lámha a chéile chun tacú le Caidreamh agus Forbairt Idirnáisiúnta le linn 2023

Sa phictiúr thíos ar deiseal: Minister McConalogue ag bualadh leis an Dr. Nziku, an Tansáin, an Dr. André Brodkorb ag tacú le Misean Trádála na hÉireann chun na Malaeisia agus na nOileán Filipíneach, faoi cheannaireacht an Aire Heydon, an tAire Hackett ag tabhairt cuairte ar Thionscadal dar teideal Déiríocht na Céinia na hÉireann agus an Dr. AnneMarie Butler agus an Dr. Edna Curley ag gabháil ar cuairt chuig eagraíocht neamhrialtasach bheag faoi cheannaireacht Éireannach – ''Development Pamoja'', an Chéinia.










# Ioncaim Feirme in 2023

Tá timpeallacht costas táirgthe ard tar éis bheith i réim sa talmhaíocht le roinnt blianta anuas. In 2023, thosaigh meath ag teacht ar roinnt míreanna costais óna mbuaic, ach lean roinnt eile ar aghaidh ag méadú. I rith 2023, chonaic feirmeoirí meath áirithe ar chostas leasachán, ach ba bheag difríocht a chonacthas i gcás roinnt míreanna costais eile, amhail dlúthbhianna, fuinneamh, conraitheoireacht, agus forchostais, nó tháinig méadú breise orthu. Ar an iomlán, tháinig méadú beag ar chostais táirgthe i gcomparáid le 2022.

In 2023 tháinig titim mhór de roinnt praghsanna aschuir feirme, go háirithe le haghaidh bainne agus gránach. Dá thoradh sin, tháinig titim ghéar ar ioncaim feirme Déiríochta agus Curaíochta in 2023. Tháinig titim ghéar ar na praghsanna don bhainne agus do bharra gránaigh, agus tháinig meath orthu beirt gar do 30% i gcomparáid le leibhéil na bliana roimhe sin. Bhí praghsanna uain beagáinín níos ísle in 2023 le hais 2022. Os a choinne sin, bhí méaduithe measartha costais ann i gcás laonna coiscthe agus eallaigh chríochnaithe. Tháinig cruatan d'fheirmeoirí curaíochta leis na dálaí aimsire ag amanna éagsúla den séasúr, ónar tháinig torthaí níos ísle in 2023 i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Ar roinnt feirmeacha eile, tháinig deireadh luath le séasúr na hinnilte de dheasca báisteach a bhí i bhfad níos troime ná mar ba ghnách sa dara leath de 2023.

Bhí tionchar éagsúil ag costais táirgthe sheasmhacha ar phraghsanna aschuir in 2023 ar ioncaim feirme ar fud na gcóras feirme éagsúil. I gcás feirmeacha déiríochta agus curaíochta, tháinig ioncaim i bhfad níos ísle in 2023 de bharr an mhéadaithe nach beag ar phraghsanna bainne agus gránaigh, i dteannta torthaí gránaigh agus bainne níos ísle, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Ar an láimh eile de, chonaic na feirmeacha stoic thirim gluaiseachtaí níos lú ar ioncaim feirme, agus ioncaim ar fheirmeacha eallaigh agus caorach ag teacht anuas ábhairín in 2023 i gcomparáid le 2022.

Chonacthas an titim ba shuntasaí ar mheánioncam teaghlaigh feirme in 2023 sna feirmeacha déiríochta agus curaíochta, agus ioncaim idir 60% agus 70% níos ísle ná na leibhéil ioncaim níos mó ná riamh a baineadh amach in 2022.

Ar na feirmeacha déiríochta ba iad praghsanna bainne níos ísle a bhí taobh thiar den laghdú géar sin ar ioncam, agus críoch róluath leis an séasúr bleáin de dheasca drochthorthaí agus dálaí troma ithreach de bharr an iomarca báistí. Cé go raibh ardú fós ag teacht ar líonta ba déiríochta, tháinig titim ar an meántál bainne in 2023 don dara bliain as a chéile.

Tháinig cuid den laghdú ar ioncam ar fheirmeacha curaíochta in 2023, ó dhrochthorthaí ar bharra, a bhí thíos go mór leis na drochdhálaí aimsire. Tháinig na praghsanna gránaigh i bhfad níos ísle ó thoradh a bhí go maith ar bhonn domhanda. Bhí méid an mheatha san ioncam ar fheirmeacha curaíochta an-difriúil ó fheirm amháin go chéile, agus laghduithe suas le 60% go 70% ar roinnt mhaith feirmeacha. Ba chuidiú iad na híocaíochtaí tacaíochta ar fheirmeacha curaíochta leis an titim ioncaim ag teacht ó chorrlaigh níos ísle ar an gcuraíocht.

Chonacthas titim ar ioncam ar na feirmeacha tógála eallaigh, ar cúis imní faoi leith é i bhfianaise go bhfeictear an t-ioncam is ísle sa chóras sin i measc aon cheann de na príomhghníomhaíochtaí talmhaíochta in Éirinn. Tháinig ardú ar na praghsanna a íocadh ar laonna scoite, ach bhí na costais táirgthe fós ard. Fuarthas tacaíocht thábhachtach d'ioncaim le haghaidh feirmeacha sa chóras sin ón gClár um Éifeachtúlacht Carbóin Bó Diúil (SCEP), ón Scéim Náisiúnta um Leas Mairteola (NBWS), agus ó íocaíochtaí ó rannpháirteachas sa Scéim Timpeallachta Agra-Aeráide Tuaithe (ACRES).

Chonacthas titim ar ioncaim in 2023 freisin ar fheirmeacha eile eallaigh (eallaigh le críochnú den chuid is mó), agus praghsanna níos airde d'eallaigh á bhfritháireamh le titim ar líon na maruithe eallaigh. Cosúil leis sin, tháinig titim ar ioncaim ar fheirmeacha caorach in 2023 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Agus sciar coibhneasta na gcineálacha feirmeacha difriúla ar fud na tíre á gcur san áireamh, tháinig titim ghéar ar an ioncam iomlán sa talmhaíocht, ach ba é laghdú mór ar ioncaim arna dtuilleamh ag feirmeacha déiríochta agus curaíocht ba chúis leis an gcuid is mó de sin.

Bhí an boilsciú ginearálta in 2023 ag ráta os cionn 6% fós go maith os cionon spriocleibhéal an BCE ag 2%, rud a chiallaigh gur choinnigh an boilsciú air ag baint greim d'ioncaim feirme go praiticiúil.





# Sprioc Straitéiseach 2

Táirgeadh agus próiseáil bianna atá sábháilte, cothaitheach agus blasta a fheabhsú i gcomhréir le prionsabail chiorclacha an bhithgheilleagair inbhuanaithe.

- Bianna Sábháilte, Cothaitheacha agus Blasta a Phróiseáil
- Ceannaireacht Eolaíochta a Sholáthar i bhForbairt Bhith-gheilleagar Ciorclach Inbhuanaithe (SCB) an Agraibhia

## Bainne ó bha a bheathaítear le féar

Tá níos mó cothaitheach tairbhiúil le fáil sa bhainne Éireannach ó bha a bheathaítear le féar ná atá le fáil sa bhainne ó chleachtais thraidisiúnta beathaithe faoi dhíon. Tá taighdeoir ó Teagasc agus Food for Health Ireland (FHI) tar éis a fháil amach go dtáirgeann ba déiríochta a oibrítear ar chóras Éireannach beathaithe le féar bainne ina bhfuil céatadáin níos airde d'aigéid shailleacha óimige-3 agus líonoiléacha chomhchuingeacha (CLA) i gcomparáid le ba a bheathaítear ar chóimheasa meánacha nó íle d'fhéar.

## Báinseacha ilspeiceas

In Éirinn, is iondúil go mbíonn ba ag innilt ar monashaothruithe seagalaí. Tairgtear tairbhí le báinseacha ilspeiceas trí mhéadú a chur leis an mbithéagsúlacht agus ionchuir chostasacha ceimiceán a laghdú trí fhosú nádúrtha nítrigine. Tá an taighde atá ar siúl ag Teagasc faoi láthair ag fiosrú na n-iarmhairtí cothaitheacha agus teicnifheidhmiúla laistigh den cháis nuair a chuirtear innilt ilspeiceas i bhfeidhm. Ní foláir tuiscint níos fearr a fháil ar dhifríochtaí ionchasach sa cháis a dhéantar ó chórais ilspeiceas i dtéarmaí na próiseála déiríochta agus na dtionchar féideartha don tsláinte.

## Bleán uair amháin sa lá

Go dtí le deireanas, is beag obair a rinneadh chun an chaoi a dtéann minice bleáin i bhfeidhm ar tháirgí déiríochta, ach léiríodh le taighde Teagasc sa bhleán uair amháin sa lá (OAD) nach mbíonn aon tionchar diúltach aige ar chaighdeán na cáise. Tagann tál níos ísle ar mhéid bainne agus soladach bainne trí chéile ón OAD le hais bhleán dá uair sa lá (TAD), ach tá spéis ag méadú sna córais OAD. Tá bleán OAD á oibriú ar bhonn lánaimseartha ar thuairim is 200 feirm dhéiríochta ar bhonn lánaimseartha in Éirinn, agus tá coinne leis go dtiocfaidh méadú air sin.

## An Listéire sa Bhia

Chruinnigh os cionn 100 eolaí agus rannpháirtí ón tionscal bia ag Lárionad Taighde Bia Teagasc, Baile an Ásaigh i mí na Bealtaine don Siompóisiam 2023 ar ***Listeria monocytogenes*** i mBianna: Dul chun Cinn le Déanaí agus Ceisteanna atá fós gan Réiteach.



**Ó chlé go deas: An tOllamh Fabian Commichau (Ollscoil Hohenheim, an Ghearmáin), Kaye Burgess (Teagasc), Achim Schmalenberger (Ollscoil Luimnigh), an tOllamh Birgitte Kallipolitis (Ollscoil Dheisceart na Danmhairge), an tOllamh Olivia McAuliffe (Teagasc), Ana Allende (Comhairle Taighde Náisiúnta na Spáinne) agus an tOllamh Conor O'Byrne (Ollscoil na Gaillimhe).**

## Comhdháil in Eolaíocht agus Teicneolaíocht an Bhia

Bhailigh os cionn 120 eolaí le chéile ag Lárionad Taighde Bia Teagasc, Baile an Ásaigh, don 51ú Comhdháil Bhliantúil um Eolaíocht agus Teicneolaíocht Bia. Bhí IFSTI, Institiúid Eolaíochta agus Teicneolaíochta Bia na hÉireann, agus Teagasc mar chomhóstaigh don chomhdháil, a raibh "Córais Bhia i nDomhan atá ag Athrú-an Eolaíocht, na Dúshláin agus na Deiseanna" mar théama aici.

## Micribhithóm

Tugadh seimineár gréasáin idirnáisiúnta ina ndearnadh ceiliúradh ar chur i gcrích, agus aschuir nuálacha, an tionscadail MASTER arna chistiú ag Fís 2020 an Choimisiúin Eorpaigh (Feidhmeanna Micribhithóim le haghaidh Córais bhia inbhuanaithe trí Theicneolaíochtaí agus Fiontar) i mí na Bealtaine. Ba é Paul Cotter ó Teagasc a bhí i gceannas ar an tionscadal nó a chomhordaigh é. D'fhreastail daoine ó 48 dtí uirthi ar líne. Rinneadh láithreoireachtaí (lena n-áirítear 3 cinn ó Teagasc le Paul Cotter, Fiona Brennan agus Stuart Kirwan), agus comhphlé painéil a thaifeadadh leis an tionscadal a chur chun cinn a thuilleadh.

# Ceannaireacht Eolaíochta a Sholáthar i bhForbairt Bhith-gheilleagar Ciorclach Inbhuanaithe (SCB) an Agraibhia

**Mapaí Scéala**

Ba é Teagasc a bhí i gceannas ar shraith Mapaí Scéala idirghníomhacha a cheapadh lena bhfáil ag sraith imeachtaí arna n-eagrú mar chuid de Sheachtain Bithgheilleagair na hÉireann 2023. Is imeacht bliantúil é Seachtain Bithgheilleagair na hÉireann ina dtugtar le chéile páirtithe leasmhara ón rialtas, tionscal agus taighde le forbairtí i mbithgheilleagar na hÉireann a chur chun cinn.

Mar chuid den tionscadal VALPROPath, bhí Teagasc i gceannas ar mhapa scéala idirghníomhach a fhorbairt chun na bearnaí sa slabhra luacha le haghaidh na próitéine bunaithe ar phlandaí san Eoraip a shainaithint, a ghabháil agus a chur in iúl. Leis an obair sin, cumasaíodh sainaithint réiteach agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach níos éifeachtúla, iomlánaíche agus comhtháite. D'úsáid an Coimisiún Eorpach an uirlis le téacsanna ar ghlaonna cistiúcháin taighde a mhúnlú, i gcomhréir leis an straitéis próitéine atá le teacht ón Aontas Eorpach.

**Dramhbhia a laghdú**

Shlánaigh Teagasc cistiú le haghaidh comhiarracht a bheadh dírithe ar dhramhbhia atá nasctha le caighdeáin mhargaíochta a laghdú. Mar chuid den tiosncadal, ar a dtugtar ROSETA, pléitear an caidreamh casta idir caighdeáin mhargaíochta agus diúscairt an bhia atá foirfe dá ithe. Dírítear gníomhaíochtaí Teagasc ar an dramhaíl san earnáil gairneoireachta in Éirinn, le hobair déanta chun anailís a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana, turgnaimh phíolótacha a dhéanamh, agus léargais a thabhairt le haghaidh moltaí beartais chun caighdeáin a leasú nó a dhearadh agus le dramhbhia a chosc.






**Cuireadh tús oifigiúil leis an tionscadal IMPRESS cheithre bliana, arna chomhchistiú ag Fís Eorpach, níos luaithe sa samhradh; agus is ann a thugtar le chéile cuibhreannas ildisciplíneach 14 chomhalta d'institiúidí acadúla agus taighde, comhlachais ghnó, eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus fiontair bheaga agus mheánmhéide ó sheacht gcinn de thíortha. Oibreoidh na comhpháirtithe le chéile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ghéara na hinbhuanaitheachta atá os comhair na n-earnálacha mara agus fionnuisce, ón bhfarraige go dtí an tseilf.**

## IMPRESS

Is í slabhraí luacha bia uiscigh inbhuanaithe, ina bhfuil dramhaíl dhíothaithe, a thógáil atá mar phríomhsprioc den tionscadal IMPRESS a fuair cistiú le déanaí ón Aontas Eorpach, agus a seoladh in 2023. Le dul i ngleic leis an éileamh atá méadú ar bhia uisceach ainneoin an ró-iascaigh, agus leis an mbuairt atá ag dul i méid maidir le táirgeadh dramhaíola agus damáiste don chomhshaol, is gá réitigh nuálacha a dhéanamh le haghaidh a thabhairt ar an slabhra luacha ina iomláine.

Is é is aidhm do IMPRESS deiseanna a dhíghlasáil lena mealltar an pobal gnó chun ciorclaíocht níos mó agus cuir chuige díothaithe dramhaíola a ghlacadh, agus oideachas a chur ar thomhaltóirí nósanna itheacháin nua a fhorbairt. Tabharfaidh an tionscadal aghaidh ar an dá phríomhlimistéar seo a leanas: cumas na speiceas tearcúsáide agus ar leibhéal íseal trófach; agus sruthanna dramhaíola soladaí agus leachtaí ón bpróiseáil éisc.

Deir an tOllamh Brijesh Tiwari, comhordaitheoir an tionscadail ó Teagasc, an méid seo a leanas: ''Is é atá sa tionscadal IMPRESS deis nach bhfacthas roimhe seo chun cleachtais inbhuanaithe a chur ar aghaidh agus luach a chruthú ar fud na hearnála mara agus fionnuisce, agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin mhóra comhshaoil agus sochaí.

''Díghlasálfar leis cumas na speiceas ar leibhéal íseal trófach (iad siúd ag bun an tslabhra bia), amhail róiste, salán agus léasán leice, chun táirgí nua bia agus neamhbhia a chruthú (bith-lotnaidicídí, bithleasacháin, beatha éisc). Rachfar ar aghaidh níos faide leis an tionscadal chun cur chuige díothaithe dramhaíola a fheabhsú trí shruthanna dramhuisce agus fotháirgí soladacha na próiseála tráchtála a úsáid chun comhábhair ardluacha a bhaint agus cumas na n-uiscí sin ar mhórán cothaitheach a thástáil chun tacú le fás an rois lachan agus miocralgaí.

## Táirgeoirí baineanna a chumhachtú

Ag imeacht ar líne i mí Feabhra d'idirmhalartaigh fiontraithe agus daoine léannta ó Éirinn, an Tuirc agus an Ghréig an taithí a bhí acu i dtaca le dúshláin agus réitigh don fhiontraíocht bhaineann. Leagadh an bhéim ar rannpháirteachas baineann i slabhraí gearr soláthair bia (SFSC). Meastar go mbeidh ról ag na slabhraí sin chun inbhuanaitheacht ár gcórais bia a fheabhsú chomh maith le tacaíocht a thabhairt don fhorbairt tuaithe. Bhain an teideal 'Táirgeoirí baineanna SFSC in Éirinn agus san Eoraip a Chumhachtú' leis an imeacht, arna óstáil ag Teagasc agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) mar imeacht tionscadail AgroBRIDGES.

## Uaschúrsáil

Tá Fondúireacht Bia Uaschúrsáilte Kamaljit Moirangthem, comhalta Teagasc is Ceannaire Taighde, ar cheann d'ocht bhfaighteoir ar fud an domhain de Chomhaltacht Fondúireachta Bia Uaschúrsáilte Chiarraí don bhliain 2023. Tá an Fhondúireacht geallta chun cailleadh bia agus dramhbhia a chosc ar fud an tslabhra bia ina iomláine.

Deir Kamaljit, Comhalta Marie Skłodowska Curie ag Teagasc agus ag Ollscoil Heilsincí san Fhionlainn, an méid seo a leanas: ''Ciallaíonn an uaschúrsáil athearraíocht a bhaint as taobhshruthanna nó dramhaíl nach raibh ceaptha roimhe seo lena dtomhailt ag daoine. Táimse ag breathnú ar ról na bithphróiseála i bhforbairt an bhia uaschúrsáilte – i mbeagán focal, miocróib nó áiseanna de bhunadh miocrób, amhail einsímí, le bia nó comhábhair uaschúrsáilte a dhéanamh. Táimse ag iniúchadh freisin glacadh méadaithe tomhaltóiír le bianna uaschúrsáilte.''

# Bianna Sábháilte, Cothaitheacha agus Blasta a Phróiseáil

## An tIonad Náisiúnta um Bia Ullmhaithe do Thomhaltóirí

D'oibrigh an Lárionad Náisiúnta um Bianna Ullmhaithe do Thomhaltóirí (NPCFC) le 97 gcuideachta in 2023, agus seirbhísí á gcur ar fáil acu i bhforbairt táirgí nua, anailísiú & tástáil, oiliúint agus tacaíocht theicniúil. Tháinig bunú gnólachtaí bia nua ó thionscadail a tugadh i gcrích in 2023, chomh maith le táirgí nuálacha nua bia agus dí á seoladh, agus cruthú post á neartú laistigh de thionscal níos leithne an bhia in Éirinn.

Tacaíonn an NPCFC faoi láthair le hos cionn 50 tionscadal taighde arna gcistiú ar bhonn náisiúnta agus Eorpach ar fud Chlár Taighde níos leithne Teagasc, agus feidhmíonn sé ról ríthábhachtach chun na tionscadail sin a chur ar fáil trí rochtain ar threalamh agus aistriú eolais.

## Moorepark Technology Limited (MTL)

In 2023 chumasaigh Moorepark Technology Limited (MTL) forbairt táirgí, barrfheabhsú próisis agus cláir thaighde agus forbartha d'eagraíochtaí tionscail agus déanta taighde. De bharr éileamh méadaitheach ar chustaiméirí, le hocht mbliana anuas tá an chuideachta beagnach tar éis méadú faoi cheathair chuig láimhdeachas dar luach nach mór €4m, agus brabús trádáil d'os cionn 10% aici.

Tá suas le 100 custaiméir ag an gcuideachta anois a úsáideann na saoráidí go rialta ar bhonn bliantúil, ar tháinig 17 díobh ón gcoigríoch in 2023. Is athraitheach iad na caighdeáin a theastaíonn ó chustaiméirí, idir mic léinn ag déanamh trialacha agus cuideachtaí beaga nuathionscanta ag foghlaim faoi theicneolaíochtaí, agus cuideachtaí níos mó a thugann faoi roinnt mhaith trialacha feidhmiúlachta.

Tá bonn custaiméirí ag MTL anois idir tionscadail taighde agus gnólachtaí beaga nuathionscanta agus cuideachtaí móra ilnáisiúnta, lena n-áirítear cuideachtaí forásacha domhanda deochanna agus sneaiceanna. Is le faomhadh don táirgeadh bia ó Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara na hÉireann an t-aon bhealach ar féidir an méid sin a dhéanamh, agus is láithreán faofa é do ISO 22000, FSSC, Halal, Kosher agus don Iontaobhas Orgánach, BRC agus FDA (Údarás Bia agus Drugaí SAM). Leanfaidh an chuideachta ar aghaidh ag cur lena shuíomh trádála reatha trí sheirbhísí teicneolaíochta ardcháilíochta a chur chun cinn do thionscal an bhia.

## Teicneolaíocht Feola Éireann

Tá clár MTI Chéim II faoi lánseol in 2023 tar éis feachtas earcaíochta in 2022. Chun tacú le tosaíocht na hinbhuanaitheachta, tá aonaid Greenfeed ag gabháil sonraí meatáin ag saoráidí Teagasc agus ag comhoibrithe feirme le comhaltaí tionscail. Cuireadh i gcrích sraith tuairiscí MTI maidir leis an bpacáistíocht inbhuanaithe, rialáil agus stádas na hathchúrsála in Éirinn. Chun tacú le tosaíocht na Digiteála, tá athbhreithniú Factory 4.0 déanta ag taighdeoirí MTI ar phróiseáil dhomhanda mairteola agus uaineola, i dteannta caibidil leabhair a fhoilsiú.

Beartaíodh tosaíocht a thabhairt do thrialacha maidir le cáilíocht caoireola i gCéim II agus trialach bonnlíne ar siúl in 2023. Leantar ar aghaidh leis an taighde feola agus sláinte i gCéim II leis na chéad fhoilseacháin ag teacht amach in 2023. Shlánaigh an lárionad cistiú breise i nglaonna taighde/trealaimh EI, DAFM agus SFI in 2023. D'óstáil MTI an dara comhdháil bhliantúil s'aici go dtí seo i mí na Samhna, agus bhí tinreamh maith air ó chomhaltaí rannpháirteacha tionscail, páirtithe leasmhara agus taighdeoirí (sa phictiúr thíos).



## Geataí Nuálaíochta Bia Teagasc 2023

Tharla an t-imeacht bliantúil Geataí Nuálaíochta Bia ag Lárionad Taighde Bia Teagasc, An Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, Contae Chorcaí. Ba é an téama a bhain le himeacht 2023 ''Córas Bia Inbhuanaithe a Thógáil - Ról na Bithphróiseála agus na Teicneolaíochta Coipthe''.

Ag imeacht Geartaí sheol Teagasc na Cloiche Léithe Svuít Nuálaíochta Bithphróiseas – ionad ilfhreastail d'fhorbairt, barrfheabhsú agus uas-scálú bithphróiseas. Úsáidtear orgánaigh bheo sa bhithphróiseáil amhail baictéir, giosta, fungais nó cealla ainmhithe leis an táirge deiridh inmhianaithe a ghiniúint.

Is príomhrud í an bhithphróiseáil do na hearnálacha bia, cógaisíochta agus fuinnimh agus do roinnt tionscal agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear bithbhreoslaí in-athnuaite, gaschealla teiripeacha agus vacsaíní nua a tháirgeadh. Táthar tar éis í a aithint mar phríomhtheicneolaíocht freisin chun cuidiú le réitigh a fhorbairt ar dhúshláin inbhuanaitheachta in earnáil an bhia.

Sa tionscal bia, is minic a thagraítear don phróiseas mar choipeadh. Is féidir leis an táirge deiridh a bheith ina tháirge bia do thomhaltóirí, amhail iógart nó cáis, nó comhdháil a tháirgeann orgánach agus a dhéantar a íonú ansin, m.sh. aigéad lachtach, antaibheathaigh nó vacsaíní. Is gá dálaí fáis a dhéantar a rialáil go fíorchúramach do na horgánaigh chun na táirgí sin a tháirgeadh, agus bíonn ionstraimíocht fhíorshonrach de dhíth chun na críche sin.




**Sa phictiúr ag an imeacht Geataí (ó chlé go deas): Siobhan Jordan, Teagasc, an tOllamh Olivia McAuliffe, Teagasc, an tOllamh Trine Kastrup Dalsgaard, Ollscoil Aarhus, an Danmhairg; Stiúrthóir Teagasc an tOllamh Frank O'Mara, agus Antonio Lourenco (Teagasc). Tá Antonio ag taispeáint seicheamhóra ADN ó Lárionad Seicheamhaithe Teagasc.**



# Sprioc Straitéiseach 3

Fianaise agus teicneolaíochtaí atá bunaithe ar eolaíocht a sholáthar chun cur ar chumas d’Éirinn gealltanais a chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí gásacha, cáilíocht uisce agus éagsúlacht.

- Astaíochtaí Gásacha a Mhaolú
- Taighde ar na bacáin
- Clár Feirmeacha Comharthaíochta
- Oiriúnú don Athrú Aeráide
- Cáilíocht an Uisce a Fheabhsú
- Talmhaíocht níos bithéagsúla

# Astaíochtaí Gásacha a Mhaolú

## MACC Teagasc 2023

Seoladh Cuar Imeallchostais Lacáiste (MACC Teagasc 2023) nua chun cúnamh le feirmeoirí agus le tionscal na Talmhaíochta astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i mí Iúil leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Charlie McConalogue T.D. i mBaile Átha Cliath.

In MACC Teagasc 2023 féachtar ar thrí chás lena mbaineann leibhéil dhifriúla gníomhaíochta talmhaíochta, bunaithe ar líonta difriúla réamh-mheasta beostoic chuig 2030. Baineann líonta níos lú beostoic leis na trí chás fhéideartha in 2030 i gcomparáid leis an tréad in 2022, agus tá siad bunaithe ar thionchar na mbeart atá ann faoi láthair agus ar fhórsaí margaidh amach anseo.

Déantar maolú na ngás ceaptha teasa faoi na trí chás gníomhaíochta talmhaíochta sin a mheas ansin bunaithe ar dhá chonair tógála dhifriúla ina dtugtar ráta glactha ard (Conair 1) agus fíorard (Conair 2), na mbeart maolaithe ag feirmeoirí.

## AgNav

Síníodh comhaontú comhoibrithe idir Teagasc, ICBF, agus Bord Bia chun ardán digiteach nua um inbhuanaitheacht a fhorbairt, le tacaíocht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tugtar AgNav ar an ardán nua, agus cuireadh leagan píolótach ar taispeáint os comhair na mílte feirmeoirí ag Lá Oscailte Náisiúnta Déiríochta Teagasc sa Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí i mí Iúil.

Le AgNav tugtar figiúirí cruinne agus infhíoraithe sonracha d'fheirmeacha chun tacú leis an gcinnteoireacht ar a gcuid feirmeacha chun cuidiú le Gníomhú ar son na hAeráide sa talmhaíocht a shásamh. Tá Teagasc tar éis AgNav a thriail le comhairleoirí Teagasc agus feirmeacha taispeántais Comharthaíochta, agus táthar á úsáid i measc fhoireann nua Chomhairleoirí Comharthaíochta Teagasc in éineacht le feirmeoirí chun pleananna gníomhaíochta a fhorbairt d'fheirmeoirí aonair lena n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a mhaolú.



Sa phictiúr ag seoladh an chuair nua MACC ó chlé go deas tá: an tOllamh Frank O'Mara, Stiúrthóir Teagasc; Deirdre Ryan, Stiúrthóir Origin Green, Bord Bia; Charlie McConalogue T.D. an tAire Talmhaíochta, Bia, agus Mara; Suzanne Campbell, Áisitheoir Painéil agus údar agus iriseoir bia/feirmeoireachta; agus Liam Herlihy, Cathaoirleach Údarás Teagasc.

## Astaíochtaí ó eallach agus ó chaoirigh a laghdú

D'fhógair an tAire McConalogue agus an tAire Heydon fionnachtain nach bhfacthas roimhe seo ar domhan lenar féidir meatán a laghdú trí mheán géinitice ainmhithe. Beidh an méid sin indéanta de bharr fhoilsiú na meastóireachtaí meatáin lena gcuirfear ar chumas cláir phórúcháin astaíochtaí laethúla meatáin in eallach mairteola a laghdú.

Tagann an taighde atá mar bhonn faoi sin de thoradh thionscadal taighde dar luach €3 mhilliún dar teideal 'GREENBREED', arna chistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tháinig foilsiú na chéad mheastóireachtaí náisiúnta ar domhan uaidh sin i gcás astaíochtaí meatáin ó eallach mairteola na hÉireann. Áirítear leis an tionscadal taighde comhoibríoch lena mbaineann Teagasc, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan agus ICBF.

Sheol an tAire Martin Heydon T.D. luachanna pórúcháin nua do chaoirigh arb éard is aidhm dóibh astaíochtaí meatáin a laghdú agus tacú le laghduithe ar astaíochtaí don aeráid a sholáthar ag imeacht Sheep2023 i gColáiste Talmhaíochta an Ghoirtín, Contae Thiobraid Árann. Ag labhairt dó ag an imeacht, chuir an tAire Heydon i dtábhacht, an fhionnachtain eolaíochta thábhachtach lenar féidir tionscal caorach na hÉireann chun aschur meatáin a laghdú trí mheáin géinitice ainmhithe.

## Breiseáin Bheathaithe

Ag seastán Teagasc ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta d'fhógair an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue T.D. agus an tAire Stáit le freagracht ar leith as an taighde agus an nuáil, Martin Heydon T.D. foráis eolaíochta nua i mbreiseáin bheathaithe chun meatán ó bheostoc a laghdú. Rinneadh na breiseáin a thástáil i gcórais mhairteola faoi dhíon, agus is féidir leas a bhaint astu i gcórais féaraigh freisin. Suíodh leis an taighde freisin go bhfuil féidearthacht shuntasach ann do bhreiseáin sciodair chun astaíochtaí a chosc agus a laghdú ó stóráil an aoiligh.

Tagann na torthaí ón tionscadal 'Meth-Abate' a bhfuil tacaíocht dar luach €1.248 milliún faighte aige ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ó Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (DAERA) i dTuaisceart Éireann.

## Tionscadal maidir le breiseán beathaithe ar an bhfeirm

In 2023, ghlac 18 bhfeirmeoir déiríochta Comharthaíochta páirt i dtionscadal feirme ag beathú 3-NOP (Bovaer), breiseán beathaithe laghdaithe meatáin faoi cheannaireacht Hazel Costigan, Teagasc na Cloiche Léithe.



# Taighde ar na bacáin

## Clár Scoláireachtaí Walsh Teagasc

Is clár oiliúna agus forbartha sa taighde iarchéime é Clár Scoláireachtaí Walsh Teagasc (WSP). Is mic léinn lánaimseartha iad na rannpháirtithe ann, atá cláraithe le hInsititiúid Ardoideavchais (IAO), in Éirinn nó thar lear, agus iad á n-óstáil ag Teagasc agus iad i mbun a staidéir PhD nó máistreachta.

Tugtar deis do chéimithe faoin WSP tabhairt faoi chéimeanna PhD nó máistreachta taighde sa talmhaíocht, bia, eolaíocht an chomhshaoil, eacnamaíocht agraibhia, forbairt tuaithe, gairneoireacht, foraoiseacht agus disciplíní gaolmhara eile.

Déantar an chuid is mó de na mic léinn iarchéime a óstáil ag ceann de sheacht lárionad taighde de chuid Teagasc, agus téann siad i mbun a gcuid taighde le foirne taighde seanbhunaithe faoi mhaoirseacht bhaill foirne acadúla Teagasc. Is mar Scoláirí Walsh a thagraítear do na mic léinn a ghlacann rannpháirt sa chlár seo.

An 31 Nollaig 2023 bhí 227 Scoláire Walsh gníomhach in Teagasc, ar mhéadú é ó 212 thiar in 2022. Ba iad seo a leanas na figiúirí comhfhreagracha sna blianta roimhe sin: 243 (2021), 228 (2020), 216 (2019), 259 (2018), 234 (2017), 248 (2016), agus 255 (2015).

Léirítear i bhFíor 2 leithdháileadh Scoláirí Walsh ar fud na gceithre chlár taighde Teagasc. Tuairim is trian amháin i ngach ceann de na cláir mhóra, AGRIP, CELUP agus Bia, agus 10% in REDP.




- An Clár Taighde agus Nuálaíochta Ainmhithe agus Féaraigh
- An Clár Barr, Comhshaoil agus Talamhúsáide
- An Clár Bia
- An Clár Geilleagair agus Forbairt Tuaithe

**Fíor 2: Leithdháileadh Scoláirí Walsh trasna chláir Teagasc 2023 (%)**

Tá na 227 Scoláire Walsh cláraithe le 25 ollscoil agus institiúid taighde dhifriúla, le 194 Scoláire Walsh cláraithe le hollscoileanna in Éirinn, 14 le hinstitiúidí sa Ríocht Aontaithe agus 19 le hinstitiúidí sa Ghearmáin, san Ísiltír, i gCeanada, san Astráil agus sa Nua-Shéalainn.

Ullmhaíodh doiciméad straitéise nua in 2023 bunaithe ar shraith ceardlanna agus ionchur ó shaineolaithe.

San áireamh sa straitéis tá fís don Chlár, luach tairisceana, pleananna mionsonraithe cur chun feidhme agus acmhainní airgeadais.

Forbraíodh an straitéis in 2023, agus tá doiciméad straitéise agus cur chun feidhme beartaithe do 2024 tar éis faomhadh a fháil ó Mheitheal Ardbhainistíochta Teagasc.

### Bonn Óir Scoláirí Teagasc Walsh

**Gradam Alumnais Scoláirí Walsh**



Davor Daniloski, buaiteoir Bhonn Óir Scoláirí Walsh Teagasc, sa phictiúr lena mháthair, i dteannta Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Frank O' Mara agus Cathaoirleach Teagasc Liam Herlihy.

# Clár Feirmeacha Comharthaíochta

## Clár Comharthaíochta

Is feachtas ibhliantúil é an Clár Comharthaíochta le bheith i gceannas ar ghníomhú ar son na haeráide ag gach feirmeoir Éireannach, agus tá na trí phríomhthréith seo a leanas ann: (1) na Feirmeacha Comharthaíochta; (2) an Clár Comhairleach Comharthaíochta; agus (3) turgnamh taighde Charbón Ithreach Comharthaíochta, agus turgnaimh thaighde eile. Tá os cionn 60 eagraíocht comhpháirtíochta páirteach ann ag obair as lámha a chéile chun glacadh na dteicneolaíochtaí maolaithe aeráide a mhéadú.

Is iad feirmeoirí a bhíonn ag croílár an chláir, agus os cionn 120 feirmeoir taispeántais ag fáil tacaíochta ó chomhairleoirí Teagasc chun na teicneolaíochtaí is déanaí a ghlacadh agus freisin chun a gcuid taithí a roinnt le feirmeoirí eile, agus 10,000 feirmeoir ag glacadh páirte sa Chlár Comhairleach Comharthaíochta.



**Sa phictiúr ag Lárionad Taighde Comhshaoil Teagasc, Baile Chaisleáin Sheáin, Contae Loch Garman, bhí an fhoireann 20 Comhairleoir Comharthaíochta Teagasc in éineacht le Tom O'Dwyer, Ceann an Chláir Comharthaíochta; Pat Murphy, Ceann Roinn Comhshaoil Teagasc um Aistriú Eolais; agus John Greaney, Clár Comharthaíochta Teagasc.**

## Clár Comhairleach Comharthaíochta

Cuireadh seirbhís nua saor in aisce Chomhairleach Comharthaíochta ar bun thiar in 2023 chun cúnamh a thabhairt d'fheirmeoirí a gcuid feirmeacha a dhéanamh níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Tá foireann fiche comhairleoir Comharthaíochta curtha le chéile ar fud réigiúin chomhairleacha Teagasc, agus oibreoidh siad le feirmeoirí chun pleananna a fhorbairt agus a chur chun feidhme le hastaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a laghdú óna bhfeirmeacha.

Beidh an clár nua seo chun tacú le gníomhuithe ar son na haeráide agus na hinbhuanaitheachta ar fheirmeacha, ar fáil do gach feirmeoir saor in aisce. Tríd an gclár, cuirfear tacaíocht shaintiomanta chomhairleach agus oiliúna ar fáil d'fheirmeoirí chun plean a fhorbairt a bheidh iomchuí dá bhfeirm.

Dar le George Ramsbottom atá i gceannas ar an gClár Comhairleach Comharthaíochta, tá sé mar chomhlánú le saothar reatha chlár teicniúil gnó agus teicneolaíochta Teagasc. Is é ról na gcomhairleoirí aeráide chun cuidiú le feirmeoirí a nglacadh le cleachtais agus teicneolaíochtaí reatha a luathú chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus chun glacadh teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn de



## Dul chun cinn

Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag feirmeoirí Comharthaíochta chun an 12 chéim a ghlacadh le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, go háirithe laghdú ar úsáid N ceimicí, glacadh méadaithe le hÚiré NBPT (Úiré faoi Chosaint), ráta glactha ard an LESS, úsáid fhairsing aoil chun pH ithreach a cheartú agus báinseacha seamrach / ilspeiceas a áireamh.




## Ceapadh Carbóin

Cuid thábhachtach den Chlár Comharthaíochta is ea an saothar taighde lena mbunaítear an cumas ceaptha carbóin ar fheirmeacha Comharthaíochta. Sampláil dhomhain ar ithreacha le stoic charbóin a bhunú ar fheirmeacha Comharthaíochta a tosaíodh in 2023, faoi stiúir Giulia Bondi. Rinneadh tomhas Lidar le bithmhais os cionn na talún a bhunú freisin ar fheirmeacha Comharthaíochta in 2023.

# Cáilíocht an uisce a fheabhsú

## Clár ASSAP

Dírítear clár ASSAP ar cháilíocht an uisce a fheabhsú sna dobharcheantair ainmnithe ar fud na tíre. Is comhshaothrú atá sa chlár idir Teagasc, na comharchumainn próiseála déiríochta agus Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO). Comhlánaíonn comhairleoirí ASSAP measúnú feirme ar na rioscaí do cháilíocht an uisce, agus aontaíonn ar phlean leis an bhfeirmeoirí trí ghníomhartha a mholadh le cailleadh cothaitheach, dríodair agus lotnaidicídí leis an uisce a íoslaghdú.

Tá ASSAP ag comhoibriú le EIP na Feirmeoireachta don Uisce chun cistiú a chur ar fáil d'fheirmeoirí le bearta maolaithe a chur i dtoll a chéile ag príomhshuíomhanna ar an bhfeirm lena chinntiú 'go mbíonn an beart ceart i bhfeidhm san áit cheart' le feabhsuithe ar cháilíocht an uisce a sholáthar. Tá EIP ag cur €50 milliún ar fáil le haghaidh beart thar chúig bliana, agus tá sé ag fáil cistiú ó DAFM agus DHLGH (€10 milliún le haghaidh riarachán EIP). In 2023 rinneadh tuairim is 600 Measúnú feirme agus tuairim is 300 Cuairt leantach mar chuid de chlár ASSAP.

## Clár na nDobharcheantar Talmhaíochta

In 2023, tháinig aird agus spéis níos mó ná riamh á díriú ó athbhreithnithe lárthéarma ar an gClár Gníomhaíochta Níotráití (NAP) ar na torthaí ó Chlár na nDobharcheantar Talmhaíochta (ACP) a chonacthas le linn na 15 bliana den chlár roimhe seo. I measc na n-imeachtaí is fiú aird a dhíriú orthu áirítear Seachtain Dobharcheantar ACP ónar tháinig lá oscailte Dé hAoine 12 Bealtaine ag dobharcheantar Thigh Molaige. Sna sála ar an imeacht sin d'óstálamar cuairteanna ón IFA an 3 Iúil, ó Údarás Teagasc an 6 Meán Fómhair, ó Ghrúpa Beartais agus Eolaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Níotráití an 3 Deireadh Fómhair, agus ón Tánaiste agus an tAire Talmhaíochta an 12 Deireadh Fómhair. I mí na Samhna d'óstáil ACP comhdháil eolaíochta idirnáisiúnta dar theideal "Eolaíocht Dobharcheantar 2023" chuig ar mealladh os cionn 200 toscaire chuig an imeacht thrí lá, a bhí mar dheireadh an cheathrú céim den chlár. Go luath i mí na Samhna d'fhógair eagraíochtaí maoiniúcháin na gclár, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara méadú ar chistiú chuig 13m do Chéim 5 (2024 go 2027), rud a chuirfidh le meastóireacht ar bhearta maolaithe saincheaptha maidir le sainchúram na gclár atá fairsing cheana féin.

Leanann ACP air ag obair le hos cionn 300 feirmeoir ina shé dhobharcheantar, agus beartas agus páirtithe leasmhara talmhaíochta á múnlú, páipéir phiarmheasúnaithe á bhfoilsiú, airteagail T-thaighde, ailt laethúla Teagasc agus foilseacháin sna meáin phríomhshrutha i bhfoirm podchraoltaí, raidió, chló agus ardáin na meán sóisialta in 2023.

## Oiriúnú don Athrú Aeráide

Is lárionad fíorúil é an Lárionad Aeráide Náisiúnta atá bunaithe ag Teagasc chun taighde agus nuálaíocht aeráide a chomhordú. Cuirfidh sé leis na hiarrachtaí chun teicneolaíochtaí atá "beagnach réidh" agus ag "luathchéim" a thabhairt chuig céim cur in úsáide. Éascóidh sé sin d'earnáil talmhaíochta na hÉireann a cuid gealltanas a chomhlíonadh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Rachaidh ceithre bhall foirne eolaíocht nua is fiche leis an lárionad fíorúil.

Cuirfidh an Lárionad Aeráide sin leis an mbonneagar taighde agus leis an gcaipitil dhaonna atá ann cheana, ag obair le heagraíochtaí agus institiúidí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun comhpháirtíocht éifeachtach iontaofa a chruthú. Soláthróidh sé réitigh láidre neamhspleácha eolaíochta agus teicneolaíochta leis an earnáil agraibhia a threorú i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050.

# Talmhaíocht níos bithéagsúla

## Siompóisiam don fheirmeoireacht sléibhe

Reáchtáladh siompóisiam aonlae ar an bhFeirmeoireacht Sléibhe agus an Bhainistíocht Tírdhreacha, i mí na Samhna 2023 i gCathair na Mart, Co. Mhaigh Eo.

Cruinníodh le chéile ann eolaithe, lucht ceaptha beartais, gairmithe aistrithe eolais agus cleachtóirí ó fud oileán na hÉireann a bhíonn gafa le bainistiú na sléibhte. Chualathas meascán de láithreoireachtaí eolaíochta agus pléphainéil ag an siompóisiam, le rannchur ó fheirmeoirí agus páirtithe leasmhara níos forleithne.

I measc na dtéamaí don siompóisiam bhí:

- Sléibhte & Carbón
- Sléibhte & Bithéagsúlacht
- Sléibhte & Uisce



An tUachtarán Mícheál D. Ó hUigínn ag féachaint ar thaispeántán Bithéagsúlachta Teagasc ar sheastán Teagasc ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta in 2023.




Sa phictiúr ag an Siompóisiam don Fheirmeoireacht Chnoic agus don Bhainistiú Tírdhreach Déardaoin 16 Samhain 2023 (ó chlé go deas): Paul McHenry, Ceann na Seirbhíse Comhairlí Eolais CAFRE, Tuaisceart Éireann; Stan Lalor, Stiúrthóir Aistrithe Eolais, Teagasc; Catherine Keena, Speisialtóir um Bainistiú Tuaithe, Teagasc; Vivian Silke, Bainisteoir Réigiúnach, Réigiún Comhairleach Mhaigh Eo, Teagasc agus an tOllamh Frank O Mara, Stiúrthóir Teagasc.

## Seachtain na bhFálta Sceach

I gcomhpháirtíocht nua, rinne Teagasc agus An Chomhairle Oidhreachta comhordú i gcomhar a chéile ar chlár imeachtaí na bliana 2023.



Sa phictiúr ó chlé go deas ag seoladh Sheachtain Náisiúnta na bhFálta Sceach 2023 bhí na daoine seo a leanas: Stan Lalor, Stiúrthóir Aistrithe Eolais, Teagasc; an tAire Pippa Hackett, Aire Stáit ar a bhfuil freagracht i leith Talamhúsáide agus Bithéagsúlachta; Virginia Teehan, Príomhfheidhmeannach na Comhairle Oidhreachta; an tAire Malcolm Noonan, Aire Stáit don Oidhreacht agus don Athchóiriú Toghchánach; agus Doris Coyne, óstfheimeoir, Baile an Bhaspailigh, Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath.

## Éagsúlacht plandaí ar fhéarthailte

Léirítear i dtaighde nua ó Lárionad Taighde Comhshaoil Teagasc, Baile Chaisleáin Sheáin, go gcuireann éagsúlacht níos airde plandaí ar bháinseacha ilspeiceas arna ndianbhainistiú feabhas leis an mbithéagsúlacht agus sláinte ithreach faoi bhun talún. Léiríodh sa staidéar, a foilsíodh san iriseán eolaíochta idirnáisiúnta, ***European Journal of Soil Biology,*** le Israel Ikoyi, Guylain Grange, John Finn agus Fiona Brennan, de réir mar a mhéadaigh éagsúlacht plandaí ar fhéarthailte, gur tháinig méadú freisin ar éagsúlacht de bharr phobail néimeatóidí ithreach, agus tháinig feabhas ar fheidhmíocht ar fud réimse innéacsanna sláinte ithreach ó thaobh na héiceolaíochta de.




Rinne Stephanie Maher agus Colm O'Leary obair ar bheacha dúchasacha na hÉireann in 2023.



# Sprioc Straitéiseach 4

A áirithiú, trí mheán na nuálaíochta bunaithe ar an eolaíocht, go mbeidh Ithreacha, ainmhithe agus daoine níos sláintiúla ann

- Ithreacha sláintiúla
- Ainmhithe sláintiúla dá dtugtar aire mhaith
- Sláinte agus Cothú Daoine

# Ithreacha sláintiúla

## Feabhsaítear bitheolaíocht ithreach le báinseacha féaraigh ilspeiceas

Léirítear i dtaighde nua ó Lárionad Taighde Comhshaoil Teagasc, Baile Chaisleáin Sheáin, go gcuireann éagsúlacht níos airde plandaí ar bháinseacha ilspeiceas arna ndianbhainistiú feabhas leis an mbithéagsúlacht agus sláinte ithreach faoi bhun talún. Léiríodh sa staidéar, a foilsíodh san iriseán eolaíochta idirnáisiúnta, ***European Journal of Soil Biology***, de réir mar a mhéadaigh éagsúlacht plandaí ar fhéarthailte suas le sé speiceas féar, seamrach agus luibheanna, gur tháinig méadú freisin ar éagsúlacht de bharr phobail néimeatóidí ithreach, agus tháinig feabhas ar fheidhmíocht ar fud réimse innéacsanna sláinte ithreach ó thaobh na héiceolaíochta de.

## Tuarascáil Teagasc um Bainistiú Aoiligh

Is rud tábhachtach é tuiscint a fháil ar bhainistiú aoiligh ar fheirmeacha Éireannach lena úsáid chun sonraí astaíochtaí náisiúnta a ríomh le haghaidh gás ceaptha teasa agus amóinia. In 2023, sheol Teagasc staidéar nua ina ndearnadh iniúchadh ar chleachtais bainistíochta aoiligh ar fheirmeacha Éireannacha, rud a théann i bhfeidhm ar thionchar na talmhaíochta ar an gcomhshaol. Tá an staidéar bunaithe ar anailís ar fheirmeacha ar a bhfuil ainmhithe buaibheacha idir an tréimhse 2017 agus 2021 ag úsáid sonraí arna mbailiú ón Shuirbhé Náisiúnta Teagasc ar Fheirmeacha (NFS).

Tugtar mionsonraí iontaofa sa staidéar ar fhad na dtréimhsí a chaitheann ainmhithe buaibheacha faoi dhíon, forleithne na gcineálacha difriúla saoráidí stórála le haghaidh sciodair agus aoiligh, na cionta aoileach a ghineann cineálacha difriúla ainmhithe, méid séasúrachta an churtha aoiligh agus an méid úsáide a bhaintear ar modhanna éagsúla curtha sciodair agus stórála aoiligh.

## Seoladh FutureSoils

Tá Teagasc ag comhoibriú le Grassland Agro agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC) chun tacú le FutureSoils, ar clár taighde nuálacha nua é lena réiteofar an bealach chun éifeachtúlacht fheabhsaithe a bhaint amach i leith úsáid leasachán agus sláinte ithreach ar fheirmeacha na hÉireann. Tacóidh Grassland Agro, trí mheán Lárionad Taighde VistaMilk arna chistiú ag SFI, le beirt mhac léinn ag tabhairt faoi PhD.

## Cruinnithe Faisnéise maidir le Níotráítí agus Maolú

In 2023 d'óstáil Teagasc sraith cruinnithe faisnéise maidir le Níotráítí agus Maolú d'fheirmeoirí agus don phobal agra-ghairmiúil níos leithne. Reáchtáladh na himeachtaí sin i ngach ceann de réigiúin chomhairleacha Teagasc, le láithreoireachtaí ó bhaill foirne Teagasc.



Sa phictiúr ag an seoladh in COC tá an tOllamh Astrid Wingler, Ceann Scoile na nEolaíochtaí Bitheolaíochta, Domhaneolaíochta agus Comhshaoil (BEES), David Wall, Teagasc Bhaile Chaisleáin Sheáin, An tOllamh Frank Buckley, Ollamh le hEolaíocht Talmhaíochta ag COC, David Corbett, Grassland Agro, Liam Woulfe, Stiúrthóir Bainistíochta Grassland Agro agus Comhalta d'Údarás Teagasc, John O'Loughlin, Grassland Agro, An tOllamh Michael O'Donovan, Ceann Teagasc ar Eolaíocht Féaraigh agus Michael Egan, Teagasc na Cloiche Léithe.

## Comhdháil Dhomhanda faoin mBithéagsúlacht Ithreach

Tharla comhdháil idirnáisiúnta mhór maidir leis an mbithéagsúlacht ithreach, arna comhóstáil ag Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Teagasc, i gcomhar leis an Tionscnamh Domhanda don Bhithéagsúlacht Ithreach, i mBaile Átha Cliath, i mí an Mhárta. Reáchtáladh an 3ú comhdháil don Bhithéagsúlacht Ithreach Dhomhanda, imeacht trí lá, ar champas COBÁC, agus tugadh le chéile ann na saineolaithe domhanda is forásaí in eolaíochta na bithéagsúlachta ithreacha, agus os cionn 650 duine ag freastal ó 120 tír uirthi.

## Imeacht allamuigh

Ba í an phríomhtheachtaireacht ó imeacht allamuigh a reáchtáladh i Lárionad Taighde Teagasc don Ithir, Comhshaol agus Talamhúsáid i gCaisleán Bhaile Sheáin, Contae Loch Garman i mí an Mhárta, gurb í an dea-shláinte ithreach bonnchloch na gcóras talmhaíochta atá táirgiúil agus athléimneach. Ba é seo a leanas téama an imeachta: 'Feirmeoireacht don tSláinte Ithreach: Córais Talmhaíochta Athléimneacha a Thógáil ón mBonn Aníos'.



**Mar chomóradh ar Lá Domhanda Ithreacha 2023, thug an tAire Stáit Pippa Hackett cuairt ar fheirm le Thomas, Florence agus David Fennelly gar d'Ioma, Co. Laoise. Is feirmeoirí déiríochta iad muintir Fennelly atá ag glacadh páirte i gclár Comharthaíochta Teagasc, agus tá siad ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa agus amóinia a laghdú, cáilíocht an uisce agus sláinte ithreach, agus an bhithéagsúlacht fhoriomlán ar a bhfeirm a fheabhsú. Sa phictiúr ó chlé go deas tá George Ramsbottom (Teagasc), Mary Cleary (DAFM) Thomas Fennelly (Feirmeoir), Florence Fennelly, an tAire Stáit Pippa Hackett, Niall Ryan, (DAFM) David Fennelly (Feirmeoir), Lorcan Dooley (Teagasc) Méabh O'Hagan (Teagasc).**

# Ainmhithe sláintiúla dá dtugtar aire mhaith

## Iompar

Rinne Teagasc staidéir in 2023 ar laonna neamhscoite á gcur ar iompar cianfhaid le himscrúdú a dhéanamh ar thionchar aois na laonna ar thorthaí sláinte agus leasa, agus rinneadh iniúchadh freisin ar na hiarmhairtí ó bheatha bainne phúdraigh a sholáthar do na laonna leath bealaigh ar an n-aistear ar bhád farantóireachta ar a sláinte agus leas.

## Cur le Saibhreas na Timpeallachta

Rinne taighdeoirí Teagasc imcsrúdú ar ábhair mhalartacha saibhrithe do chránacha i gcliathbhoscaí breithe (chun iompraíocht neadaithe a éascú). D'fhéach beirt mhac léinn ar fhachtóirí riosca le haghaidh loit chluaise agus eireabaill ar fheirmeacha muc.

## Cró muc ardleasa, astaíochtaí ísle

D'oscail Teagasc cró muc nua ardleasa, astaíochtaí ísle ag an gCloch Liath in 2023. Tá limistéar lasmuigh ann, lamháltas spáis níos airde, roinnt mhaith urláir sholadaigh a éascaíonn don saibhriú/easair, agus a laghdaíonn baol na bacaíle – tá taighde ar bun faoi láthair chun na maímh sin a fhíorú.

Tugadh cuairt ar fhiche táirgeoir faoin aer, agus rinneadh cigireachtaí leasa muc orthu mar chuid den tionscadal OneWelPig. De réir na dtaigheoirí tá saoirse iompraíochta i bhfad níos fearr ag muca sna córais úd, ach is mó na dúshláin a bhaineann leo ó thaobh na haimsire de (strus fuachta agus teasa), seadáin agus drochbhail choirp ar chránacha i mbun táil.

# Sláinte agus cothú daoine

## CoDiet

Mar chuid de thionscadal taighde nua a seoladh in 2023 déanfar imscrúdú ar an gcaidreamh idir aiste bia agus galar neamhtheagmhálacha (GNTanna), trí theicneolaíochtaí faireacháin nuálacha a thriail, amhail ceamaraí cliste inchaite, agus uirlisí intleachta saorga a fhorbairt chun comhairle aiste bia phearsantaithe a chur ar fáil.

Dúirt Orla O'Sullivan - ceannaire an tionscadail ag Teagasc, an méid seo a leanas:

*''Táimid ag dúil le bheith inár gcuid den tionscadal CoDiet lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta. Úsáidfimid an t-eolas atá againn cheana maidir leis an micribhithóm agus na saoráidí Seicheamhaithe ADN agus saineolas atá le fáil in Teagasc lenár n-eolas ar NCD agus tionchar féideartha na comhairle pearsanta maidir le haiste bia a fheabhsú.''*

## Caighdeán an óir

Meastar an bainne cíche a bheith mar chaighdeán an óir don chothú naíonán toisc go bhfuil cothaithigh riachtanacha le fáil ann chun tacú le fás, forbairt agus imdhíonacht luath naíonán. Bíonn ról tábhachtach ag na siúcraí sa bhaile daonna, ar a dtugtar olagaishiúicrídí, chun na feidhmeanna tairbhiúla sin a scaoileadh.

Táthar ag déanamh iniúchadh mar chuid de Thionscadal nua Teagasc ar bhealaí chun toradh agus comhdhéanamh na n-olagaishiúicrídí i mbainne ba a fheabhsú, rud a thacóidh sa deireadh thiar le baint olagaishiúicrídí ar scála mór ón mbainne buaibheach agus óna ndíorthaigh mheidhg. Is é is aidhm freisin don tionscadal sin – ar a dtugtar OPTI-OLIGO – na heinsímí a tháirgtear san fhaireog mhamach a shaintréithriú níos fearr, ónar féidir olagaishiúicrídí a shintéisiú i mbainne bó.

## SeaHealth

Táthar ag déanamh scagadh mar chuid de thionscadal Teagasc ar a dtugtar SeaHealth ar eastóscáin feamainne lena mbaineann an fhéidearthacht dul i bhfeidhm ar mhicribhithóm phutóga an duine má déantar iad a ionghabháil. Is ionann micribhithóm na bputóg agus pobal na mbaictéar, na bhfungas agus na víreas a chónaíonn inár bputóga. Is féidir le héagothroime idir an cóimheas baictéar tairbhiúil agus baictéar díobhálach i micribhithóm ár bputóg dul i bhfeidhm ar ár sláinte.






An Tánaiste, An tAire Gnóthaí Eachtracha agus an tAire Cosanta, an tUas. Micheál Martin, T.D. ag seoladh na bileoige 20 Years Impact ar son APB Microbiome Ireland ag ócáid cheiliúrtha i nGailearaí Glucksman, COC, i mí na Nollag, sa phictiúr (ó chlé go deas) bhí: An tOllamh Paul Ross, Stiúrthóir le APC Microbiome Ireland; Pamela Byrne, Cathaoirleach ar Bhord Rialachais APC agus Príomhfheidhmeannach ar Údarás um Shábháilteacht Bia na hÉireann; an tOllamh Frank O'Mara, Stiúrthóir Teagasc agus An Tánaiste, An tAire Gnóthaí Eachtracha agus an tAire Cosanta, Michéal Martin, T.D.



# Sprioc Straitéiseach 5

## Feabhas agus éifeachtúlacht eagraíochtúil a fheabhsú i gcónaí maidir lenár seirbhísí

- Acmhainní a chur ar fáil don chaiteachas reatha agus é a bhainistiú.
- ‘Teagasc le Chéile’: Eagraíocht Níos Sofhreagrúla a Thógáil
- Éagsúlacht agus Cuimsiú
- Cosaint Sonraí
- Comhoibriú
- Infheistíocht Bonneagair
- Teicneolaíocht nua don fhoireann a threisiú
- Digitiúchán agus acmhainní TFC
- Cumarsáid agus rannpháirteachas

# Maoiniú don taighde

In 2023 dámhadh maoiniú don taighde seachtrach ar Teagasc dar luach €37.4m a tharraingeofar síos idir na chéad trí agus sé bliana eile. B'ionann foinsí maoinithe phoiblí na hÉireann agus 78.5% den mhaoiniú arna dhámhachtain, tháinig 15.5% ó fhoinsí maoinithe phoiblí Eorpacha, agus tháinig 6% ó thobhaigh thionscail.




Maoiniú méadaithe




Is í DAFM an fhoinse is mó le haghaidh maoiniú tionscadail




Slánaíodh luach €19.8 milliún i maoiniú ó Fhís an Aontais Eorpaigh




7ú don chistiú iomlán arna shlánú in CL6 Fhís an Aontais Eorpaigh




## Maoiniú ón Aontas Eorpach

In 2023, shlánaigh taighdeoirí Teagasc maoiniú dar luach €29.4 milliún ó ghníomhaireachtaí maoiniúcháin poiblí Éireannacha. Ba í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) an fhoinse cistí ba mhó. Chistigh DAFM roinnt glaonna náisiúnta agus idirnáisiúnta in 2023. An glao maoiniúcháin ar thaighde téamach a bhí mar an ceann is príomhaí astu siúd. Ar phríomhchuspóirí an ghlao áirítear tacú le córais agraibhia, foraoise, agus bhithbhunaithe ar iomlánaíoch agus inbhuanaithe iad; arb éard is aidhm dóibh bia agus táirgí bithbhunaithe inacmhainne, sábháilte, agus cothaitheach a chur ar fáil do gach saoránach, agus comhshaol sláintiúil sábháilte á chinntiú do chách. Is ionann luach iomlán an mhaoinithe arna dhámhachtain ar Teagasc in 2023 le haghaidh tionscadail arna maoiniú faoin nglao seo agus €8.5 milliún.

I mí na Nollag 2023, dheimhnigh DAFM maoiniú don chúigiú céim den Chlár Dobharcheantar Talmhaíochta (ACP) idir na blianta 2024 agus 2027. Áireofar leis an gclár feabhsaithe taighde leanúnach agus formhéadaithe agus monatóireacht ar cháilíocht an uisce agus ar an athrú aeráide; gealltanas leanúnach DAFM don Chlár Tacaíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht na Talmhaíochta (ASSAP); agus béim nua á leagan ar straitéisí maolaithe uisce agus aeráide a bheith réidh le cur i mbeartas. Mar chuid de Chéim 5 beidh maoiniú méadaithe foriomlán ann do na blianta 2024-2027 dar luach níos mó ná €13 mhilliún.

# Stiúrthóireacht Oibríochtaí Teagasc 2023

## TFC

**99%** Infhaighteacht an Bhonneagair TFC

**37** dTionscadal TFC curtha i gcrích

**€702k** infheistithe i dtionscadail TFC

Tacaíocht tugtha do **3,036** ríomhaire

**7,206** feiste líonra á mbainistiú

## Daoine

**518** gcomórtas earcaíochta

**480** ceapachán

**4,300** iarratas

**47** mball foirne a chríochnaigh cúrsaí QQI leibhéal 5 – 10 le tacaíocht ó Chiste Foghlama agus Forbartha Teagasc.

## Freagracht chorparáideach & Inbhuanaitheacht

% de Thionscadail Soláthair lena gcuimsítear Soláthar Poiblí Glas (GPP) = **33%**

Aon tionscadal grianfhuinnimh déag ag campais agus oifigí réigiúnacha Teagasc lena nginfear tuairim is **509 mWh** de leictreachas lena mbainfeadh coigilteas féideartha dar luach **€152**.

Ba cheart go dtiocfaidh coigilteas ó iarfheistiú LED ag saoráidí Teagasc sa Chloch Liath, Cill an Dátúnaigh, Baile Chaisleáin Sheáin, Páirc na Darach agus Garraithe Náisiúnta na Lus **740 mWh** de leictreachas agus luach **€222,000** in aghaidh na bliana.

## Sábháilteacht agus sláinte

**3,829** nIniúchadh S&S dhémhíosúla curtha i gcrích in 2022 ar fud Teagasc

**4,416** ghníomh Feabhsaithe S&S curtha i gcrích in 2022 ar fud Teagasc

## Airgeadas

Bainistíocht ar bhuiséad Teagasc dar luach **€232** mhilliún

**37,000** sonrasc soláthróirí

**310** éileamh ar dheontas tionscadail taighde agus tuarascáil curtha i gcrích

Seachadadh párolla do **1,439** mball foirne agus **1,768** bpinsinéir

Feidhmíonn Cláir Thaighde, Chomhairleacha agus Oideachais Teagasc ó 10 suíomh ilfhoirgníochta agus 45 oifig aonair. Úsáideann Teagasc talamh feirme agus oifigí freisin faoi chomhaontuithe cíosa.

## Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí

Áiríodh aiseolas sa doiciméad ó chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon chun cuidiú le deiseanna a aithint le seirbhísí Teagasc a fheabhsú. Cuireadh i dtábhacht go mór sa phróiseas sin an gá le plean gníomhaíochtaí níos sofhreagrúla. Déanfar an plean a athbhreithniú agus tuairisciú air ar bhonn bliantúil, agus soláthar ann do 'cheartú cúrsa' trí bhearta breise nó leasaithe a dhéanamh.




Leis an gcur chuige níos solúbtha sin cuirfear ar chumas Teagasc é féin a chur in oiriúint níos fearr do na tosaíochtaí ag teacht aníos.

Tacaítear sa phlean le Ráiteas Straitaéise Teagasc 2021- 2024, dar teideal "Teagasc Le Chéile". Braitheann soláthar leanúnach an taighde ardcháilíochta, na seirbhísí comhairleacha agus oideachais go mór ar an gcoincheap Teagasc Le Chéile.

## Acmhainní a chur ar fáil don chaiteachas reatha agus é a bhainistiú

Tá i bhfad níos mó ná míle úsáideoir ag córas airgeadais Teagasc, lena n-áirítear gach ball foirne agus scoláire de chuid Teagasc, agus daoine eile nach foláir dóibh caiteachais a éileamh. Baineann modúil iolracha leis lena n-áirítear foréileamh agus ceannach, taisteal agus caiteachais, sócmhainní seasta, Mórleabhar Ginearálta, díolacháin, agus bainistiú airgid. Baineann ríthábhacht lena chruinneas agus lena shláine chun bainistíocht chuí a dhéanamh ar airgeadas Teagasc.

Tá dlúthbhaint ag an gcóras airgeadais freisin le córais Bainistíochta Caidrimh le Custaiméirí de chuid Teagasc le cliaint a bhilleáil. B'éigean an dá chóras a thástáil ó bhonn go barr dá réir sin mar chuid de thionscadal leis an gcóras a uasghrádú.

## Líonra Saorálaithe um Bainistiú tionscadail

Fostaíonn Teagasc roinnt mhaith Bainisteoirí Tionscadail tiomnaithe chun tionscadail arna maoiniú ar bhonn Eorpach agus Náisiúnta (DAFM, SFI) a bhainistiú. Bíonn luaineacht le sonrú i mballraíocht an ghrúpa PM, de réir mar a chistítear tionscadail nua agus a thugtar na tionscadail atá ann cheana chun críche. Faoi láthair tá 12 chomhalta ann a bhuaileann le chéile ar bhonn míosúil trí mheán Zoom chun plé a dhéanamh ar ábhair a théann i bhfeidhm ar an ngrúpa, eispéireas a roinnt faoi sheifteanna le fadhbanna a réiteach, agus bíonn seisiún ceisteanna agus freagraí luachmhar ann i gcónaí chun éascú do dhaoine nua agus do gach foghlaimeoir.

## Tiomantas Teagasc do Bhunluachanna

In 2023 bhí an Rannóg AD i bhfeighil ar thionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ráiteas atá ann cheana maidir le Luachanna Teagasc, arbh éard is sprioc dóibh ár mBunluachanna a theacht chun cinn agus a neartú. Chuir AD meitheal foirne ar bun, reáchtáil roinnt ceardlann agus suirbhé foirne. D'fhéach an mheitheal freisin le hionchur a fháil ón gCoiste Comhpháirtíochta Náisiúnta, ón ardbhainistíocht agus ó Údarás Teagasc. I mí Dheireadh Fómhair 2023 thángthas ar Luachanna nua na hUrraime, an Fheabhais agus na Sláine; agus cuireadh faoi bhráid Údarás Teagasc iad. Is prionsabail treorach iad Luachanna Teagasc lena múnlaítear ár gcultúr agus lena gcuirtear ár rath chun cinn. Trí na Luachanna sin a ionchorprú inár n-obair laethúil, is féidir linn cuidiú chun eagraíocht a chothú ina mbraitheann baill foirne, cliaint agus páirtithe leasmhara tacaíocht, luach, agus spreagadh chun ár ndícheall a dhéanamh le chéile.




## 'Teagasc Le Chéile' eagraíocht níos sofhreagrúla a thógáil

Tá bealach oibre *Teagasc Le Chéile* leabaithe inár Luachanna nua agus is é is teideal don Ráiteas Straitéise atá ann faoi láthair. Tá Teagasc tar éis díriú níos mó le blianta beaga anuas ar neart ár gcomhshaothraithe agus ar an gcaoi a chuidíonn sé le feabhas a sholáthar.

Ag deireadh 2023 tugadh cuireadh do bhaill foirne samplaí a chur faoi bhráid den éiteas oibre 'Teagasc Le Chéile' úd. Cuireadh faoi bhráid sé shampla is fiche de thionscadail ina gcuimsítear an béascna Teagasc Le Chéile. Bhí na samplaí sin scaipthe ar fud na heagraíochta le heolaithe, foireann theicniúil, comhairleoirí, speisialtóirí, agus baill foirne oibríochtaí ag obair le chéile chun aschuir eisceachtúla a sholáthar dár gcliaint agus páirtithe leasmhara.

## An Grúpa Athbhreithnithe Rialachais

I rith 2023 bhunaigh Teagasc Grúpa Athbhreithnithe Rialachais (GRR) lena chinntiú go gcothaíonn an eagraíocht na caighdeáin is airde i gcónaí den rialachas corparáideach lena gcuimsítear na córais agus na nósanna imeachta lena ndéantar an eagraíocht a threorú, a rialú agus a bhainistiú. Mar chuid den GRR cuirfear chun cinn forbairt agus cothabháil ar bhéascna dearfach rialachais ina dtugtar spreagadh do gach bainisteoir agus ball foirne laistigh den eagraíocht chun tagairt a dhéanamh d'fhadhbanna nó fiosruithe i ndáil le rialachas ar a ndéanfaidh athbhreithniú sa GRR. Breithneoidh an GRR freisin aon imní rialachais a d'fhéadfadh páirtithe seachtracha a thabhairt aníos.

## Comhdháil Ceannaireachta Daoine

D'óstáil Teagasc a chéad chomhdháil inmheánach um bainistiú daoine i mí Dheireadh Fómhair 2023. D'fhreastail 71 bhainisteoirí ó fud na heagraíochta ar an imeacht oiliúna dhá lá sin. B'éard ba chuspóir don chomhdháil deis bhríomhar a chruthú do bhainisteoirí aonaid ghnó agus ceannairí sinsearacha Teagasc chun faobhar a chur lena gcuid oilteachtaí ceannaireachta, foghlaim faoin dea-chleachtas, smaointe a chomhroinnt, machnamh a dhéanamh, líonrú a dhéanamh, agus inchreidteacht ghairmiúil a neartú i dtimpeallacht forbartha leanúnaí gairmiúla.




Comhdháil Ceannaireachta Daoine.

## Éagsúlacht agus ionchuimsiú

Lean Teagasc ar aghaidh lena chlár gníomhaíochtaí Ilchineálachta agus Ionchuimsithe ó cheann ceann 2023. Chuir an mheitheal a cuid iarrachtaí le chéile le Mí Ilchineálachta agus Ionchuimsithe Teagasc a reáchtáil i mí an Mheithimh. D'idirghníomhaigh os cionn 1,259 mball foirne leis an gclár, ina ndearnadh ceiliúradh ar dhifríochtaí, inar cruthaíodh feasacht níos mó faoi thábhacht an ionchuimsithe, agus trínar cuireadh oideachas ar chomhghleacaithe faoi ábhair ar nós na Néara-ilchineálachta agus an Bhróid. Cuireadh bratacha bróid ar foluain, chaith baill foirne suaitheantais bhróid, agus ghlac comhghleacaithe páirt i seimineáir ghréasáin faoi ábhair na trasinscne agus na néara-ilchineálachta.

D'fhoilsigh Teagasc an dara Tuarascáil maidir leis mBearna Phá idir na hInscní dá chuid, ina léirítear an chaoi ar tháinig laghdú ar an mbearna phá idir na hinscní in Teagasc arís don seachtú bliain as a chéile. In 2017, bhí ár mbearna phá idir na hinscní ag 17%, agus táthar á druidim de réir a chéile chuig bearna 11%, amhail mí an Mheithimh 2023. Leanann Teagasc air ag infheistiú i dtionscnaimh arna leagan amach i bPlean Teagasc um Comhionannas idir Fir agus Mná. Aithníonn Teagasc an ríthábhacht a bhaineann le bheith in ann tallann bhaineann a mhealladh, a fhorbairt, agus a choinneáil, agus go mbíonn feidhmíocht na n-eagraíochtaí a bhfuil foirne bainistíochta atá ilchineálach ó thaobh na hinscne de níos fearr ná na heagraíochtaí nach bhfuil an ilchineálacht sin ag an mbord cinnteoireachta. Tá ceapadh tuilleadh ban chuig príomhróil bhainistíochta in Teagasc tar éis athrú dearfach a dhéanamh ar struchtúr na heagraíochta agus ar dhinimic na ceannaireachta inti. Chuir sé eiseamláireacha tábhachtacha baineann ar fáil do na baill foirne a roghnaigh chun tús a chur lena ngairmréim in Teagasc. Tá rannpháirteachas níos mó na mball foirne ban le sonrú ar chúrsaí iarchéime, agus tá tuilleadh ban ag teacht chun cinn le haghaidh ainmniúcháin chuig boird stáit. Tá béascna ina bhfeartar fáilte roimh bhaill foirne, go háirithe mná, á chruthú go gníomhach ag Teagasc, ina mbeidh siad ag iarraidh a gcuid gairmréimeanna a fhorbairt, le gur féidir leo a gcumas iomlán a bhaint amach trí arduithe céime a fháil inár n-eagraíocht.

Sheol Teagasc 'pas cóiríochta réasúnta' do gach ball foirne. Is bealach fíor-éasca agus ionchuimsitheach é an uirlis úd do bhaill foirne ar a bhfuil míchumas chun tacaíochtaí agus cóiríocht a lorg ó Teagasc. Ina shuirbhé bliantúil, léirítear sna sonraí go bhfuil míchumas ar 7% de bhaill foirne Teagasc, suas ó 5.43% in 2022.




Tá an bhearna phá idir fir agus mná á druidim de réir a chéile ó 17% in 2017 chuig 11%, amhail mí an Mheithimh 2023

# Rannpháirtíocht Foirne

## Chuir Teagasc roinnt mhaith clár rannpháirtíochta foirne ar siúl le linn 2023.

Chéimigh fiche ball foirne ó Chlár Forbartha Ceannaireachta OCBÁC i mí Dheireadh Fómhair 2023. Forbraíonn rannpháirtithe ar LDP Teagasc scileanna agus inniúlachtaí chun obair go héifeachtach le comhghleacaithe chun a gcuid scileanna bainistíochta pearsanta agus ceannaireachta a fhorbairt. Bíonn deiseanna acu fadhbanna eagraíochtúla a shainaithint agus obair ar thionscadail straitéiseach Teagasc. Bíonn an deis ag rannpháirtithe líonrú a dhéanamh agus obair chomhoibríoch a chothú le comhghleacaithe eile ar fud na heagraíochta agus chun tábhacht na hiompraíochta ceannaireachta a thuiscint i saol athraitheach na hoibre.

In 2023 tharla méadú 400 úsáideoir ar ardán Cumarsáide Inmheánaí Teagasc darb ainm Workvivo. Tá 1,800 úsáideoir laethúil gníomhach ar an ardán anois, ar a bhfeictear roinnt mhaith gníomhaíochtaí eagraíochtúla agus rannpháirtíochta foirne amhail suirbhéanna cuisle. Rinneadh suirbhé ar eispéireas ball foirne leis an obair ón mbaile trí mheán WorkVivo, agus cuirfidh sé sin le hathbhreithniú cuimsitheach ar ár gcláir oibre shofhreagrúla uile.

D'óstáil an Stiúrthóireacht Taighde cruinnithe cumarsáide i bhfoirm halla an bhaile ina cuid lárionad taighde uile le linn 2023. Eagraíodh cruinnithe freisin le comhghleacaithe ag obair ar ár bhfeirmeacha, mar a raibh deiseanna acu chun plé a dhéanamh ar dhúshláin le hionadaí ón Rannóg AD agus le hionadaí Bhaill Foirne Údarás Teagasc.

# Comhoibriú

## Maoin intleachtúil

Is i mBeartas MI Teagasc a leagtar amach an creat do Teagasc chun bainistíocht ghairmiúil a dhéanamh ar a rannpháirtíochtaí comhoibríocha leis an tionscal, agus treoir á soláthar maidir le cearta, rioscaí airgeadais agus luaíochtaí a bhaineann le tráchtálú a dhéanamh ar a MI.

Is ann a dhéantar rialú maidir le dea-chleachtais Teagasc, chun rannpháirtíochtaí tiosncail agus tráchtálú ar a aschur taighde a bhainistiú. Is léiriú é leasú ar Bheartas Náisiúnta MI a tugadh i gcrích in 2023 de mholtaí ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus léirítear leis tiomantas Teagasc chun cur chuige sofhreagrúil agus struchtúrtha chun gach cineál MI a thráchtálú. Trí mheán an bheartais seo, tá Teagasc ina cheannródaí náisiúnta, i MI de réir sonraí casta a bhainistiú dá dúshaothrú i gceart.

## AgNav

Baineann tábhacht straitéiseach náisiúnta le forbairt AgNav chun cúnamh le hearnáil na talmhaíochta spriocanna earnála a sheachadadh. Is an príomhchuspóir chun cur ar chumas feirmeoirí pleananna gníomhaíochta saincheaptha a fhorbairt le feabhsuithe ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar inbhuanaitheacht a chur chun feidhme. Tá AgNav dírithe ar fheirmeoirí, á gcur ar an eolas faoi fheidhmíochta reatha a gcuid feirmeacha agus faoi na gníomhartha ar féidir leo a ghlacadh.

Ar scála cuí, tá an cumas ag AgNav bheith ina chúis le luathú ar ghlacadh na mbeart iomchuí ar leibhéal na feirme aonair. Tá an comhoibriú idir Foirne Teagasc agus Bord Bia agus ICBF tógtha ar iontaobhas oscailte, agus is dea-chomhartha é don chomhoibriú amach anseo. Tá tacaíocht fhorleathan faighte ag AgNav ó fheirmeoirí agus páirtithe leasmhara lena n-áirítear DAFM mar uirlis phraiticiúil. Cuireann sé ar chumas na hÉireann bheith i gceann feadhna chun measúnuithe tírshonracha lánfheirme don inbhuanaitheacht a fhorbairt.

## Cosaint sonraí



Agus ceanglais um Chosaint Sonraí á gcomhlíonadh, iarrtar ar gach Bainisteoir Aonad Gnó tabhairt faoi Athbhreithnithe Bliantúla um Chosaint Sonraí agus i gcomhar le Comhordaitheoirí um Chosaint Sonraí, athbhreithniú a dhéanamh ar an Sceideal Coinneála Sonraí agus ar an Taifead ar Ghníomhaíocht Próiseála dá nAonad Gnó.

Méadaíodh Líonra na gComhordaitheoirí um Chosaint Sonraí in 2023 le comhordaitheoir a chur san áireamh le haghaidh gach Rannóg Taighde in Teagasc. Chuir Oifigeach Cosanta Sonraí Teagasc oiliúint aon lae duine le duine ar fáil i gcomhar le cuideachta sheachtrach, le haghaidh na gcomhordaitheoirí ag deireadh mí Eanáir 2023.

Ina theannta sin, cuireadh oiliúint ar líne ar fáil do chomhordaitheoirí agus soláthraíodh seisiúin chomhordaithe le haghaidh na gcomhordaitheoirí nua i Rannóga Taighde Teagasc. D'fheidhmigh an oiliúint a cuireadh ar fáil do chomhordaitheoirí agus na teachtaireachtaí a cuireadh amach maidir leis na hAthbhreithnithe Bliantúla um Chosaint Sonraí, le tuilleadh feasachta a mhúscailt faoin gCosaint Sonraí ar fud na heagraíochta.

In R3 2023, d'fhostaigh Teagasc cuideachta tacaíochta sheachtrach um Chosaint Sonraí mar fhorlíonadh leis na hacmhainní i gCosaint Sonraí agus chun obair le hOifigeach Teagasc um Chosaint Sonraí.  Pléadh na hiarratais ar Ábhar Sonraí i gcomhréir le beartas Teagasc agus comhlíonadh amchláir reachtúla. Pléadh leis na teagmhais sonraí a tharla, agus taifeadadh iad de réir mar ba ghá de réir dhoiciméid beartais Teagasc.

Tagann Teagasc faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 agus pléadh le gach iarratas a cuireadh faoi bhráid Teagasc mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht.

# Rannpháirtíocht Tionscail

## Rannpháirtíocht tionscail, tráchtálú agus fiontraíocht

In 2023 bhain Teagasc leas as taighde agus teicneolaíochtaí úrscothacha le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin chriticiúla atá os comhair feirmeoirí agus táirgeoirí agraibhia chun táirgeacht, inbhuanaitheacht, agus iomaíochas a fheabhsú, agus ar deireadh chun fás eacnamaíoch a chumasú.

Chuir an Oifig Aistrithe Teicneolaíochta (OAT), Engage@Teagasc le tionchar fadtéarmach a bhíonn ag taighde Teagasc trí phointe fócais a sholáthar trínar féidir le comhpháirtithe tionscail dul i ngleic le taighde agus teicneolaíochtaí Teagasc.

Ba bhliain ghnóthach d'fhoireann Engage@Teagasc í 2023, agus tacaíocht á cur ar fáil acu ar fud na gClár Taighde uile. Áiríodh leis sin oiliúint i dtionchar agus fiontraíocht le haghaidh os cionn 150 taighdeoir, agus tacaíocht mhéadaithe do thaighdeoirí ag tús a ngairmréime chun soláthar inbhuanaithe nuálaíochta a chruthú. Áiríodh i measc na tacaíochta do shocruithe conarthacha comhoibriú taighde agus tionscadail, soláthar sainchomhairleoireachta agus seirbhíse teicniúla i dteanna punann éagsúil nuálaíochtaí nua agus maoine intleachtúla (MI) a bhainistiú.

- As an ioncam taighde dar luach €58.2 milliún a fuair Teagasc in 2023, bhain 28.2% de le comhoibrithe faoi urraíocht tionscail (arna maoiniú i bpáirt nó go hiomlán ag tionscal) agus 14.6% arna mhaoiniú go díreach ó ranníocaíochtaí tionscail in airgead tirim.
- Síníodh 10 gcomhaontú nua um chomhoibriú, arna maoiniú i bpáirt nó go hiomlán ag tionscal, lenar bhain 14 chuideachta. Amhail 31 Nollaig 2023, bhí 53 chomhaontú um thaighde comhoibríoch ann leis an tionscal (arna maoiniú i bpáirt nó go hiomlán).
- Thuairiscigh Teagasc 65 chomhaontú seirbhíse sainchomhairleoireachta in 2023 lenar bhain ioncam comhlán dar luach €3.1M; bhain 35 de na comhaontuithe sin le FBManna.
- Léiríodh gníomhaíocht láidir nuálach agus um thráchtálú in 2023, lenar áiríodh na cinn seo a leanas:
  - » 42 nochtadh gafa um aireagán nua, ar dúbailt é ar na blianta roimhe sin, rud a léiríonn fás spreagúil ar rannpháirtíocht taighde i bhforbairt agus tráchtálú MI.
  - » Iarratas amháin nua ar phaitinn comhdaithe, rud a thugann líon na bhfinte paitinní ag Teagasc chuig 33
  - » 43 cheadúnas, rogha agus shannachán nua sínithe leis an tionscal. San áireamh leis sin tá 6 cheadúnas tráchtála, (a mbaineann 5 díobh le cineálacha nua seagalaigh), 2 shannachán agus 35 rogha, (ó lárionaid faoi stiúir tionscail den chuid is mó arna maoiniú ag SFI agus Fiontraíocht Éireann).
  - » Fuarthas ioncam dar luach €1,307,369 um Thráchtálú MI (ó chomhaontuithe gníomhacha leis an tionscal), go maith os cionn na sprice €806k, agus €803k de sin ag teacht ó thráchtálú ar chineálacha nua prátaí agus féar.
- Chuathas i mbun athbhreithniú cuimsitheach ar Bheartas agus nósanna imeachta Teagasc don MI in 2023, le béim á leagan ar an dea-rialachas. Leis sin, cumasaíodh trédhearcacht próiseas níos mó agus bainistiú ar MI de réir sonraí casta.
- Shlánaigh COBÁC agus Teagasc maoiniú dar luach €7 milliún le haghaidh Chlár Agraiteicneolaíochta agus Bia chun tacú leis an bhfiontraíocht faoi chlár oiliúna Thionscnamh Nuálaithe Fhiontraíocht Éireann: Ceannródaíocht ar Thodhchaí Chliste (ar ar tugadh Tionscnamh Oiliúna arna threorú le hÉilimh). Seolfar an clár fiontraíochta nua in 2024, agus méadófar an t-eolas ar nuálaíocht leis laistigh den earnáil bia agus talmhaíochta, óna dtiocfaidh níos mó cuideachtaí nuathionscanta ardchumais (CNTACanna) agus poist á gcruthú san earnáil seo den gheilleagar.

### Comhoibríonn GoldCrop agus Teagasc le chéile chun Nuálaíochtaí Féaraigh a sholáthar

Tá Clár Pórúcháin Féir Teagasc ina phríomhthosaíocht le tríocha bliain anuas, agus comhshocruithe tráchtála i bhfeidhm chun tacú leis an margaíocht agus iomadú ar fud an domhain. Agus na comhshocruithe atá ann faoi láthair á gcur i gcrích in 2023, soláthraíodh comhpháirtí tráchtála don phórúchán agus don tráchtálú trí thionscnamh nua.

Bhí foireann Engage@Teagasc i gceann feadhna ar na hidirbheartaíochtaí le haghaidh Creat-Chomhaontú nua ina dtacaítear leis an gcomhshocrú comhoibríoch, agus an Comhaontú Ceadúnais teimpléadach lena gcumasaítear cineálacha nua a dhúshaothrú.

Síos tríd an bpróiseas fuair Soláthar agus Engage@Teagasc tacaíocht láidir ó shaineolas agus taithí na foirne Póraithe Foráiste chun a chinntiú go mbeadh doiciméadacht na tairisceana agus an doiciméadacht dhlíthiúil réalaíoch agus inchurtha chun feidhme le haghaidh Teagasc agus Goldcrop Ltd. araon.

Is trí chomhpháirtíocht le Goldcrop Ltd., an mórdhíoltóir síolta Éireannach is mó, a chinntítear leanúnachas don chlár, agus a thugtar bealach trínar féidir le cineálacha nuálacha dul i bhfód ar mhargaí féaraigh.




**Shínigh Teagasc agus Goldcrop comhaontú fadtéarmach d'fheabhsú géiniteach ar fhéar & seamair ag Moorepark'23 de chuid Teagasc. Grianghraf: O'Gorman Photography.**

# Infheistíocht Bonneagair

**NASRIC.** I mí Mheán Fómhair 2023, thosaigh Teagasc ar chéim tógála an Lárionaid Náisiúnta um Inbhuanaitheacht agus Nuálaíocht sa Talmhaíocht (NASRIC) i gCaisleán Bhaile Sheáin. Díreofar aird an Lárionaid ar theicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt, a thástáil agus a chur chun feidhme chun éascú d'fheirmeoirí inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus chomhshaoil a chur le chéile. Soláthróidh NASRIC réitigh chomhtháite phraiticiúla ar fháil d'fheirmeoirí agus páirtithe leasmhara eile chun sláinte ithreach a fheabhsú, bithéagsúlacht a athbhunú agus a chosaint, cáilíocht an uisce a fheabhsú, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus amóinia a laghdú agus ceapadh carbóin san ithir a fheabhsú. Áirítear leis an tógáil foirgneamh saotharlainne nua ardsonraíochta de thuairim is 1450m2 i dteannta athchóiriú ar na saotharlanna atá ann cheana de thuairim is 1750m2 chun spás saotharlainne de cháilíocht níos airde a chur ar fáil. Leanfar ar aghaidh ag tógáil an fhoirgnimh amach in 2024, agus tá coinne leis go gcríochnófar Céim 1 in 2025.

**An Lárionad don Taighde in Ainmhithe agus Féarach Inbhuanaithe**

D'fhógair an tAire Talmhaíochta, Bia, agus Mara, Charlie McConalogue, T.D. gur thug FBD Holdings cpt, FBD Trust CTR agus Farmer Business Developments Cpt íocaíochtaí dar luach €6 mhilliún le Lárionad don Taighde in Ainmhithe agus Féarach Inbhuanaithe nua a fhorbairt ag Teagasc na Cloiche Léithe, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí.

**Tionscadail chaipitil**

Caitheadh €10,369,547 san iomlán ar thionscadail chaipitil le linn 2023. San áireamh leis sin tá €4.16m ar thionscadail mhionchaipitil bheaga; críochnaíodh sé cinn is fiche de na hocht gceann is fiche de réir an sceidil ag deireadh na bliana, agus 95% den bhuiséad mionchaipitil caite. Is iad seo a leanas dhá cheann de na tionscadail níos mó:

**Seomraí ranga, Coláiste Chill an Dátúnaigh**

Tá an tionscadal seo comhdhéanta de thógáil foirgnimh nua le líon na seomraí ranga a bhíonn ar fáil a mhéadú. Foirgneamh dhá stór atá ann, agus é comhdhéanta de dhá sheomra ranga agus staighre rochtana in aice láimhe. Leis an tionscadal, ceadófar do Chill an Dátúnaigh dóthain spáis a thabhairt don chohórt síormhéadaitheach mac léinn a chláraíonn gach bliain.

**Forbairt Chlós Feirme, Coláiste Chill an Dátúnaigh**

Bhí an tionscadal seo ceaptha chun an bonneagar clós feirme i gColáiste Chill an Dátúnaigh a nuachóiriú. Díríodh é ar fhadhbanna leis sin maidir le cúrsaí comhshaoil, inbhuanaitheachta agus sábháilteachta, chomh maith le foirgnimh feirme a nuachóiriú leo go bhfeidhmeoidís mar limistéir taispeána dea-chleachtais do mhic léinn. Áiríodh leis fóireacha sadhlais a thógáil, bóthar athlonnaithe, bá nite, cró laonna, seid innealra agus scioból stórála féir/cocháin.

**Digitiúchán agus acmhainní TFC**

D'fhostaigh Teagasc Stryve le linn 2023 chun tabhairt faoi athbhreithniú ar a chibearshlándáil in aghaidh fhoireann Cóimheastóirí de chuid an Lárionaid um Shlándáil Idirlín. As na 18 gcóimheastóir agus 153 fho-chóimheasrtóir a ndearnadh iniúchadh orthu, d'aimsigh Stryve seacht gcóimheastóir ina raibh gá le feabhsuithe, agus bheartaigh siad tosaíocht a thabhairt do ghníomh shuntasach amháin mar ghníomh práinneach.

Bhí 72 thionscadal TFC mar chuid de phlean gnó 2023 ag tús na bliana. Tugadh isteach 12 thionscadal bhreise i rith na bliana, agus tosaíocht á mbeartú dóibh ag an gCoiste TFC nó arbh éigeantach iad ar chúiseanna Slándála nó Oibríochtúla. Tá fréamhshamhail theicniúil críochnaithe mar chruthúnas coincheapa gur féidir CRM a bhogadh go dtí an néalríomhaireacht. Tugadh aghaidh leis sin ar na príomhdhúshláin uile, agus cuireadh i bhfeidhm sampla de gach ceann. Aithníodh ann freisin go mbeidh gá le hathrú ailtireachta chun a chinntiú go ndéantar feidhmíocht a choinneáil ar bun sa néalríomhaireacht.

## Cumarsáid agus rannpháirteachas

**Feidhmchlár laethúil Teagasc**

Críochnaíodh feidhmchlár laethúil Teagasc in 2023, soláthraíonn sé sruth nuachta laethúil i bhfoirm feidhmchláir is féidir a oiriúnú do spéiseanna feirmeora.

**An Ghaeilge**

Tháinig Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 i bhfeidhm in 2022. Is é is príomhchuspóir don Acht soláthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a mhéadú agus a fheabhsú. Tá sé d'aidhm leis cur leis an dul chun cinn a rinneadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Plean Náisiúnta do Sheirbhísí Poiblí trí Ghaeilge a fhorbairt, i measc gníomhartha tábhachtacha eile. Ar cheann de phríomhfhorálacha an Achta 2021 is ea oibleagáid reachtúil nua ar chomhlachtaí poiblí i ndáil le fógraíocht agus cumarsáid leis an bpobal. In Alt 10A cuirtear dualgais shonracha ar chomhlachtaí poiblí i ndáil leis an mbealach ina ndéanann siad cumarsáide i dteangacha oifigiúla an Stáit. Baineann tábhacht as cuimse leis an bhforáil nua, óir leagtar amach inti go mbeidh ar gach comhlacht poiblí 20% ar a laghad dá bhfógraíocht ar bhonn bliantúil trí mheán na Gaeilge, agus 5% dá gcaiteachas fógraíochta a dhéanamh ar na meáin Ghaeilge. Déantar foráil bhreise in Alt 10A nach mór do chomhlachtaí poiblí ríomhthuairisceán comhlíontachta a chomhdú bunaithe ar an méid fógraíochta a chuir an comhlacht poiblí amach in 2023, arbh í an chéad bhliain féilire iomlán inar cuireadh chun feidhme an tAcht. Chuir Teagasc a ríomhthuairisceán faoi bhráid An Choimisinéara Teanga an 28 Márta 2024, agus tá sé comhlíontach dá réir leis na ceanglais tuairiscithe nua a leagtar amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021.

**Garchabhróirí Meabhairshláinte**

I mí na Nollag 2023, bhunaidh Clár Oiliúna um Thaighde Iarchéime Scoláirí Walsh Teagasc líonra Garchabhróirí Meabhairshláinte ar fud gach Lárionad Taighde Teagasc. Bunaíodh an líonra chun tacú le Scoláirí a d'fhéadfadh a bheith faoi bhrú mór millteach lena gcuid staidéir, nó a mbíonn imní orthu faoina meabhairshláinte agus folláine. Tugann siad tacaíocht gan bhreithiúnas agus faisnéise do Scoláirí ar bhonn docht na rúndachta. Is cuid fhíorthábhachtach de dhualgas cúraim Teagasc do Scoláirí é an líonra, atá ina ngrúpa mór tábhachtach laistigh den eagraíocht.

## Luaite go han-mhinic

Ainmníodh triúr taighdeoirí Teagasc ar an liosta bliantúil de na Taighdeoirí Ardluaite le Clarivate do 2023. Aithnítear sa liosta sin taighdeoirí a léirigh tionchar suntasach ina réimse taighde, trí pháipéir eolaíochta iolracha a fhoilsiú agus a fuair luanna iolracha. Tá sé mhíle, ocht gcéad agus naoi dtaighdeoir is daichead ó institiúidí in 67 dtír agus réigiún a ainmniú mar Thaighdeoirí Ardluaite 2023. Is iad seo a leanas an triúr taighdeoirí de chuid Teagasc: Brijesh Tiwari, Catherine Stanton agus Paul Cotter.




## Gradam Teagasc

Is iad Aine Shortall agus Kate Whyte ó Phobalscoil an Mhóta, Contae na hIarmhí, buaiteoirí ghradam Teagasc ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT 2023 (BTYSTE).

Ina dtionscadal úd, rinneadh iniúchadh ar réiteach a chruthú don fhrithsheasmhacht fhrith-heilminteach i gcapaill. Thriail siad roinnt luibheanna difriúla chun pobail seadán amhail péist scamhóige, péist dhearg agus leis uisce i gcapaill a laghdú.



**Declan Troy, Stiúrthóir Cúnta Taighde ag Teagasc, ag bronnadh Ghradam Speisialta Teagasc ar Aine Shortall (ar chlé) agus Kate Whyte (ar dheis) ag searmanas bronnta gradam BTYSTE 2023.**

# Tuarascáil Fuinnimh

Feidhmíonn Teagasc as 56 ionad príomha ar fud na tíre de scálaí éagsúla idir campais ilfhoirgnimh agus oifigí comhairleacha beaga áitiúla, agus miondealaítear na láithreacha mar seo a leanas:

- 10 gCampas Mhóra (móide Coláiste Gharraithe na Lus) ar an meán ag díreach faoi bhun 6,500m2 d'achar urláir cóireáilte/oiriúnaithe
- 53 Oifig Chomhairleach ar an meán ag díreach faoi bhun 340m2 d'achar urláir cóireáilte/oiriúnaithe (lena n-áirítear maoin ar cíos)

Ní mór do gach comhlacht poiblí, Teagasc san áireamh, sonraí fuinnimh a thuairisciú ar bhonn bliantúil trí leas a bhaint as córas monatóireachta agus tuairiscithe ar líne de chuid SEAI. Críochnaíodh an próiseas sin, go dtí 2024, faoi mhí Aibreáin den bhliain dár gcionn (.i. Aibreán 2023 i gcás 2022). Déanann SEAI an t-ídiú fuinnimh agus an mhéadracht a bhailíochtú ansin, agus eisítear cárta tuairisce maidir le húsáid le haghaidh gach eagraíochta. In 2024, d'athraigh SEAI an amlíne tuairiscithe, rud a chiallaíonn nach mbeidh scórchlár Teagasc do 2023 ar fáil go dtí mí na Samhna 2024.

De réir Phlean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide, ní mór do gach comhlacht poiblí a n-éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú 50% faoi 2030, bunaithe ar bhonnlíne 2009. Sna blianta 2014—2022 rinne Teagasc dul chun cinn nach beag i dtreo na sprice sin, ag baint feabhsuithe 36.4% ar éifeachtúlacht fuinnimh amach (EnPI) amhail an bhliain 2022. Cé go gciallaíonn sé sin go bhfuil Teagasc ag dul ar aghaidh go maith i dtreo a spriocanna 2030 a bhaint amach, beidh gá le hinfheistíocht leanúnach i mbonneagar fuinnimh de réir chun coinneáil ag dul ar aghaidh sa treo cheart.

In 2023 chonacthas ionsá cheithre eagar grianfhuinnimh ar scála mór ar Champas Pháirc na Darach, Coláiste Bhéal Átha hÉis, Lárionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh agus Coláiste Chill an Dátúnaigh, i dteannta sé oifig chomhairleacha i mBéal an Átha, Béal Átha na Slua, An Caisleán Riabhach, An Longfort, Maothail agus Cathair na Mart. Tugadh páirt d'eagar chlós feirme breise i gcrích faoi dheireadh na bliana. San iomlán, leis na 11 thionscadal ó 2023 ginfear tuairim is 509 mWh de leictreachas in aghaidh na bliana, agus coigilteas féideartha ann dar luach €152k (bunaithe ar 30c measta in aghaidh AUP).

Rinneadh iarfheistiú LED in 2023 i gCill an Dátúnaigh, AGRIC na Cloiche Léithe, Caisleán Bhaile Sheáin, Ceannoifig Pháirc na Darach agus Coláiste Gharraithe Náisiúnta na Lus. Bunaithe ar thuarascáil innealtóirí sainchomhairleoireachta réamhthiosncadail tá coigilteas fuinnimh ríofa ann dar luach isteach is amach 740 mWh, lena dtabharfaí coigilteas féideartha dar luach €222k sa bhliain, bunaithe ar phraghas aonaid leictreachais ag €0.30 sa kWh.

Léirítear sa léaráid thíos úsáid breoslaí teirmeacha/iompair ag Teagasc in 2023 le hais 2022. Bhí laghduithe an-mhaith ann ar úsáid Ola Gháis agus Slisadhmaid, ach tháinig méaduithe measartha ar úsáid GPL agus Ceirisín. Is ionann sin trí chéile agus tuairim is 550,000 kWh níos lú in 2023 i gcomparáid le 2022.

| Breosla | Soláthraí | Aonad Tomhais | Arna sholáthar in 2022 | Arna sholáthar in 2023 | Athrú mar % |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ola Gháis 10PPM** | Circle-K | Méid lítear | 660,237 | 621,314 | ↓ 5.9% |
| **Kero** | Circle-K | Méid lítear | 141,550 | 156,130 | ↑ 10.3% |
| **Méid mílte Díosail** | Circle-K | Méid lítear | 158,029 | 162,272 | ↑ 2.7% |
| **Méid mílte Gan luaidhe** | Circle-K | Méid lítear | 6,008 | 7,016 | ↑ 16.8% |
| | | | | | |
| **GPL** | Flogas | Méid lítear | 188,261 | 231,689 | ↑ 23.1% |
| **GPL** | Calor | Méid lítear | 29,328 | 28,199 | ↓ 3.8% |
| **Iomlán** | - | Méid lítear | 217,589 | 259,888 | ↑ 19.4% |
| | | | | | |
| **Sliseanna Adhmaid** | Clear Power | Méid Tonaí | 586.3 | 395.3 | ↓ 32.6% |
| **Millíní Adhmaid** | Leinster Pellets | Méid Tonaí | 52.7 | 60.3 | ↑ 14.3% |

# Tuarascáil an Údaráis agus Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2023

## CLÁR NA nÁBHAR


| CLÁR NA nÁBHAR | Leathanach |
|---|---|
| TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 71 |
| RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS | 73 |
| RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH | 79 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM AGUS CAITEACHAS | 81 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH | 82 |
| RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE AGUS STAID AIRGEADAIS TEAGASC | 83 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ | 84 |
| RÁITEAS Ó TEAGASC AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ | 85 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID | 86 |
| NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE | 87 - 114 |

TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

# Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Teagasc – the Agriculture and Food Development Authority

### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of Teagasc for the year ended 31 December 2023 as required under the provisions of section 12 of the Agriculture (Research, Training and Advice) Act 1988. The financial statements comprise the consolidated statement of income and expenditure, the consolidated statement of comprehensive income, the statement of financial position of the group and of Teagasc, the consolidated statement of changes in capital and reserves, the statement of changes in capital and reserves of Teagasc, the consolidated statement of cash flows, and the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the group and of Teagasc at 31 December 2023 and of the group's income and expenditure for 2023 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 – T*he Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of Teagasc and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### Report on information other than the financial statements, and on other matters

Teagasc has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Authority members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

#### *Settlements with advisory service clients*

Note 8 to the financial statements and the statement on internal control disclose that in 2023, Teagasc paid or made provision for €503,000 in settlements to 49 farm clients who had engaged Teagasc to prepare and submit applications and other work for a range of Department of Agriculture, Food and the Marine schemes, and where the applications had been unsuccessful. Teagasc also incurred €28,000 on associated legal fees. The statement on internal control also sets out the steps taken or planned by Teagasc to address the issues that gave rise to the settlements.

Seamus McCarthy

**Seamus McCarthy**
**Comptroller and Auditor General**

**27 June 2024**

TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

## Appendix to the report

### Responsibilities of Authority members

As detailed in the governance statement and Authority members' report, the Authority members are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 12 of the Agriculture (Research, Training and Advice) Act 1988
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 12 of the Agriculture (Research, Training and Advice) Act 1988 to audit the financial statements of Teagasc and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on Teagasc's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause Teagasc to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

#### *Information other than the financial statements*

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

#### *Reporting on other matters*

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

### Rialachas

Bunaíodh Údarás Teagasc faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Leagtar feidhmeanna an Údaráis amach sa Chéad Sceideal den Acht sin. Tá an tÚdarás cuntasach don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le saincheisteanna príomhghnó uile. Tá an Stiúrthóir agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta laethúil Teagasc. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann an treo ginearálta straitéiseach a leanúint a leagann an tÚdarás amach agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Údaráis ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar phríomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fheadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an tÚdarás agus lucht bainistíochta Teagasc.

Is carthanacht chláraithe é Teagasc i bPoblacht na hÉireann (uimhir charthanachta CHY 20022754), ar bronnadh stádas carthanúil air faoi Alt 207 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (CHY 9086).

### Freagrachtaí an Údaráis

Tá obair agus freagrachtaí an Údaráis leagtha amach san Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, ina bhfuil cúrsaí freisin atá forchoimeádta go sainiúil le haghaidh chinneadh an Údaráis. I measc na mbuanmhíreanna a bhreithníonn an tÚdarás tá:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha na gcoistí,
- tuarascálacha airgeadais/ cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha ar fheidhmíocht, agus
- ábhair fhorchoimeádta.

Éilítear le hAlt 12(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle) 1988, i gcomhar le I.R. Uimh. 418 ó 2011, ar Údarás Teagasc gach gnáthchuntas cuí a choinneáil ar airgead a fhaigheann nó a chaitheann sé, i gcibé foirm a ordóidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar Údarás Teagasc:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura meastar iomchuí é talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- a shonrú cé acu ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a bhí nochta agus atá mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar, le cruinneas réasúnta, staid an Údaráis ó thaobh airgeadais de ag aon am, agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 12(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Tá an tÚdarás freagrach as cothabháil agus macántacht an eolais chorparáidigh agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin Teagasc.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean gnó agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht Teagasc trí thagairt don phlean gnó agus buiséad bliantúil an 4 Eanáir 2023.

Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an tÚdarás go dtugtar léargas fírinneach agus cóir le ráitis airgeadais Teagasc ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Teagasc amhail an 31 Nollaig 2023.

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

### Athbhreithniú ar fheidhmíocht an údaráis

Rinneadh meastóireacht feidhmíochta sheachtrach in 2023 ar an gcaoi ina bhfeidhmíonn an tÚdarás.

### Struchtúr an Údaráis

Tá an tÚdarás comhdhéanta de Chathaoirleach agus deich ngnáthchomhalta, agus ceapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara gach duine acu. Is iondúil go gceaptar comhaltaí chun an Údaráis go ceann tréimhse chúig bliana (agus féadtar iad a athcheapadh don dara téarma chuig uasfhad deich mbliana san iomlán) agus go dtagann siad le chéile ar bhonn míosúil, seachas i mí Lúnasa. Sa tábla thíos sonraítear an tréimhse cheapacháin do chomhaltaí an Údaráis a bhí in oifig le linn 2023:

| Comhalta den Údarás | Ról | Tréimhse an cheapacháin |
|---|---|---|
| Herlihy, An tUas. Liam | Cathaoirleach | 17 Meán Fómhair 2018 – 16 Meán Fómhair 2023<br>17 Meán Fómhair 2023 – 16 Meán Fómhair 2028 |
| Buckley, An tUas. John | Gnáth-Chomhalta | 28 Meán Fómhair 2018 – 27 Meán Fómhair 2023 |
| Donnelly, Martina, Uas. | Gnáth-Chomhalta | An 10 Deireadh Fómhair 2019 – An 9 Deireadh Fómhair 2024 |
| Duffy, An tUas. Patrick | Gnáth-Chomhalta | An 28 Meán Fómhair 2018 – An 27 Meán Fómhair 2023 |
| Fitzgerald, an tOll. Gerald | Gnáth-Chomhalta | An 15 Meán Fómhair 2013 – An 14 Meán Fómhair 2023 |
| Hennessy, An tOll. Thia | Gnáth-Chomhalta | 23 Bealtaine 2018 – 22 Bealtaine 2023<br>23 Bealtaine 2023 – 22 Bealtaine 2028 |
| O'Connell, Eilís, Uas. | Gnáth-Chomhalta | An 30 Deireadh Fómhair 2018 – An 21 Eanáir 2023 |
| Reynolds, Elizabeth Uasal | Gnáth-Chomhalta | 7 Iúil 2020 – 6 Iúil 2025 |
| Rushe, An tUas. Brian | Gnáth-Chomhalta | 27 Eanáir 2020 – 26 Eanáir 2025 |
| Scully, an tUas. Donald | Gnáth-Chomhalta | 6 Eanáir 2022 – 5 Eanáir 2027 |
| Woulfe, An tUas. Liam | Gnáth-Chomhalta | 29 Aibreán 2015 - 28 Aibreán 2020 agus 03 Iúil 2020 - 02 Iúil 2025 |
| Byrne, Louise, Uas. | Gnáth-Chomhalta | 15 Eanáir 2023 – 14 Feabhra 2028 |
| Kiely O'Connor, Vanessa, Uas. | Gnáth-Chomhalta | 2 Deireadh Fómhair 2023 – 1 Deireadh Fómhair 2028 |
| Houlihan, Elaine, Uas. | Gnáth-Chomhalta | 2 Deireadh Fómhair 2023 – 1 Deireadh Fómhair 2028 |
| Sheridan, an Dr. Helen | Gnáth-Chomhalta | 21 Nollaig 2023 - 20 Nollaig 2028 |

Tá cúig choiste curtha ar bun ag an Údarás, eadhon:

1. **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC):** triúr comhaltaí den Údarás agus comhalta seachtrach amháin. Is é ról an ARC tacú leis an Údarás maidir lena chuid freagrachtaí i dtaca le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhaithe ghaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an ARC don Údarás tar éis gach cruinnithe, agus ar bhonn foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Seo a leanas comhaltaí an choiste seo le linn 2023: An tOll. Thia Hennessy, Cathaoirleach, Louise Byrne Uas. agus Elizabeth Reynolds, Uas. Ba é Ita Howe, Uas. an comhalta seachtrach. Bhí ceithre chruinniú den ARC ann in 2023.

2. **An Coiste Oibríochtaí (CO):** comhdhéanta de chúigear comhaltaí den Údarás. Is é ról an CO tacú leis an Údarás athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar ábhair a bhaineann leis an gClár Oibríochtaí in Teagasc agus chun tuairisciú agus moltaí a dhéanamh don Údarás, chomh maith le glacadh le dea-chleachtas.

Seo a leanas comhaltaí an choiste seo le linn 2023: An tUas. Liam Woulfe, Cathaoirleach, an tUas. Liam Herlihy, Elizabeth Reynolds, Uas., Martina Donnelly, Uas. agus an tUas. Patrick Duffy. Bhí dhá chruinniú den OC ann in 2023.

3. **An Coiste Comhairleach agus Oideachais (AEC):** Cúigear comhaltaí den Údarás. Is é ról an AEC tacú leis an Údarás athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le Cláir Chomhairleacha agus Oideachais in Teagasc agus chun tuairisciú agus moltaí a dhéanamh don Údarás, chomh maith le glacadh le dea-chleachtas. Seo a leanas comhaltaí an choiste seo le linn 2023: An tUas. John Buckley, Cathaoirleach, Martina Donnelly, Uas., An tUas. Patrick Duffy, an tUas. Brian Rushe, agus an tUas. Donald Scully. Bhí cruinniú amháin den AEC ann in 2023.

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

**4. An Coiste Taighde (RC):** comhdhéanta de chúigear comhaltaí den Údarás. Is é ról an RC tacú leis an Údarás athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le Cláir Thaighde in Teagasc agus chun tuairisciú agus moltaí a dhéanamh don Údarás, chomh maith le dea-chleachtas a ghlacadh. Seo a leanas comhaltaí an choiste seo le linn 2023: An tOll. Gerald Fitzgerald, Cathaoirleach, an tUas. John Buckley, Martina Donnelly, Uas., an tOll. Thia Hennessy agus an tUas. Brian Rushe. Bhí cruinniú amháin den RC ann in 2023.

**5. An Coiste Ainmniúchán (NC):** cúigear comhaltaí den Údarás. Is é ról an NC folúntais a bhreithniú ar Údarás Teagasc agus moltaí a dhéanamh maidir le conas na folúntais a líonadh ar an mbealach is fearr. Seo a leanas comhaltaí an choiste seo le linn 2023: An tUas. Liam Herlihy, Cathaoirleach, an tUas. Patrick Duffy, an tOll. Gerald Fitzgerald, an tOll. Thia Hennessy, agus Elizabeth Reynolds, Uas. Bhí dhá chruinniú den RC ann in 2023.

### Sceideal tinrimh, táillí agus costas

Tá sceideal tinrimh ar chruinnithe an Údaráis agus na gCoistí in 2023 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta:

| Cruinnithe an Údaráis 2023 | 04 Eanáir | 01 Feabhra | 01 Márta | 05 Aibreán | 03 Bealtaine | 07 Meitheamh | 05 Iúil | 06 M. Fómhair | 04 D. Fómhair | 01 Samhain | 06 Nollaig | Táillí 2023 € | Costais 2023 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Herlihy, An tUas. Liam | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 20,520 | 6,540 |
| Buckley, An tUas. John | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | | | | 8,977 | 2,331 |
| Byrne, Louise, Uas. | | | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | - | - |
| Donnelly, Martina, Uas. | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | - | √ | - | 4,465 |
| Duffy, An tUas. Patrick | √ | √ | √ | √ | √ | - | √ | √ | | | | 8,977 | 4,251 |
| Fitzgerald, an tOll. Gerald | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | | | | 8,977 | 2,255 |
| Hennessy, An tOll. Thia | - | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | - | - | - | 1,871 |
| Houlihan, Elaine, Uas. | | | | | | | | | - | √ | - | 2,992 | - |
| Kiely O’Connor, Vanessa, Uas. | | | | | | | | | √ | √ | √ | 2,992 | 384 |
| O'Connell, Eilís, Uas. | √ | | | | | | | | | | | - | 72 |
| Reynolds, Elizabeth Uasal | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 11,970 | 1,838 |
| Rushe, An tUas. Brian | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 11,970 | 72 |
| Sheridan, an Dr. Helen | | | | | | | | | | | | - | - |
| Scully, an tUas. Donald | √ | √ | √ | √ | √ | √ | - | √ | √ | √ | √ | 11,970 | 567 |
| Woulfe, An tUas. Liam | √ | √ | √ | - | √ | - | √ | √ | √ | √ | √ | 11,970 | 1,966 |
| | | | | | | | | | | | | **101,315** | **26,612** |

Thabhaigh Teagasc costais fáilteachais agus chóiríochta dar luach € 25,596 thar ceann chomhaltaí an Údaráis in 2023. Bhí ceathrar comhaltaí den Údarás ann nach bhfuair táille faoin bprionsabal Aon Duine, Aon Tuarastal (OPOS). Ní bhfuair Ita Howe, Uas., comhalta seachtrach den ARC, táille faoin bprionsabal Aon Duine, Aon Tuarastal (OPOS). Fuair COC €11,970 mar chúiteamh ar chostais a bhain leis an Oll. Thia Hennessy a chur ar fáil le suí ar Údarás Teagasc.

### Cothromaíocht Inscne i mballraíocht an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2023, ba mhná iad 7 (64%) de chomhaltaí an Údaráis agus b’fhir iad 4 (36%) acu. Is ionann an sprioc mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCód Cleachtais um Rialachán na gComhlachtaí Stáit arna eisiúint i mí Mheán Fómhair 2020 agus íosmhéid 40% d’ionadaíocht ó gach inscne ar bhallraíocht na mBord Stáit.

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

| An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | 23 Feabhra | 05 Iúil | 20 D. Fómh. | 06 Nollaig |
|---|---|---|---|---|
| Hennessy, An tOll. Thia | √ | √ | √ | √ |
| Byrne, Louise, Uas. | | √ | √ | √ |
| Howe, Ita, Uas. | √ | - | √ | √ |
| Reynolds, Elizabeth Uasal | √ | √ | √ | √ |

| An Coiste Oibríochtaí | 20 Feabhra | 12 M. Fómhair |
|---|---|---|
| Duffy, An tUas. Patrick | √ | √ |
| Donnelly, Martina, Uas. | √ | √ |
| Herlihy, An tUas. Liam | - | √ |
| Reynolds, Elizabeth Uasal | √ | √ |
| Woulfe, An tUas. Liam | √ | - |

| An Coiste Taighde | 07 Mei |
|---|---|
| Fitzgerald, an tOll. Gerald | √ |
| Buckley, An tUas. John | √ |
| Donnelly, Martina, Uas. | √ |
| Hennessy, An tOll. Thia | √ |
| Rushe, An tUas. Brian | √ |

| An Coiste Comhairleach & Oideachais | 03 Bealtaine |
|---|---|
| Buckley, An tUas. John | √ |
| Donnelly, Martina, Uas. | √ |
| Duffy, An tUas. Patrick | √ |
| Rushe, An tUas. Brian | √ |
| Scully, an tUas. Donald | √ |

| An Coiste Ainmniúchán | 05 Aibreán | 01 Nollaig |
|---|---|---|
| Herlihy, An tUas. Liam | √ | √ |
| Duffy, An tUas. Patrick | √ | |
| Fitzgerald, an tOll. Gerald | √ | |
| Hennessy, An tOll. Thia | √ | √ |
| Reynolds, Elizabeth Uasal | √ | √ |

**Na príomhathruithe pearsanra**

Rinneadh ceapachán amháin chuig an Údarás agus chuaigh ceathrar comhaltaí ar scor ón Údarás in 2023.

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

### Nochtuithe a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Teagasc riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear go ndéanfaí na nochtuithe seo a leanas faoin gCód:

### Costais chomhairleachta

Folaíonn costais chomhairleoireachta an costas i leith comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta agus ní fholaíonn feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnáthghnó'.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Comhairle dhlí | 186 | 279 |
| Comhairle airgeadais/um chánachas | 24 | 43 |
| Comhairle pinsin/acmhainní daonna | 139 | 125 |
| Comhairle ailtireachta/ innealtóireachta | 723 | 942 |
| Comhairle taighde | 230 | 475 |
| Eile | 264 | 391 |
| Costais chomhairleachta iomlána | 1,566 | 2,255 |
| | | |
| Costais chomhairleachta arna gcaipitliú | 690 | 922 |
| Costais chomhairleachta arna ngearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 876 | 1,333 |
| Iomlán | 1,566 | 2,255 |

### Costais dlí agus socraíochtaí

Caiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Níl san áireamh leis sin caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle ghinearálta dlí a fuair Teagasc, rud a nochtar sna costais chomhairleachta thuas.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Táillí dlí - imeachtaí dlíthiúla | 28 | 29 |
| Costais dlí chontraphháirtí | - | - |
| Socraíochtaí | 503 | 98 |
| Iomlán | 531 | 127 |

Tá 49 cás san áireamh faoi shocraíochtaí sa bhliain 2023 (2022: 14).

### Caiteachas taistil agus cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Intíre | €'000 | €'000 |
| Údarás | 27 | 27 |
| Fostaithe | 4,738 | 4,025 |
| Scoláire Walsh | 177 | 135 |
| | | |
| Idirnáisiúnta | | |
| Údarás | - | - |
| Fostaithe | 890 | 637 |
| Scoláire Walsh | 102 | 86 |
| | 5,934 | 4,910 |

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

### Caiteachas Fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais a leanas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Fáilteachas don fhoireann | 42 | 37 |
| Fáilteachas do chliaint | 45 | 42 |
| Iomlán | 87 | 79 |

I dteannta an mhéid thuas i gcomhréir lena gcomhaontuithe fostaíochta/socrúcháin tá cuid den fhoireann agus de na mic léinn i dteideal béilí i gceaintíní coláiste. In 2023 chosain sé €54,969 (2022: €46,694) chun na béilí sin a chur ar fáil.

### Ráiteas comhlíontachta

Ghlac an tÚdarás leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha ar bun aige chun comhlíontacht ina leith a chinntiú. Chomhlíon Teagasc an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2023.

Tá Teagasc ina shínitheoir ar an gCód Rialachais Carthanas, atá á mhaoirsiú ag Rialtóir Carthanas na hÉireann. Rinne an tÚdarás athbhreithniú agus faomhadh ar fhoirm thuarascáil bhliantúil Teagasc i mí Dheireadh Fómhair 2023.

An tUas. Liam Herlihy
Uas.
Cathaoirleach
24 Meitheamh 2024

Donnelly, Martina,

Comhalta den Údarás
24 Meitheamh 2024

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

### Raon feidhme na freagrachta

Thar ceann Teagasc, admhaím freagracht an Údaráis as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Tugtar riachtanais an Cóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus Chód Rialachais na gCód Rialachais Carthanas san áireamh leis an bhfreagracht sin.

### Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Deartar an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú chuig leibhéal infhulaingthe seachas chun é a dhíothú. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in Teagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

### Cumas chun déileáil le riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag Teagasc atá comhdhéanta de thriúr atá ina gcomhaltaí den Údarás, agus duine acu mar Chathaoirleach, mar aon le comhalta seachtrach amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Bhuail ARC le chéile ceithre huaire le linn 2023.

Bhunaigh Teagasc feidhm iniúchta inmheánaigh freisin a soláthraítear acmhainní imleora di agus lena gcuirtear clár oibre chun feidhme arna chomhaontú leis an ARC. Faigheann an feidhmeannas tacaíocht ó ghnólachtaí seachtracha a sholáthraíonn seirbhísí iniúchta inmheánaigh.

Rinne an ARC athbhreithniú ar an mbeartas bainistíochta riosca lena leagtar amach a shásta atá Teagasc glacadh le riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann uile nach mór di oibriú laistigh de bheartais bainistíochta riosca Teagasc, chun an lucht bainistíochta a chur san airdeall maidir le rioscaí agus laigí rialaithe a thagann chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

### Creat riosca agus rialaithe

Tá córas rialaithe bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag teagasc lena ndéantar na príomhrioscaí a shainaithint agus a thuairisciú mar aon leis na bearta bainistíochta atá á nglacadh chun tabhairt fúthu agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag Teagasc. Rinneadh na croírioscaí a shainaithint, a mheastóireacht, agus a rangú de réir a suntais. Déanann an tÚdarás an clár a athbhreithniú ar bhonn míosúil agus déanann an ARC ar bhonn ráithiúil é. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Tá sonraí sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus bearta is gá chun rioscaí a mhaolú. Freagracht as oibriú na rialuithe a shanntar d'fhoireann shonrach. Deimhním go bhfuil an méid seo a leanas laistigh de thimpeallacht rialaithe Teagasc:

- rinneadh na nósanna imeachta maidir leis na príomhphróisis ghnó uile a thaifeadadh,
- sanntar freagrachtaí airgeadais do dhaoine ar leibhéal an lucht bainistíochta chomh maith leis an gcuntasacht lena mbaineann,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú leanúnach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- trí nósanna imeachta rialaithe ar mhaoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha cinntítear rialú imleor ar fhaomhadh deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú gur cuireadh maoiniú deontais i bhfeidhm chun na críche atá beartaithe.

### Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun le faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíochtaí ceartaitheacha a fheidhmiú agus don lucht bainistíochta agus don Údarás, nuair is ábhartha, ar bhonn tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú,

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

**Soláthar**

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Teagasc chun comhlíontacht rialacha agus treoirlínte soláthair a chinntiú. B'ionann luach an chaiteachais iomláin a bhain le soláthar agus €74.5m in 2023.

Déanann Teagasc faireachán ar stádas comhlíontachta a orduithe ceannaigh. In 2023 fuair Teagasc amach as na 337 ordú ceannaigh dar luach os cionn €25,000, dar luach iomlán €40.0m, ba é €186,064 luach na n-orduithe ceannaigh neamh-chomhlíontacha (2022: €497,566). D'ainneoin nach raibh na soláthairtí seo comhlíontach, tá Teagasc sásta go bhfuaireamar luach ár gcuid airgid.

**Socraíochtaí cliant**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Teagsac chun soláthar seirbhíse den scoth agus comhlíonadh oibleagáidí conarthacha le cliaint a ráthú, agus chun gearáin ó chliaint a fhreagairt.  In 2023 d'íoc Teagasc €336,000 (2022 €77,000) i bhfoirm socraíochtaí le cliaint is feirmeoirí, ná éirigh leo tar éis Teagasc a fhostú chun iarratais a ullmhú agus a chur isteach agus chun tacú le comhlíontacht riaracháin le haghaidh réimse scéimeanna agus rialacháin de chuid DAFM. Agus éilimh neamhfhuascailte á gcur san áireamh amhail an 31 Nollaig mhéadaigh Teagasc an soláthar do shocraíochtaí amach anseo €167,000 (2022 €21,000) agus muirear iomlán dar luach €503,000 le fáil sna cuntais. Is féidir blianta a chaitheamh cásanna casta a fhuascailt, agus bhain 21% (€72,000) de na híocaíochtaí le fadhbanna a tharla roimh 2014. Thabhaigh Teagasc €28,000 (2022: €29,000) ar tháillí dlíthiúla comhbhainteacha.

Bhain obair chomhairleach Teagasc le rialacháin agus céimeanna DAFM amhail ACRES,ar tháinig méadú suntasach uirthi i rith 2022/23 le méadú ar an ioncam comhairleach d'os cionn €4.7m in 2022 amháin.  Tá ár gcomhairleoirí dlí tar éis athbhreithniú agus neartú a dhéanamh le déanaí ar Théarmaí Rannpháirtíochta Teagasc le cliaint, agus meastar anois gur téarmaí láidre iad.  Tá Teagasc tar éis filleadh ar gcomhairle a chur ar chliaint san oifig arís (tar éis na ráige COVID), rud atá tábhachtach le hearráidí in iarratais ar scéimeanna a sheachaint.  Tugtar d'aire go bhfuil feabhsuithe á gcur chun feidhme ag DAFM i leith a hardáin Ag Food, a bheidh ina gcúnamh nach beag i bhfianaise chastacht na n-iarratas ar Scéimeanna.

**Réamhíoc deontas**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Teagasc chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha maidir le deontais réamh-mhaoin-ithe. Cuireann Teagasc réamh-mhaoiniú deontais ar fáil do choláistí príobháideacha agus d'ollscoileanna. Chuaigh Teagasc i dteagmháil leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun maolú a lorg ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Soláthar PFN le ceadú dó leanúint de dheontais a réamh-mhaoiniú in 2024. Níor lorgaíodh an faomhadh foirmiúil DPENDR do 2023 trí dhearmad.

**Athbhreithniú ar éifeachtacht**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag Teagasc chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe atá múnlaithe le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a fhormhaoirsíonn a n-obair, agus an ardbhainistíocht laistigh de Teagasc atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánach a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.

Deimhním go ndearna an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2023 an 7 Feabhra 2024.

**Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh**

Seachas na horduithe ceannaigh neamh-chomhlíontacha agus socraíochtaí, níor sainaithníodh aon laige sa rialú inmheánach i ndáil le 2023 nach foláir iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Liam Herlihy

An tUas. Liam Herlihy
Cathaoirleach
24 Meitheamh 2024

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM AGUS CAITEACHAS
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2023

| | Nóta | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais ón Oireachtas | 4 | 168,577 | 159,805 |
| Maoiniú ón AE | 5 | 6,601 | 5,163 |
| Ioncam trádála beostoic | | 3,958 | 4,668 |
| Ioncam oibríochtúil | 6 | 46,951 | 48,932 |
| Brabús/ (Caillteanas) ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 12 | 31 | (44) |
| Deontais, tabhartais agus tobhaigh dheonacha | | 4,034 | 3,690 |
| Díolachán earraí | | 170 | 89 |
| Seirbhísí taighde agus teicneolaíochta | | 2,009 | 2,200 |
| **Ioncam Iomlán** | | 232,331 | 224,503 |
| | | | |
| **Caiteachas** | 7 | (230,670) | (215,625) |
| **Barrachas oibriúcháin** | | 1,661 | 8,878 |
| Ús infhaighte | | - | 2 |
| **Barrachas roimh aistrithe agus cáin** | | 1,661 | 8,880 |
| Aistriú chuig Cuntas Caipitil | 23 | (6,675) | (8,076) |
| **(Easnamh)/ Barrachas don bhliain airgeadais roimh cháin** | | (5,014) | 804 |
| Cánachas | 11 | 22 | 55 |
| **(Easnamh)/ Barrachas don bhliain airgeadais** | | (4,992) | 859 |
| | | | |
| **(Easnamh)/ Barrachas atá inchurtha i leith** | | | |
| Teagasc | | (4,921) | 1,041 |
| Leas neamh-urlámhais | | (71) | (182) |
| | | (4,992) | 859 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

An tUas. Liam Herlihy
Cathaoirleach
24 Meitheamh 2024

An tOll. Frank O'Mara
Stiúrthóir
24 Meitheamh 2024

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2023

| | Nóta | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|---|
| **(Easnamh)/ Barrachas don bhliain airgeadais** | | (4,992) | 859 |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach ar dhliteanais sochar scoir | 10 | (75,636) | 458,987 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | 10 | 75,636 | (458,987) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | (4,992) | 859 |
| | | | |
| Teagasc | | (4,921) | 1,041 |
| Leas neamh-urlámhais | | (71) | (182) |
| | | (4,992) | 859 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

An tUas. Liam Herlihy
Cathaoirleach
24 Meitheamh 2024

An tOll. Frank O'Mara
Stiúrthóir
24 Meitheamh 2024

**RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS**
**AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2023**

| | | An Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | Nóta | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 12 | 150,109 | 143,675 | 138,707 | 132,029 |
| Infheistíochtaí | 14 | 807 | 647 | 808 | 648 |
| | | 150,916 | 144,323 | 139,515 | 132,677 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Fardail | 15 | 6,471 | 7,423 | 6,471 | 7,423 |
| Infháltais: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin | 17 | 32,650 | 33,501 | 32,004 | 32,415 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 18 | 44,752 | 45,873 | 42,172 | 43,582 |
| | | 83,873 | 86,796 | 80,647 | 83,420 |
| **Suimeanna iníoctha:** méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin | | | | | |
| Suimeanna iníoctha agus fabhruithe | 19 | 23,907 | 22,906 | 22,778 | 21,764 |
| Ioncam iarchurtha | 21 | 27,636 | 28,779 | 27,475 | 28,471 |
| | | 51,543 | 51,685 | 50,253 | 50,235 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 32,330 | 35,111 | 30,395 | 33,185 |
| **Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha** | | 183,246 | 179,434 | 169,910 | 165,862 |
| **Soláthairtí do dhliteanais** | | | | | |
| Cáin iarchurtha | 22 | (39) | (17) | - | - |
| **Suimeanna iníoctha:** méideanna atá dlite tar éis bliain amháin | | | | | |
| Ioncam iarchurtha | 21 | 15,408 | 13,260 | 15,396 | 13,201 |
| Suimeanna iníoctha agus fabhruithe | 20 | 406 | 406 | - | - |
| | | 167,471 | 165,785 | 154,514 | 152,661 |
| Maoiniú sochar scoir iarchurtha | 10 | 1,039,209 | 957,928 | 1,039,209 | 957,928 |
| Oibleagáid i ndáil le sochar scoir | 10 | (1,039,209) | (957,928) | (1,039,209) | (957,928) |
| **Glansócmhainní** | | **167,471** | **165,785** | **154,514** | **152,661** |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | | | |
| Cuntas caipitil | 23 | 138,707 | 132,029 | 138,707 | 132,029 |
| Cúlchistí ioncaim | 24 | 16,019 | 21,011 | 15,807 | 20,632 |
| Ranníocaíocht chaipitiúil | | 12,745 | 12,745 | - | - |
| | | **167,471** | **165,785** | **154,514** | **152,661** |
| Cúlchistí inchurtha i leith Teagasc | | 161,032 | 159,275 | 154,514 | 152,661 |
| Leas neamh-urlámhais | | 6,439 | 6,510 | - | - |
| | | **167,471** | **165,785** | **154,514** | **152,661** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

An tUas. Liam Herlihy
Cathaoirleach
24 Meitheamh 2024

An tOll. Frank O'Mara
Stiúrthóir
24 Meitheamh 2024

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2023

### GRÚPA

| | Nóta | Cuntas caipitil | Ranníocaíocht chaipitiúil | Cúlchistí ioncaim An Grúpa | Cúlchistí ioncaim Leas neamh-urlámhais | Ranníocaíocht chaipitiúil Leas neamh-urlámhais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Amhail an 1 Eanáir 2022** | | **123,953** | **6,400** | **19,805** | **347** | **6,345** | **156,850** |
| Barrachas/ (easnamh) don bhliain | | - | - | **1,041** | **(182)** | - | 859 |
| Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais sochair scoir | 10 | - | - | **458,987** | **-** | - | 458,987 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | 10 | - | - | **(458,987)** | **-** | - | (458,987) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán** | | - | - | **1,041** | **(182)** | - | 859 |
| Breisiú ar ranníocaíocht chaipitiúil | | - | - | **-** | **-** | - | - |
| Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe | 12 | 17,355 | - | **-** | **-** | - | 17,355 |
| Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí | 12 | 50 | - | **-** | **-** | - | 50 |
| Lúide: amúchta i gcomhréir le dímheas ar shócmhainní | 12 | (9,230) | - | **-** | **-** | - | (9,230) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | | **132,029** | **6,400** | **20,846** | **165** | **6,345** | **165,785** |
| | | | **159,275** | | | **6,510** | **165,785** |
| (Easnamh) don bhliain | | - | - | **(4,921)** | **(71)** | - | (4,992) |
| Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir | 10 | - | - | **(75,636)** | **-** | - | (75,636) |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | 10 | - | - | **75,636** | **-** | - | 75,636 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán** | | - | - | **(4,921)** | **(71)** | - | (4,992) |
| Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe | 12 | 17,076 | - | **-** | **-** | - | 17,076 |
| Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí | 12 | (1) | - | **-** | **-** | - | (1) |
| Lúide: amúchta i gcomhréir le dímheas ar shócmhainní | 12 | (10,397) | - | **-** | **-** | - | (10,397) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | | **138,707** | **6,400** | **15,925** | **94** | **6,345** | **167,471** |
| | | | **161,032** | | | **6,439** | **167,471** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

## RÁITEAS AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2023

### TEAGASC

| | Nóta | Cuntas caipitil €'000 | Cúlchistí ioncaim €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Amhail an 1 Eanáir 2022** | | **123,953** | **19,351** | **143,304** |
| Barrachas don bhliain | | - | 1,281 | 1,281 |
| Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais sochair scoir | 10 | - | 458,987 | 458,987 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | 10 | - | (458,987) | (458,987) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán** | | - | 1,281 | 1,281 |
| Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe | 12 | 17,355 | - | 17,355 |
| Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí | 12 | (50) | - | (50) |
| Lúide: amúchta i gcomhréir le dímheas ar shócmhainní | 12 | (9,230) | - | (9,230) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | | **132,029** | **20,632** | **152,661** |
| Easnamh don bhliain | | - | (4,825) | (4,825) |
| Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir | 10 | - | (75,636) | (75,636) |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | 10 | - | 75,636 | 75,636 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán** | | - | (4,825) | (4,825) |
| Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe | 12 | 17,076 | - | 17,076 |
| Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí | 12 | (1) | - | (1) |
| Lúide: amúchta i gcomhréir le dímheas ar shócmhainní | 12 | (10,397) | - | (10,397) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | | **138,707** | **15,807** | **154,514** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID
## AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2023

### GRÚPA

| | Nóta | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 27 | 16,599 | 12,556 |
| Ús a íocadh | | - | (121) |
| Cánachas | | - | - |
| **Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 16,599 | 12,435 |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí le sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil | 12 | (17,768) | (17,779) |
| Fáltais ó dhíolacháin sócmhainní seasta inláimhsithe | 12 | 48 | 53 |
| Íocaíochtaí chun infheistíochtaí a fháil | 14 | - | - |
| Ús faighte | | - | 2 |
| **Glanairgead tirim arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | (17,720) | (17,724) |
| | | | |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar coibhéisí airgid thirim** | | (1,122) | (5,289) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir | | 45,873 | 51,162 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig** | | 44,752 | 45,873 |
| | | | |
| **Is é atá cuimsithe le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim:** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 18 | 39,751 | 25,486 |
| Taiscí gearrthéarmacha | 18 | 5,001 | 20,387 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig** | | 44,752 | 45,873 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 1. Eolas ginearálta

Bunaíodh Teagasc faoin (Údarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia na hÉireann) faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Is é misean Teagasc ná tacú le nuálaíocht eolaíocht-bhunaithe san earnáil agraibhia agus leis an mbith-gheilleagar níos leithne, rud a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag brabúsacht, iomaíochas agus inbhuanaitheacht. Tá príomhoifig chláraithe Teagasc suite ag Páirc na Darach, Ceatharlach.

Tá sciar 57% i seilbh Teagasc i Moorepark Technlogy Limited a bhfuil mar phríomhghníomhaíocht aige seirbhísí a sholáthar do Thaighde agus d'Fhorbairt.

### 2. Achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasaíochta

Tá bunús na cuntasaíochta, agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha, arna nglacadh ag Teagasc leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad go léir ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

#### 2.1 Ráiteas comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Teagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

#### 2.2 Bunús an chomhtháthaithe

Chun críocha na ráiteas airgeadais seo, cuimsítear le 'Grúpa Teagasc' an máthaireintiteas Teagasc agus an fhochuideachta dá chuid Moorepark Technology Limited. Tá beartais chuntasaíochta agus tréimhse chuntasaíochta na fochuideachta i gcomhréir le cinn an Ghrúpa. Cuirtear idirbhearta idirchuideachta agus iarmhéideanna agus gnóthachain ar idirbhearta as an áireamh. Tuairiscítear ar infheistíocht san fhochuideachta ar chostas lúide lagú. Tá sonraí maidir leis an bhfochuideachta i Nóta 14.

#### 2.3 Bonn a n-ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, le haontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoi Alt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, in éineacht le I.R. Uimh. 418 de 2011. Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí plé á dhéanamh le míreanna a mheastar atá bainteach le ráitis airgeadais Teagasc.

#### 2.4 Aithint ioncaim

*Deontais ón Oireachtas*
Faigheann Teagasc deontais ón rialtas maidir le taighde agus tionscadail eile (deontais ioncaim) agus deontais chaipitil chun infheistíocht chaipitiúil a mhaoiniú. Aithnítear deontais ioncaim nach bhfuil critéir feidhmíochta san áireamh leo mar ioncam ar bhonn fáltas airgid. Cuirtear deontais lena bhforchuirtear critéir feidhmíochta shainiúla chun sochair d'ioncam iarchurtha agus déantar iad a thaifeadadh mar chreidiúnaí go dtí go gcomhlíontar na critéir feidhmíochta ábhartha agus go dtí go n-aithnítear na deontais mar ioncam.

*Díolachán earraí*
Aithnítear ioncam ó dhíolachán earraí nuair a aistrítear na rioscaí suntasacha agus luachanna saothair úinéireacht na n-earraí chuig an gceannaitheoir, ar sheoladh na n-earraí de ghnáth, nuair is féidir méid an ioncaim a thomhas go hiontaofa, nuair is dóchúil go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann leis an idirbheart chuig an aonán agus nuair is féidir na costais a tabhaíodh, nó a bheidh le tabhú, maidir leis an idirbheart a thomhas go hiontaofa.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

*Táillí comhairleacha*
Faigheann Teagasc ioncam le haghaidh conarthaí seirbhíse comhairlí bliantúla, conarthaí um pléghrúpaí bliantúla agus seirbhísí comhairleacha breise a chuirtear ar fáil. Aithnítear ioncam ó chonarthaí seirbhíse comhairlí bliantúla sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar an sonrasc ábhartha a eisiúint. Aithnítear ioncam i ndáil le seirbhísí comhairleacha breise sa tréimhse chuntasaíochta ina soláthraítear an tseirbhís nuair is féidir toradh an chonartha a mheas ar bhonn iontaofa.

*Ioncam fabhraithe*
Aithnítear ioncam a dhéantar a thuilleamh ar earraí/seirbhísí arna soláthar, ach nach bhfuil billeáilte, de réir na dtéarmaí conarthacha mar ioncam fabhraithe ar an Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Aithnítear ioncam a dhéantar a thuilleamh ar thionscadail taighde, ach nach bhfuil éillithe, mar ioncam fabhraithe ar an Ráiteas ar an Staid Airgeadais, agus rialacha aonair na gcomhlachtaí maoinithe uile á dtabhairt san áireamh.

*Ioncam dleachta*
Aithnítear ioncam dleachta ar bhonn fabhraithe de réir shubstaint na gcomhaontuithe ábhartha.

*Táillí teagaisc*
Aithnítear ioncam thar thréimhse an teagaisc.

*Figiúirí comparáideacha*
Rinneadh figiúirí comparáideacha a athghrúpáil agus a anailísiú arís, nuair a bhí sé riachtanach, ar an mbonn céanna leis na cinn don tréimhse reatha.

**2.5 Sochair fostaithe**

Cuireann an Grúpa réimse sochar ar fáil d'fhostaithe, mar shampla, socruithe íoctha saoire agus pleananna pinsin le sochar sainithe.

*(Sochair ghearrthéarmacha*
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, pá saoire agus sochair neamhairgeadaíochta eile dá shamhail ina measc, mar chostas sa tréimhse a bhfaightear an tseirbhís lena linn.

*Pleananna pinsin le sochar sainithe*
Feidhmíonn an Grúpa scéimeanna pinsin le sochar sainithe a bhíonn maoinithe go bliantúil ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ón airgead a bhíonn ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil, agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail na mball foirne. Déantar dliteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid á úsáid. Faightear luachálacha achtúireacha gach bliain agus déantar iad a nuashonrú ar dháta gach Ráitis ar an Staid Airgeadais.

Ina theannta sin, feidhmíonn Teagasc Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair), ar scéim pinsin le sochar sainithe í do státseirbhísigh inphinsin a earcaíodh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais na sochar scoir na sochair scoir a thuill fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne, a gcoinníonn an Grúpa iad. Déantar ranníocaíochtaí maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú. Aithnítear aon suim a bhaineann le muirear na sochar scoir mar ioncam sa mhéid agus go bhfuil sé inghnóthaithe, agus fritháirithe in aghaidh deontas a fhaightear le linn na bliana i leith íocaíochtaí sochar scoir a íoc. Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha de dheasca athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Léiríonn dliteanais sochar scoir luach reatha na n-íocaíochtaí sochar scoir sa todhchaí a thuill baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú sochar scoir an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 2.6 Léasanna

Ag an dáta tionscanta measann Teagasc comhaontuithe lena n-aistrítear an ceart úsáide maidir le sócmhainní. Meastar cibé acu atá nó nach bhfuil sa chomhaontú léas atá bunaithe ar bhunús an tsocraithe.

*Léasanna oibriúcháin*
Tugtar léasanna oibriúcháin ar léasanna nach n-aistrítear na rioscaí agus na buntáistí ar fad a bhaineann le húinéireacht iontu. Gearrtar íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin ar an ráiteas ar ioncam ar bhonn na líne dírí thar thréimhse an léasa.

### 2.7 Cánachas

Tá an costas cánachais don tréimhse comhdhéanta den cháin reatha agus den cháin iarchurtha a aithnítear sa tréimhse tuairiscithe. Aithnítear cáin sa ráiteas ar ioncam. Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais na cánach reatha nó iarchurtha a lascainiú.

*Cáin reatha*
Is éard atá i gceist le cáin reatha ná an méid cáin ioncaim atá iníoctha i leith an bhrabúis inchánach don bhliain nó do bhlianta roimhe. Ríomhtar cáin ar bhonn na rátaí cánach agus na ndlíthe atá achtaithe nó atá achtaithe go substainteach faoi dheireadh na tréimhse.

Go tréimhsiúil, déanann an lucht bainistíochta suíomhanna a mheasúnú a ghlactar i dtuairisceáin chánach maidir le cásanna ina bhfuil an rialachán cánach infheidhme faoi réir ag léirmhíniú. Bunaíonn sé forálacha, nuair is iomchuí, ar bhonn na méideanna lena bhfuiltear ag súil le bheith íoctha do na húdaráis chánach.

*Cáin iarchurtha*
Eascraíonn cáin iarchurtha ó dhifríochtaí uainiúcháin arb ionann iad agus difríochtaí idir brabúis inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán de réir mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí ama sin a tharlaíonn nuair a chuirtear ioncam agus costais i measúnuithe cánach san áireamh i dtréimhsí atá difriúil ó na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar gach difríocht ama ar an dáta tuairiscithe seachas i roinnt eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamh-mhaolaithe ná sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair atá gach cosúlacht ar an scéal go n-aisghabhfar iad in aghaidh aisiompú na ndliteanas cánach iarchurtha nó brabúis inchánach amach anseo.

Ríomhtar cáin iarchurtha de réir na rátaí cánach agus na ndlíthe atá achtaithe nó atá achtaithe go substainteach faoi dheireadh na tréimhse agus a cheaptar a mbeidh feidhm acu ar aisiompú na difríochta ama.

### 2.8 Taighde agus forbairt

Aithnítear caiteachas ar thaighde mar chostas sa tréimhse ina dtabhaítear e.

### 2.9 Sócmhainní inláimhsithe

*Maoin, gléasra agus trealamh*
Tá maoin, gléasra agus trealamh luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear lena leithéid de chostais costais atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a dhéanamh oibríochtúil de réir mar a bhí beartaithe.

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Ní dhéantar sócmhainní atá á dtógáil a dhímheas. Déantar dímheas maidir le gach maoin, gléasra agus trealamh ar rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh, lúide an luach iarmharach measta, ar bhonn córasach, thar a saolré úsáideach ionchasach, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Trealamh ríomhaireachta | 3 bliana |
| Gléasra agus feithiclí | 5 bliana |
| Trealamh saotharlainne agus oifige | 10 bliana |
| Gléasra agus trealamh tionsclaíoch | 10 bliana |
| Foirgnimh feirme | 20 bliana |
| Foirgnimh thionsclaíocha agus dhéantúsaíochta | 30 bliana |
| Foirgnimh eile | 50 bliana |

Gearrtar dímheas leathbhliana sa bhliain ina bhfaightear sócmhainní agus ina ndéantar iad a dhiúscairt.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Déantar athbhreithniú ar luachanna anonn maoine, gléasra agus trealaimh maidir le lagú nuair a léirítear le himeachtaí nó athruithe ar imthosca nach mbeadh an luach anonn inghnóthaithe. Má léirítear lagú a bheith ann is amhlaidh a dhéantar an caillteanas lagaithe, nó an cealú caillteanais lagaithe, a aithint go láithreach sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas.

Déantar saolréanna úsáideacha ionchasacha, luachanna iarmharacha agus modhanna dímheasa a athbhreithniú agus a choigeartú ag deireadh gach bliana airgeadais.

Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas, arb ionann é agus an difríocht idir fáltais na ndíolachán agus suim ghlanluacha na sócmhainne, a eascraíonn as diúscairt nó astarraingt earra maoine, gléasra nó trealaimh sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas. Déantar aon mhéid sa chúlchiste athluachála a bhaineann leis an tsócmhainn sin a aistriú go díreach chuig tuilleamh coimeádta.

Coimeádtar gléasra agus trealamh arna ndímheas ina n-iomláine sna ráitis airgeadais go dtí nach n-úsáidtear iad a thuilleadh.

*Sócmhainní le hathdhíol*
Rangaítear sócmhainní inláimhsithe mar choinnithe le díol nuair atáthar ag súil go ndéanfar an luach anonn a ghnóthú go príomha trí idirbheart díolacháin agus nuair a bhíonn sé thar a bheith dóchúil do ndéanfar díolachán. Luaitear iad ar an tsuim is ísle de luach anonn nó de luach cóir lúide costas an díolacháin.

*Lagú sócmhainní neamh-airgeadais*
Déantar sócmhainní nach sócmhainní airgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir a mheas ar dháta deiridh gach bliana airgeadais lena fháil amach an bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil an tsócmhainn (nó aonad ginte airgid na sócmhainne) lagaithe. Más amhlaidh, cuirtear méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad ginte airgid na sócmhainne) i gcomparáid le suim tugtha anonn na sócmhainne (nó aonad ginte airgid na sócmhainne).

### 2.10 Sócmhainní airgeadais

*Infheistíocht i bhfochuideachta*
Déantar an infheistíocht san fhochuideachta Moorepark Technology Limited ar chostas lúide lagú. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas don bhliain.

*Infheistíochtaí eile*
Déantar infheistíochtaí atá liostaithe ar stocmhalartán aitheanta a thomhas ag a luach cóir, agus taifeadtar gluaiseachtaí tríd an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus tríd an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach. Déantar sócmhainní airgeadais eile lena gcuimsítear infheistíochtaí i scaireanna neamhluaite agus infheistíochtaí airgeadais a thomhas ag a luach cóir más féidir sin a chinntiú go hiontaofa; murar féidir déantar iad a thomhas ag an luach inchurtha ina leith ag dáta a bhfála lúide lagú. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas agus sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain.

### 2.11 Fardal

*Sócmhainní bitheolaíocha*
Déantar beostoc agus torthaí feirme féin a luacháil le samhail an luacha chóir. Cinntear luach cóir ar an mbonn go ndíoltar ainmhithe agus táirgí na feirme ar an margadh oscailte. Léirítear gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as na luachálacha seo ina n-iomláine in ioncam oibriúcháin.

*Fardal eile*
Luaitear fardal eile uile ag an tsuim is ísle de chostas agus glanluach inréadaithe.

### 2.12 Infháltais

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i gcoinne lagaithe. Soláthar sonrach is ea an soláthar i gcoinne lagaithe, a bhunaítear nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh Teagasc in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht san fhoráil maidir le laguithe sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam agus Caiteachas.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 2.13 Suimeanna iníoctha

Aithnítear suimeanna iníoctha ar dtús, lena n-áirítear suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile agus ioncam iarchurtha, ar a bpraghas idirbhirt, ach amháin más rud é go bhfuil an socrú ina idirbheart maoinithe, nuair a dhéantar an ionstraim fiachais a thomhas ar luach reatha na bhfáltas amach anseo arna lascainiú ar ráta úis an mhargaidh. Cuirtear ioncam ardtaighde, i gcás ina bhfuil cuid de na cistí le híoc le heagraíochtaí comhpháirtíochta, san áireamh san ioncam iarchurtha.

### 2.14 Soláthairtí agus bearta teagmhasachta

*Soláthairtí*
Aithnítear soláthairtí nuair atá oibleagáid láithreach dlí nó inchiallaithe ag an nGrúpa mar thoradh ar rudaí a tharla san am atá thart, agus nuair atá gach cosúlacht ar an scéal go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil leis an oibleagáid sin a ghlanadh, agus nuair is féidir méid na hoibleagáide sin a mheas go héasca.

Déantar soláthairtí a thomhas ar luach reatha an chaiteachais lena bhfuiltear ag súil a bheith de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh agus ráta réamhchánach á úsáid lena léirítear measúnuithe an mhargaidh reatha ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sainiúil leis an oibleagáid. Aithnítear an méadú ar an soláthar mar gheall ar imeacht ama mar chostas airgeadais.

*Teagmhais*
Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de bharr rudaí a tharla san am atá thart, (i) nuair nach bhfuil cosúlacht ar an scéal go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó nuair nach féidir an méid a thomhas go héasca ar an dáta tuairiscithe, nó (ii) nuair a dhéanfar iad a dhearbhú nuair a tharlóidh nó nuair nach dtarlóidh rudaí áirithe amach anseo nach bhfuil faoi rialú iomlán an Ghrúpa. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin nuair is fánach an seans go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go mbeidh insreabhadh buntáistí eacnamaíocha ann.

### 3. Meastacháin agus breithnithe ríthábhachtacha cuntasaíochta

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna arna dtuairisciú i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus ar na méideanna arna dtuairisciú i ndáil le hioncam agus caiteachas i rith na bliana. Mar sin féin, toisc gur meastachán atá i gceist, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin.

Is iad seo a leanas na breithiúnais a raibh an tionchar ba shuntasaí acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais:

*Saolréanna eacnamaíocha úsáideacha maoine, gléasra agus trealaimh*
Déanann an Grúpa na sócmhainní seasta inláimhsithe a dhímheas thar a saolréanna úsáideacha measta tar éis a luachanna iarmharacha measta a thabhairt san áireamh. Léirítear le saolré úsáideach mheasta meastachán an luchta bainistíochta ar an tréimhse ina bhfuil sé de rún ag an nGrúpa tairbhí eacnamaíocha todhchaíocha a bhaint as sócmhainní seasta inláimhsithe an Ghrúpa. Léirítear le luach iarmharach an méid measta an luchta bainistíochta a gheobhadh an Grúpa ar dhiúscairt na sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, faoi mar a bheadh an tsócmhainn den aois agus sa riocht cheana féin a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí. D'fhéadfadh athruithe ar an leibhéal úsáide lena bhfuiltear ag súil agus forbairtí teicneolaíochta dul i bhfeidhm ar eacnamaíocht, saolréanna úsáideacha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní sin agus mar thoradh air sin d'fhéadfadh tionchar a bheith ar mhuirir dímheasa sa todhchaí. Féach nóta 12 le haghaidh méid anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe.

*Luacháil ar infheistíochtaí*
Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar measúnú maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil táscairí ann go bhfuil infheistíocht Teagasc san fhochuideachta lagaithe. Nuair is gá, bíonn measúnuithe Teagasc bunaithe ar mheastachán ar luach úsáide na sócmhainní trí na sreafaí airgid sa todhchaí lena bhfuiltear ag súil a thuar do thréimhse suas le 5 bliana, agus ráta lascaine oiriúnach á úsáid chun luach reatha na sreafaí airgid sin a ríomh. Féach nóta 14 le haghaidh méid anonn na n-infheistíochtaí.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

*Lagú infháltas*

Déanann Teagasc infháltais a mheasúnú ar bhonn leanúnach le haghaidh aon fhianaise oibiachtúil ar lagú trí fhachtóirí a bhreithniú, lena n-áirítear an próifíl aosaithe, acmhainneacht creidmheasa agus stair bailithe san am atá thart gach féichiúnaí. Dá ndéanfaí dálaí airgeadais na bhféichiúnaithe sin a mheathlú, agus lagú a n-ábaltachta chun íocaíocht a dhéanamh ina thoradh air sin, d'fhéadfadh liúntais bhreise a bheith de dhíth. Féach nóta 17 le haghaidh méid anonn na n-infháltas trádála agus infháltas eile.

*Oibleagáid sochair scoir*

agus braitheann luach reatha na hoibleagáide sin agus ar roinnt tosca, lena n-áirítear; ionchas saoil, méaduithe ar thuarastail, luacháil ar shócmhainní agus an ráta lascaine ar bhannaí corparáide. Cuireann an lucht bainistíochta na fachtóirí sin san áireamh agus an oibleagáid um shochar scoir glan á cinntiú sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Léiríonn na foshuíomhanna taithí stairiúil agus treochtaí reatha. Féach Nóta 10 le haghaidh na nochtuithe a bhaineann leis an scéim sochair scoir.

*Soláthairtí*

Déanann an Grúpa soláthar i gcoinne oibleagáidí dlí agus oibleagáidí inchiallaithe, arb eol dó go bhfuil siad dlite ag deireadh na bliana. De ghnáth, déantar an soláthar sin ar bhonn faisnéis stairiúil nó faisnéis ábhartha eile, arna coigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair is cuí. Mar sin féin, is meastacháin iad ar chostais airgeadais a ghabhann le teagmhais b'fhéidir nach dtarlóidh go ceann tamall de bhlianta. Mar gheall air sin agus mar gheall ar leibhéal na neamhchinnteachta a ghabhann leis na torthaí airgeadais, is féidir go mbeadh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhír agus an meastachán ar an toradh.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 4. Deontais ón Oireachtas

| | Fo-cheannteideal | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|---|
| Vóta 30: Deontas i gcabhair ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara do chaiteachas ginearálta | C.5 | 146,023 | 138,504 |
| Deontas chun críocha acmhainní daonna | C.5 | 10,500 | 10,500 |
| Taighde ar bhia agus taighde ar thalmhaíocht | C.3 | 6,339 | 5,007 |
| Ionsamhlóirí talmhaíochta agus eachaí | C.3.5 | 114 | 1,426 |
| Clár na ndobharcheantar talmhaíochta | B.3 | 2,852 | 2,570 |
| Ionad Náisiúnta na mBianna Tomhaltais | C.4 | 652 | 554 |
| Faireachlann náisiúnta carbóin | C.10 | 530 | 2,178 |
| Deontas maidir le poiblíocht na foraoiseachta agus feasacht agus oiliúint | B.10 | 738 | 670 |
| Deontas maidir le hoideachas um fhoraoiseacht | B.10 | 45 | 37 |
| **Maoiniú Sochair Scoir** | | | |
| Maoiniú iarchurtha glan do shochair scoir | | 5,645 | 2,535 |
| ASC seolta chuig Vóta 30 | | (3,340) | (2,901) |
| Scéim pinsin na hearnála poiblí aonair a cuireadh ar ais chuig DPER | | (1,521) | (1,274) |
| | | 168,577 | 159,805 |

Is faoi ioncam a aithnítear deontas nach bhfuil aon chritéir feidhmíochta ag baint leis nuair a fhaightear na fáltais ón deontas. Aithnítear deontais ón Oireachtas a fhaightear lena bhforchuirtear coinníollacha feidhmíochta sonraithe don todhchaí in ioncam nuair a chomhlíontar na coinníollacha sin. Taifeadtar deontais ón Oireachtas, a fhaightear roimh aithint ioncaim a chomhlíonadh, mar dhliteanais ar leith sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Ag deireadh na bliana, bhí coinníollacha neamhchomhlíonta i gceist le Teagasc atá san áireamh leis an Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar dhliteanais i dtaca leis an méid a leanas:

| | Nóta | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|---|
| Taighde ar bhia agus taighde ar thalmhaíocht | 21 | 7,498 | 6,217 |
| Faireachlann náisiúnta carbóin | 21 | 150 | 680 |
| Ionad Náisiúnta na mBianna Tomhaltais | 21 | 477 | 1,029 |
| AgNav | 21 | 2,000 | - |
| Ionsamhlóirí talmhaíochta agus eachaí | 21 | 453 | 66 |
| | | 10,578 | 7,992 |

### 5. Maoiniú ón AE

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam ón Suirbhé ar Fheirmeacha | 166 | 148 |
| INTERREG | 347 | 301 |
| Marie Curie | - | 116 |
| Fís 2020 | 3,693 | 4,240 |
| Fís Eorpach | 1,596 | 57 |
| Ioncam Eile ón Aontas Eorpach | 799 | 301 |
| | 6,601 | 5,163 |

Tá Fís 2020, ar cuireadh tús in 2015 leis, agus a lean ar aghaidh chuig deireadh 2020, ar an bpríomhuirlis airgeadais trína dtacaíonn an tAontas Eorpach le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha i mbeagnach gach disciplín eolaíochta. Cuireadh tús le Fís Eorpach in 2021 in ionad Fís 2020.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 5. Maoiniú ón AE (ar lean)

Is faoi ioncam a aithnítear deontas nach bhfuil aon chritéir feidhmíochta ag baint leis nuair a fhaightear na fáltais ón deontas. Aithnítear deontais ón AE a fhaightear lena bhforchuirtear coinníollacha feidhmíochta sonraithe don todhchaí in ioncam nuair a chomhlíontar na coinníollacha sin. Taifeadtar deontais ón AE, a fhaightear roimh aithint ioncaim a chomhlíonadh, mar dhliteanais ar leith sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Ag deireadh na bliana, bhí coinníollacha neamhchomhlíonta i gceist le Teagasc atá san áireamh leis an Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar dhliteanais i dtaca leis an méid a leanas:

| | Nóta | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Fís 2020 | | 4,383 | 7,385 |
| Fís Eorpach | | 6,928 | 4,941 |
| Marie Curie | | 202 | 155 |
| Ioncam Eile ón Aontas Eorpach | | 3,098 | 619 |
| | 21 | 14,611 | 13,100 |

### 6. Ioncam oibríochtúil

| | Oibríochtaí<br>€'000 | Aistriú Eolais<br>€'000 | Taighde<br>€'000 | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Táillí na seirbhísí comhairleacha | - | 14,101 | 54 | 14,155 | 15,804 |
| Ioncam ó tháillí cúrsaí | - | 5,238 | 594 | 5,832 | 5,608 |
| Taighde EI/SFI agus gníomhaireachtaí stáit eile | - | 1,109 | 9,704 | 10,813 | 11,800 |
| Taighde tionscail comhoibríoch/cómhaoinithe | - | - | 4,792 | 4,792 | 4,103 |
| Táillí eile | 51 | 1,825 | 3,525 | 5,401 | 4,289 |
| Oibríochtaí feirmeoireachta eile | - | 1,174 | 2,736 | 3,910 | 5,370 |
| Foilseacháin agus nithe ilghnéitheacha | 170 | 1,080 | 798 | 2,048 | 1,958 |
| | 221 | 24,527 | 22,203 | 46,951 | 48,932 |

Is faoi ioncam a aithnítear deontas nach bhfuil aon chritéir feidhmíochta ag baint leis nuair a fhaightear na fáltais ón deontas. Aithnítear deontais gníomhaireachtaí stáit a fhaightear lena bhforchuirtear coinníollacha feidhmíochta sonraithe don todhchaí in ioncam nuair a chomhlíontar na coinníollacha sin. Taifeadtar deontais ón gníomhaireachtaí stáit, a fhaightear roimh aithint ioncaim a chomhlíonadh, mar dhliteanais ar leith sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Ag deireadh na bliana, bhí coinníollacha neamhchomhlíonta i gceist le Teagasc atá san áireamh leis an Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar dhliteanais i dtaca leis an méid a leanas:

| | Nóta | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 21 | 9,106 | 11,204 |
| Fiontraíocht Éireann | 21 | 1,991 | 2,521 |
| | | 11,097 | 13,725 |

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 7. Caiteachas

| | Oibríochtaí | Aistriú Eolais | Taighde | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Pá (Nóta 9) | 8,307 | 40,257 | 51,504 | 100,068 | 94,039 |
| Taisteal agus cothú | 298 | 2,717 | 2,926 | 5,941 | 4,914 |
| Caiteachas oibríochtúil ginearálta (Nóta 8) | 12,046 | 14,004 | 28,931 | 54,981 | 50,478 |
| Muirir airgeadais | 225 | 173 | 1 | 399 | 421 |
| Dímheas (Nóta 12) | 460 | 2,076 | 8,782 | 11,318 | 10,064 |
| Deontais do choláistí príobháideacha (Nóta 28) | - | 3,016 | - | 3,016 | 3,203 |
| Deontais do Mhic Léinn | - | 335 | - | 335 | 509 |
| Costas na gceannachán beostoic | - | 16 | 337 | 353 | 816 |
| Costas na seirbhísí taighde agus forbartha | - | - | 273 | 273 | 237 |
| Deontais Scoláireachta Walsh | - | 676 | 5,279 | 5,955 | 5,768 |
| Deontais eile | 313 | 1 | 60 | 374 | 455 |
| | 21,649 | 63,272 | 98,093 | 183,014 | 170,904 |
| Oiliúint Foirne | | | | 775 | 834 |
| Sochair scoir (Nóta 10) | | | | 46,881 | 43,888 |
| | | | | 230,670 | 215,626 |

Sa bhliain 2023 fuair 148 (2022: 151) mball foirne íocaíochtaí ragoibre. Ba é €28,802 (2022: €28,393) an méid comhiomlán ab airde a íocadh le duine aonair.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 8. Anailís ar chaiteachas oibríochtúil ginearálta

| | Oibríochtaí | Aistriú Eolais | Taighde | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Soláthairtí/seirbhísí feirmeoireachta | - | 2,037 | 6,363 | 8,400 | 7,706 |
| Cothabháil/deisiúcháin | 1,421 | 2,847 | 6,157 | 10,425 | 11,440 |
| Cíosanna/ rátaí/ árachais | 1,278 | 513 | 1,298 | 3,089 | 2,811 |
| Postas/ teileafón | 635 | 1,212 | 337 | 2,184 | 2,025 |
| Cumhacht/ breosla/ peitreal | 279 | 1,328 | 3,264 | 4,871 | 4,355 |
| Soláthairtí saotharlainne | - | - | 5,387 | 5,387 | 4,609 |
| Priontáil/ stáiseanóireacht/ poiblíocht | 757 | 1,463 | 1,061 | 3,281 | 3,251 |
| Soláthairtí seimineáir/ seomra ranga/ leabharlainne | 34 | 1,641 | 973 | 2,648 | 2,511 |
| Seirbhísí gníomhaireachtaí seachtracha | 1,132 | 1,158 | 1,621 | 3,911 | 3,163 |
| Soláthairtí do cheaintíní mic léinn agus foirne | 113 | 778 | 572 | 1,463 | 1,212 |
| Táille iniúchóireachta | 77 | - | 16 | 93 | 97 |
| Soláthairtí/ seirbhísí TFC | 5,956 | 165 | 633 | 6,754 | 4,945 |
| Táillí dlíthiúla/ gairmiúla | 313 | 185 | 488 | 986 | 1,462 |
| Socraíochtaí cliant | - | 503 | - | 503 | 98 |
| Costas cláir ilghnéitheacha | 11 | 102 | 706 | 819 | 684 |
| Imeachtaí speisialta agus nithe ilghnéitheacha | 40 | 72 | 55 | 167 | 109 |
| | 12,046 | 14,004 | 28,931 | 54,981 | 50,478 |

### 9. An Fhoireann

Mar seo a leanas a bhí meánlíon na mball foirne a bhí fostaithe ag Teagasc le linn na bliana:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Gairmiúil | 923 | 856 |
| Trealamh | 148 | 154 |
| Riarachán/ cléireachas | 261 | 242 |
| Feirm/ baile | 107 | 108 |
| | 1,439 | 1,360 |

Rinneadh ranníocaíochtaí aoisliúntais breise dar luach €3,339,881 (2022: €2,901,205) a asbhaint as tuarastail agus íocadh leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara iad. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2019, íocann baill de scéimeanna pinsin seirbhíse poiblí le sochar sainithe ranníocaíocht aoisliúntais bhreise (RAB), a eascraíonn as Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018 - 2020) agus as an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 9. An fhoireann (ar lean)

**Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe**

Déantar breis agus €60,000 i sochair ghearrthéarmacha fostaithe a chatagóiriú sna bandaí a leanas:

| Sochair fostaithe | Teagasc<br>Líon na bhfostaithe |
|---|---|
| €60,000 go €69,999 | 224 |
| €70,000 go €79,999 | 181 |
| €80,000 go €89,999 | 110 |
| €90,000 go €99,999 | 53 |
| €100,000 go €109,999 | 24 |
| €110,000 go €119,999 | 38 |
| €120,000 go €129,999 | 27 |
| €130,000 go €139,999 | 13 |
| €140,000 go €149,999 | 2 |
| €150,000 go €159,999 | - |
| €160,000 go €169,999 | 3 |
| €170,000 go €179,999 | - |
| €180,000 go €189,999 | 1 |

Tabhair do d'aire: Chun críocha an nochtaithe seo, folaíonn na leasanna gearrthréimhseacha d'fhostaithe i ndáil le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe cúrsaí tuarastail, ragobair, liúntais agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach níl ÁSPC an fhostóra san áireamh.

**Sochair fostaithe chomhiomlána**

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha na foirne | 90,642 | 85,186 |
| Sochair foirceanta | - | - |
| Costas sochair scoir | 46,881 | 43,888 |
| Ranníocaíocht an fhostóra maidir le leas sóisialach | 8,452 | 7,775 |
| | 145,975 | 136,849 |

Bhí 1,490 ball foirne (CLA) san iomlán fostaithe ag deireadh na bliana (2022: 1,400). Ní raibh aon sochar foirceanta i gceist in 2023 (2022:nialas).

**Sochair ghearrthéarmacha na foirne**

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Bunphá | 86,793 | 81,428 |
| Ragobair | 1,122 | 1,132 |
| Liúntais | 2,727 | 2,626 |
| | 90,642 | 85,186 |

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 9. An fhoireann (ar lean)

**Príomhfhoireann bhainistíochta**

Cuimsítear le príomhfhoireann bhainistíochta i dTeagasc comhaltaí an Údaráis, an Stiúrthóir agus triúr stiúrthóirí a thuairiscíonn don Stiúrthóir. Tá luach iomlán na sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile: | | |
| Luach saothair don phríomhfhoireann bhainistíochta | 788 | 745 |
| | 788 | 745 |

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse. Tá príomhphearsanra bainistíochta, seachas iad siúd atá ar an Údarás, ina mbaill de scéim phinsin Teagasc agus ní théann a gcuid teidlíochtaí ina leith sin níos faide ná téarmaí na scéime aoisliúntais poiblí eiseamláirí le sochar sainithe.

**Tuarastal agus sochair an Stiúrthóra**

B'ionann luach saothair an Stiúrthóra don tréimhse airgeadais agus an méid a leanas:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Bunphá | 184 | 178 |
| Luach saothair iomlán | 184 | 178 |

Tá an Stiúrthóir ina bhall de scéim phinsin Teagasc agus ní théann a chuid teidlíochtaí maidir leis sin níos faide ná an scéim aoisliúntais um shochar sainithe eiseamláireach na hearnála poiblí. Ní áirítear luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse lena bhfuil thuas.

### 10. Pleananna sochair scoir

Déantar foráil in alt 9 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988 do bhunú scéimeanna chun sochair scoir a dheonú maidir le foireann arna ceapadh ag Teagasc agus foireann arna haistriú chuig Teagasc ón gComhairle Oiliúna Talmhaíochta agus ón bhForas Talúntais.

Ag feitheamh ar fhaomhadh na scéimeanna pinsin dréachta ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, ag an Aire Airgeadais agus ag an Oireachtas, oibríonn Teagasc scéimeanna pinsin ar bhonn riaracháin. Amhail an 31 Nollaig 2023 bhí an faomhadh sin fós amuigh.

Déanann Teagasc dhá scéim pinsin a riar (Scéim Pinsin Foirne na gColáistí Talmhaíochta 1985 agus Scéim Pinsin Ranníocach na gColáistí Talmhaíochta do Chéilí agus Leanaí 1985) maidir le foireann áirithe arna fostú ag Coláistí Talmhaíochta agus Gairneoireachta faoi úinéireacht phríobháideach, a seasann an Státchiste costas a dtuarastail trí ghníomhú Teagasc.

Is scéimeanna pinsin le sochar sainithe na scéimeanna thuas. Ní dhéantar aon chiste ar leith a choimeád, agus ní choinnítear aon sócmhainn, chun íocaíocht na sochar agus na n-aiscí scoir a mhaoiniú. Taispeántar an meastachán achtúireach de na dliteanais sa todhchaí arna bhfabhrú maidir le sochair amach anseo ar an Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 10. Pleananna sochair scoir (ar lean)

B'ionann meánlíon na sochar scoir míosúil a íocadh le linn na bliana agus 1,768 (2022: 1,745).

i. Anailís ar chostais iomlána na sochar scoir arna ngearradh don chuntas ioncaim agus caiteachais

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Costas seirbhíse reatha | 15,976 | 31,690 |
| Ús ar dhliteanais na scéime | 38,830 | 19,492 |
| Ranníocaíochtaí na foirne | (4,585) | (4,393) |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise | (3,340) | (2,901) |
| | 46,881 | 43,888 |

ii. Athrú ar ghlandliteanas sochair scoir le linn na bliana airgeadais

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Glandliteanas sochair scoir amhail an 1 Eanáir | 957,928 | 1,414,380 |
| Costas seirbhíse reatha | 15,976 | 31,690 |
| Sochair íoctha | (49,161) | (48,647) |
| Ús ar dhliteanais na scéime | 38,830 | 19,492 |
| Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach | 75,636 | (458,987) |
| Glandliteanas sochair scoir amhail an 31 Nollaig | 1,039,209 | 957,928 |

iii. Sócmhainn maoinithe iarchurtha do shochair scoir

Aithníonn Teagasc mar shócmhainn méid atá comhfhreagrach don dliteanas iarchurtha neamhchistithe do shochair scoir ar bhonn an tacair toimhdí ar a bhfuil cur síos thíos agus ar bhonn roinnt imeachtaí san am atá thart. Áirítear leis na himeachtaí sin an bonn reachtúil le haghaidh scéimeanna pinsin a chur ar bun, agus an polasaí agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin na seirbhíse poiblí a chistiú agus na ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas bliantúil um meastacháin san áireamh. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil i bhfeidhm maidir leis na méideanna sin leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, níl aon fhianaise ag Teagasc nach leanfar den pholasaí cistithe sin na suimeanna sin a chlúdach ar aon dul leis an gcleachtas reatha.

Maoiniú iarchurtha glan do shochair scoir sa bhliain

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Cistiú inghnóthaithe maidir le sochair scoir na bliana reatha | 54,806 | 51,182 |
| Acmhainní arna gcur i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc | (49,161) | (48,647) |
| | 5,645 | 2,535 |

Amhail an 31 Nollaig 2023, b'ionann an tsócmhainn maidir le maoiniú iarchurtha do shochair scoir agus €1,039m (2022: €957m).

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 10. Pleananna sochair scoir (ar lean)

iv. Stair maidir le hoibleagáidí i leith pinsean le sochar sainithe

| | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| (Caillteanas) ó thaithí | (25,710) | (14,690) | - | (59,697) |
| Céatadán de luach reatha dhliteanais na scéime | 2.5% | 1.5% | 0.0% | 4.4% |
| Athruithe ar na boinn tuisceana | (49,926) | 473,677 | (54,458) | (15,729) |
| Céatadán de luach reatha dhliteanais na scéime | 4.8% | 49.4% | 3.9% | 1.2% |
| (Caillteanas)/ gnóthachan achtúireach arna aithint in ioncam cuimsitheach eile | (75,636) | 458,987 | (54,458) | (75,420) |

Is é €72.831m an gnóthachan carnach achtúireach atá aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (2022: €148.458m).

v. Cur síos ginearálta ar an Scéim

Is éard atá sna scéimeanna pinsin ná socruithe pinsin le sochar sainithe atá bunaithe ar an tuarastal deiridh agus ina ndéantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt do rialacháin "shamhailscéim" reatha na hearnála poiblí. Faoi na scéimeanna, soláthraítear sochar scoir (aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), cnapshuim aisce (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus sochair scoir do chéilí agus do leanaí. Beidh dul ar scor éigeantach do chomhaltaí roimh 1 Aibreán 2004 ar 70 bliain a bhaint amach. Beidh teidlíocht ag na comhaltaí sin freisin dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60 bliain.  Is ionann an aois scoir íosta do státseirbhísigh a ceapadh idir 1 Aibreán 2004 nó dá éis agus 1 Eanáir 2013 agus 65 bliana. Is iondúil go méadaítear nó go laghdaítear sochair scoir atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) i gcomhréir le boilsciú ginearálta na dtuarastal san earnáil phoiblí.

Feidhmíonn Teagasc an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an Scéim Aonair), ar scéim pinsin le sochar sainithe í do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Tá an scéim bunaithe ar shamhail meánaithe gairmréime.  Beidh dul ar scor éigeantach do na hiontrálaithe sin nuair a shroicheann siad 70 bliain d'aois.

Bhí an luacháil a úsáideadh i dtaca le nochtuithe bunaithe ar luacháil achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách an 29 Eanáir 2024 d'fhonn dliteanais na scéime a mheasúnú amhail an 31 Nollaig 2023.

Is ionann na toimhdí achtúireacha príomhúla arna n-úsáid chun dliteanais a ríomh agus na cinn a leanas:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | % sa bhliain | % sa bhliain |
| Ráta boilscithe | 2.40 | 2.60 |
| Ráta tuarastail | 3.90 | 4.10 |
| Pinsean Stáit | 3.90 | 4.10 |
| Ráta pinsin - Príomh-scéim | 3.15 | 3.35 |
| Ráta pinsin - Scéim Aonair | 2.40 | 2.60 |
| Ráta lascaine dhliteanais na Scéime | 3.60 | 4.15 |

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 10. Pleananna sochair scoir (ar lean)

Leis an mbonn básmhaireachta arna ghlacadh ligtear do fheabhsuithe san ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil ag dul ar scor ag brath ar an mbliain ina sroicheann ball an aois scoir (65 bliain d'aois). Taispeántar sa tábla thíos an t-ionchas saoil do chomhaltaí a shroicheann 65 bliain d'aois in 2023 agus 2042.

| An bhliain ina sroichtear 65 bliain d'aois | **2023** | **2042** |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - fir | 86.60 | 88.20 |
| Ionchas saoil - mná | 89.10 | 90.60 |

Ar bhonn na dtoimhdí sin agus toimhdí eile agus trí mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid a úsáid is ionann luach reatha dhliteanais na scéime pinsin agus mar a leanas:

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Dliteanas sochair scoir fabhraithe iomlán | 1,039,209 | 957,928 |

### 11. Cáin ar an mbrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Bunaithe ar thorthaí don bhliain: | | |
| Muirear cánach reatha | - | - |
| Cáin iarchurtha (Nóta 22) | (22) | (55) |
| | (22) | (55) |
| Soláthair i leith blianta roimhe: | | |
| Cáin chorparáide | - | - |
| | (22) | (55) |

Tá an muirear cánach don bhliain níos ísle ná an muirear a bheadh ina thoradh ar ráta caighdeánach na cánach corparáide in Éirinn a chur i bhfeidhm ar an mbrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí. Tá míniú tugtha ar na difríochtaí mar a leanas:

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| (Caillteanas)/brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | (5,519) | 804 |
| (Caillteanas)/brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoin Ráta caighdeánach cánach corparáide in Éirinn -12.5% | (690) | 101 |
| **Mar thoradh ar:** | | |
| Barrachas na liúntas caipitil thar dhímheas | (21) | (36) |
| Ráta cánach níos airde ar bhrabúis | 4 | 4 |
| Caillteanais trádála gan úsáid | 41 | 92 |
| (Máthairchaillteanas)/máthairbhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoi 12.5% | 666 | (160) |
| Muirear cánach reatha don bhliain | - | - |

Baineann an muirear cánach le hoibríochtaí na fochuideachta Moorepark Technology Limited.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 12. Maoin, gléasra agus trealamh

**AN GRÚPA**

| | Talamh | Foirgnimh | Sócmhainní atá á dtógáil | Gléasra agus trealamh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2022 | 6,697 | 168,636 | 6,785 | 109,941 | 292,059 |
| Breiseanna | - | 2,564 | 2,723 | 12,492 | 17,779 |
| Sócmhainní críochnaithe | - | 679 | (2,464) | 1,785 | - |
| Diúscairtí | - | (78) | - | (729) | (807) |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 6,697 | 171,801 | 7,044 | 123,489 | 309,031 |
| Breiseanna | - | 4,377 | 5,204 | 8,188 | 17,769 |
| Sócmhainní críochnaithe | - | 5,657 | (5,753) | 96 | - |
| Diúscairtí | - | (32) | - | (642) | (674) |
| Athaicmiú | - | - | - | - | - |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 6,697 | 181,803 | 6,495 | 131,131 | 326,126 |
| **Dímheas carntha agus caillteanais lagaithe** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2022 | - | 73,551 | 60 | 82,393 | 156,004 |
| Muirear don bhliain | - | 4,294 | - | 5,769 | 10,063 |
| Diúscairtí | - | (35) | - | (676) | (711) |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | - | 77,810 | 60 | 87,486 | 165,356 |
| Muirear don bhliain | - | 4,569 | - | 6,749 | 11,318 |
| Diúscairtí | - | (17) | - | (640) | (657) |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | - | 82,362 | 60 | 93,595 | 176,017 |
| **Luach anonn** | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 6,697 | 99,441 | 6,435 | 37,537 | 150,109 |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 6,697 | 93,991 | 6,984 | 36,003 | 143,675 |

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**12. Maoin, gléasra agus trealamh (ar lean)**

**TEAGASC**

| | Talamh €'000 | Foirgnimh €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Gléasra agus trealamh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2022 | 6,697 | 156,134 | 5,022 | 103,021 | 270,874 |
| Breiseanna | - | 2,553 | 2,685 | 12,117 | 17,355 |
| Sócmhainní críochnaithe | - | 679 | (679) | - | - |
| Diúscairtí | - | - | - | (665) | (665) |
| Athaicmiú | - | - | - | - | - |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 6,697 | 159,367 | 7,027 | 114,474 | 287,564 |
| Breiseanna | - | 3,770 | 5,204 | 8,098 | 17,075 |
| Sócmhainní críochnaithe | - | 5,626 | (5,721) | 95 | - |
| Diúscairtí | - | - | - | (604) | (604) |
| Athaicmiú | - | - | - | - | - |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 6,697 | 168,763 | 6,510 | 122,064 | 304,036 |
| **Dímheas carntha agus caillteanais lagaithe** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2022 | - | 69,369 | 60 | 77,492 | 146,921 |
| Muirear don bhliain | - | 3,881 | - | 5,349 | 9,230 |
| Diúscairtí | - | - | - | (616) | (616) |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | | 73,250 | 60 | 82,225 | 155,535 |
| Muirear don bhliain | - | 4,155 | - | 6,242 | 10,397 |
| Diúscairtí | - | - | - | (603) | (603) |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | - | 77,405 | 60 | 87,864 | 165,329 |
| **Luach anonn** | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 6,697 | 91,358 | 6,450 | 34,200 | 138,707 |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 6,697 | 86,116 | 6,967 | 32,249 | 132,029 |

Tá roinnt sócmhainní seasta, arna dtabhairt do Teagasc ar iontaoibh, cosanta faoi reacht agus ní féidir iad a dhíol.

Tá líon iomlán de 55 oifig/choláiste/lárionad ag teagasc a bhfuil 50 acu faoi úinéireacht Teagasc agus tá na 5 cinn eile ar cíos. Rachaidh dhá cheann de na comhaontuithe cíosa as feidhm laistigh de bhliain amháin, rachaidh ceann amháin as feidhm idir dhá bhliain agus cúig bliana, agus is léas fadtéarmach é an léas eile, a bheidh i bhfeidhm go ceann níos mó ná cúig bliana. Tá idirbheartaíocht ar bun maidir leis an gcomhaontú eile faoi láthair.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 12. Maoin, gléasra agus trealamh (ar lean)

**Diúscairt maoine, gléasra agus trealaimh**

| | Fáltais/ costais 2023 €'000 | Fáltais/ costais 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Fáltais ó dhíol sócmhainní nach maoin iad | 48 | 53 |
| Glanluach de réir na leabhar na sócmhainní seasta arna ndiúscairt | (17) | (97) |
| Brabús/ (Caillteanas) ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 31 | (44) |

### 13. Sócmhainní oidhreachta

**An Grúpa agus Teagasc**

Tá tithe seanré i gColáiste Chill an Dátúnaigh, Coláiste Bhéal Átha hÉis agus Ionad Taighde Pháirc na Darach ina gcuid de bhonneagar oibre Teagasc, agus mar sin déantar iad a chaipitliú ar an Ráiteas ar an Staid Airgeadais ar a gcostas bunaidh.

Níor aithníodh sócmhainní oidhreachta áirithe a bhaineann le hIonad Taighde Chaisleán Bhaile Sheáin, amhail an caisleán, an músaem talmhaíochta agus an garraí daingean, sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ar an gcéad dul síos toisc nárbh fhéidir faisnéis a fháil maidir le costas ná luach na sócmhainní oidhreachta sin ar chostas a bheadh ag teacht leis na tairbhí a bhainfeadh úsáideoirí na ráiteas airgeadais as an bhfaisnéis sin. Rinneadh na sócmhainní sin a fhorbairt dá éis sin ina ndíol spéise oidhreachta do thurasóirí. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal forbartha ná ionad cuairteoirí nua a thógáil agus an caisleán a athchóiriú, rudaí a osclaíodh in 2019. Is é Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann a dhéanann an t-ionad a bhainistiú agus a fheidhmiú. Rinneadh caipitliú ar na costais tógála go léir agus dímheastar iad i gcomhréir leis an mbeartas cuntasaíochta maoine, gléasra agus trealaimh atá ag Teagasc.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 14. Infheistíochtaí

| | An Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Infheistíocht i scaireanna luaite | 526 | 379 | 526 | 379 |
| Infheistíocht i scaireanna neamhluaite | 281 | 268 | 282 | 269 |
| | 807 | 647 | 808 | 648 |

| **Infheistíochtaí i scaireanna luaite** | An Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Luach cóir amhail an 1 Eanáir | 379 | 405 | 379 | 405 |
| Gnóthachan/ (Caillteanas) ar ghluaiseacht luacha chóir sa bhliain | 147 | (26) | 147 | (26) |
| Luach cóir amhail an 31 Nollaig | 526 | 379 | 526 | 379 |

| **Infheistíochtaí i scaireanna neamhluaite** | An Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| **Luach ag dáta na fála** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Amhail an 1 Eanáir | 268 | 271 | 269 | 272 |
| Breiseanna | - | - | - | - |
| Ciste imrothlach | 13 | (3) | 13 | (3) |
| Amhail an 31 Nollaig | 281 | 268 | 282 | 269 |

| **Glanluach de réir na leabhar** | An Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Amhail an 1 Eanáir | 268 | 271 | 269 | 272 |
| Gluaiseacht i scaireanna neamhluaite | 13 | (3) | 13 | (3) |
| Amhail an 31 Nollaig | 281 | 268 | 282 | 269 |

| Anailísithe mar: | An Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | **2022** | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Glanbia cpt | 485 | 335 | 485 | 335 |
| Kerry Group cpt | 41 | 44 | 41 | 44 |
| Moorepark Technology Limited | - | - | 1 | 1 |
| Wexford Milk Producers Limited | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Lakeland Dairies | 10 | 10 | 10 | 10 |
| Aurivo | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Tirlán Co-Op Ltd | 13 | 14 | 13 | 14 |
| Carbery Creameries Ltd | 89 | 89 | 89 | 89 |
| Barryroe Creameries Ltd | 4 | 4 | 4 | 4 |
| Dairygold Co-Op Society Ltd | 69 | 69 | 69 | 69 |
| Dairygold Co-Op Society (Ciste Imrothlach) | 93 | 79 | 93 | 79 |
| | 807 | 647 | 808 | 648 |

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 14. Infheistíochtaí (ar lean)

Sonraí maidir le hinfheistíochtaí:

| Ainm na Cuideachta | Tír chorpraithe | Uimhir chláraithe | Líon na scaireanna | Luach ainmniúil in aghaidh na scaire amhail an 31.12.2023 | Díbhinn a fuarthas | Nádúr ghnó na cuideachta |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Glanbia cpt | Éire | 129933 | 32,532 | €14.91 | 2023 - €22,827<br>2022 - €4,129 | Cuideachta cothaithe dhomhanda |
| Kerry Group cpt | Éire | 111471 | 522 | €78.66 | 2023 - €564<br>2022 - €512 | Soláthraí teicneolaíochtaí blais agus cothaithe |
| Moorepark Technology Ltd | Éire | 168270 | 5,102 | €0.13 | 2023 - €nialas<br>2022 - €nialas | Seirbhísí a sholáthar le haghaidh taighde agus forbartha (T&F) |
| Wexford Milk Producers Ltd | Éire | 2640R | 767 | €1.00 | 2023 - €nialas<br>2022 - €nialas | Táirgeadh agus soláthar bainne |
| Lakeland Dairies Co-Operative Society Ltd | Éire | 4622R | 10,438 | €1.00 | 2023 - €nialas<br>2022 - €104 | Táirgeadh agus soláthar bainne |
| Aurivo Co-Operative Society Ltd | Éire | 5113R | 1,715 | €1.00 | 2023 - €34<br>2022 - €34 | Táirgeadh agus soláthar bainne |
| Tirlán Co-Operative Ltd | Éire | 4928R | 12,506 | €1.00 | 2023 - €1,639<br>2022 - €1,165 | Táirgeadh agus soláthar bainne |
| Kerry Co-Operative Ltd | Éire | 3618R | 87 | €1.25 | 2023 - €392<br>2022 - €348 | Táirgeadh agus soláthar bainne |
| Carbery Creameries Ltd | Éire | 2899R | 19,605 | €4.37 | 2023 - €nialas<br>2022 - €nialas | Táirgeadh agus soláthar bainne |
| Carbery Creameries Ltd | Éire | 2899R | 3,698 | €1.00 | 2023 - €nialas<br>2022 - €nialas | Táirgeadh agus soláthar bainne |
| Barryroe Co-Operative Ltd | Éire | 1736R | 4,227 | €1.00 | 2023 - €nialas<br>2022 - €nialas | Táirgeadh agus soláthar bainne |
| Dairygold Co-Operative Society Ltd | Éire | 4621R | 69,433 | €1.00 | 2023 - €nialas<br>2022 - €nialas | Táirgeadh agus soláthar bainne |

D'infheistigh Teagasc €650 i scairchaipiteal Moorepark Technology Limited agus tá scairsheilbh 57% aige i scairchaipiteal íoctha na cuideachta.

Tá céatadán na scairshealbh sna heagraíochtaí eile uile atá liostaithe diomaibhseach agus ní thugtar leas urlámhais leis do Teagasc.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 15. Fardail

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Beostoc | 5,406 | 6,059 |
| Torthaí feirme, leasacháin agus stoic bheatha | 809 | 1,064 |
| Soláthairtí ginearálta | 256 | 300 |
| | 6,471 | 7,423 |

Luaitear stoic tar éis soláthar do lagú dar luach €nialas (2022: €nialas).

Réiteach an ghlanathraithe ar bheostoc:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 6,059 | 5,827 |
| Ceannacháin | 353 | 816 |
| Díolachán | (4,088) | (3,883) |
| Breitheanna | 1,413 | 1,213 |
| Básanna | (149) | (169) |
| Coigeartuithe le haghaidh luach cóir | 1,818 | 2,255 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | 5,406 | 6,059 |

### 16. Sócmhainní coinnithe le díol

Amhail an 31 Nollaig 2023, ní raibh aon sócmhainn á sealbhú ag Teagasc lena ndíol.

### 17. Infháltais

| | An Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Infháltais trádála | 10,868 | 9,935 | 10,332 | 8,932 |
| Infháltais eile | 221 | 200 | 143 | 140 |
| Ioncam oibriúcháin fabhraithe | 12,790 | 14,487 | 12,790 | 14,487 |
| Ioncam deontais ón Oireachtais fabhraithe | 6,617 | 6,104 | 6,617 | 6,104 |
| Réamhíocaíochtaí | 2,147 | 2,775 | 2,122 | 2,752 |
| CBL agus cánacha eile | 7 | - | - | - |
| | 32,650 | 33,501 | 32,004 | 32,415 |

Beidh na méideanna uile thuas dlite laistigh de bhliain amháin.

Luaitear infháltais trádála tar éis soláthar do lagú dar luach €185,532 (2022: €138,888).

### 18. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

| | An Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 39,751 | 25,486 | 37,171 | 23,195 |
| Taiscí gearrthéarmacha | 5,001 | 20,387 | 5,001 | 20,387 |
| | 44,752 | 45,873 | 42,172 | 43,582 |

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 19. Suimeanna iníoctha - méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

| | An Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Suimeanna iníoctha trádála | 937 | 431 | 836 | 450 |
| Suimeanna iníoctha agus fabhruithe eile | 16,966 | 16,399 | 15,963 | 15,269 |
| Soláthairtí dlí | 431 | 262 | 431 | 262 |
| ÍMAT/ÁSPC | 3,078 | 3,006 | 3,053 | 2,979 |
| Cáin bhreisluacha | 1,149 | 1,607 | 1,149 | 1,604 |
| Cáin shiarchoinneálach/RCT | 272 | 247 | 272 | 247 |
| Asbhaintí párolla eile | 1,074 | 954 | 1,074 | 953 |
| | 23,907 | 22,906 | 22,778 | 21,764 |
| Tá suimeanna iníoctha i leith cánachais agus leasa shóisialaigh san áireamh thuas | 4,497 | 4,859 | 4,473 | 4,829 |

Áirítear le hiníocthaigh agus fabhruithe eile Teagasc dar luach €15.963m: costais deisiúchán agus chothabhála €3.72m, costais phá, tuarastail agus phárolla ghaolmhara eile €2.66m (lena n-áirítear fabhrú saoire bhliantúil dar luach €1.48m é), trealamh agus earraí caipitil €2.33m, costais oibriúcháin ghinearálta lena n-áirítear fóntais €1.60m, táillí gairmiúla lena n-áirítear seirbhísí dlíthiúla agus anailíseacha €1.59m, costais TFC €1.59m, fabhruithe eile €1.17m, costais reatha feirmeacha €0.92m, taisteal agus cothabháil €0.26m, deontais/seimineáir €0.25m agus caidreamh poiblí agus fógraíocht €0.24m,

Íoctar infháltais trádála ar iarratas nó tar éis tríocha lá. Bhí ús agus cúiteamh um íocaíocht phras €43,875 iníoctha ar shuimeanna iníoctha trádála in 2023 (2022: €32,616).

Tá ÍMAT/ ÁSPC, cáin bhreisluacha agus cáin shiarchoinneála faoi réir ag téarmaí reachtaíochta ábhartha. Fabhraítear ús ar íocaíocht dhéanach cánacha ar aon dul le téarmaí reachtaíochta ábhartha. Ní raibh aon ús dlite ag deireadh na bliana airgeadais as cáin a íoc go déanach.

Na méideanna eile atá san áireamh le suimeanna iníoctha nach bhfuil clúdaithe ag nochtuithe sainiúla sna nótaí, is neamhurraithe, saor ó ús agus suimeanna inaisíoctha ar iarratas iad.

### 20. Suimeanna iníoctha – suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná aon bhliain amháin

| | An Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Suimeanna iníoctha agus fabhruithe eile | 406 | 406 | - | - |
| | 406 | 406 | - | - |

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 21. Ioncam iarchurtha

Déanann Teagasc taighde arna mhaoiniú go poiblí i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta i gcomhréir le conarthaí le hInstitiúidí Stáit eile, go príomha an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tugtar deontais maidir lena leithéid de thaighde san áireamh mar ioncam nuair a thabhaítear an caiteachas comhfhreagrach faoi gach conradh. Déanann Teagasc íocaíochtaí le comhpháirtithe nuair a bhíonn réamhioncam deontais a fhaigheann Teagasc dlite d'eagraíochtaí taighde comhpháirtíochta. Cuirtear na réamhíocaíochtaí sin siar go dtí go ndéantar íocaíochtaí leis na heagraíochtaí comhpháirtíochta. Amhail an 31 Nollaig 2023 b'ionann foinse agus méid an ioncaim iarchurtha i dtaca le taighde agus tionscadail eile agus mar a leanas:

| Iarchur deontais/ eile | Roinn Rialtais Maoiniúcháin | Oscailt Iarchurtha | Airgead a Fuarthas | Tógtha chun ioncaim | Féichiúnaithe tríú páirtí | Iarchurtha laistigh de 1 bhliain amháin | Curtha Siar > 1 bhliain |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Clár na nDobharcheantar Talmhaíochta | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 64 | 2,788 | 2,852 | - | - | - |
| Bord Iascaigh Mhara | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | - | 44 | - | - | - | 44 |
| Taighde ar bhia agus taighde ar thalmhaíocht | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 6,152 | 5,316 | 3,970 | - | 4,612 | 2,886 |
| Era Net | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 139 | 110 | 183 | - | 40 | 26 |
| An Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuáil | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | | 387 | 242 | - | 145 | - |
| Foras na Mara | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 30 | - | - | - | 30 | - |
| Faireachlann Náisiúnta Carbóin | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 680 | - | 530 | - | 150 | - |
| Ionad Náisiúnta na mBianna Tomhaltais | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 1,029 | 100 | 652 | - | 477 | - |
| AgNav | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | - | 2,000 | - | - | 1,000 | 1,000 |
| Ionsamhlóirí talmhaíochta agus eachaí | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 66 | 501 | 114 | - | 453 | - |
| SAM Éire | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 34 | 113 | 146 | - | - | - |
| Fo-iomlán | | 8,193 | 11,359 | 8,689 | - | 6,907 | 3,956 |

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 21. Ioncam iarchurtha (ar lean)

| Iarchur deontais/ eile | Roinn Rialtais Maoiniúcháin | Oscailt Iarchurtha | Airgead a Fuarthas | Tógtha chun ioncaim | Féichiúnaithe tríú páirtí | Iarchurtha laistigh de 1 bhliain amháin | Curtha Siar > 1 bhliain |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Fo-iomlán | | 8,193 | 11,359 | 8,689 | - | 6,907 | 3,956 |
| Fiontraíocht Éireann | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | 2,522 | 3,541 | 3,814 | 258 | 1,668 | 323 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | 11,205 | 6,622 | 8,386 | 335 | 5,326 | 3,780 |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | 241 | 275 | 215 | 89 | 114 | 98 |
| An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | 21 | - | - | - | 21 | - |
| Cúnamh Éireann | An Roinn Gnóthaí Eachtracha | 617 | 1,210 | 129 | 985 | 290 | 423 |
| Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | 75 | 26 | 101 | - | - | - |
| An tAontas Eorpach | | 13,100 | 14,612 | 5,546 | 7,555 | 8,634 | 5,977 |
| Taighde ginearálta agus suimeanna iarchurtha eile | | 3,851 | 289 | 607 | 117 | 3,038 | 378 |
| Táillí cúrsa agus cóiríochta | | 2,216 | 1,386 | 1,494 | - | 1,647 | 461 |
| **Iomlán don Ghrúpa** | | 42,041 | 39,320 | 28,981 | 9,339 | 27,645 | 15,396 |
| **Teagasc** | | 41,672 | 39,245 | 28,712 | 9,339 | 27,475 | 15,396 |

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 22. Soláthairtí do dhliteanais

| Cáin iarchurtha | An Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Amhail an 1 Eanáir | (17) | 37 | - | - |
| Gearrtha ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais | (22) | (54) | - | - |
| Amhail an 31 Nollaig | (39) | (17) | - | - |

| Comhpháirteanna na cánach iarchurtha | An Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Caillteanais trádála gan úsáid | (276) | (249) | - | - |
| Liúntais chaipitil luathaithe | 238 | 232 | - | - |
| | (39) | (17) | - | - |

### 23. Cuntas Caipitil

Is ionann an t-iarmhéid ar an gcuntas sin agus €138.707m (2022: €132.029m) agus luach gan amúchadh na gcistí a úsáideadh chun maoin, gléasra agus trealamh a cheannach, a bhfuil méadú €6.675m tagtha air in 2023 (2022: €8.076m).

### 24. Cúlchistí ioncaim

Is ionann na cúlchistí ioncaim agus ioncam cuimsitheach carnach a aithnítear amhail an dáta tuairiscithe.

### 25. Leas neamh-urlámhais

Is éard atá sa leas neamh-urlámhais ná infheistíocht chothromais na scairshealbhóirí eile, mar aon lena ranníocaíocht chaipitil, chun áiseanna in Moorepark Technology Limited a leathnú.

### 26. Léasanna

*Léasanna oibriúcháin*
Amhail an 31 Nollaig bhí íocaíochtaí léasa íosta ag Teagasc faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe mar a leanas:

| | An Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Léasanna a rachaidh in éag: | | | | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 762 | 654 | 762 | 654 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 1,741 | 1,150 | 1,741 | 1,150 |
| Tar éis chúig bliana | 2,437 | 1,679 | 2,437 | 1,679 |
| | 4,940 | 3,483 | 4,940 | 3,483 |

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 27. Réiteach an bharrachais leis an sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| (Easnamh)/ Barrachas don bhliain roimh cháin | (5,014) | 804 |
| Costas dímheasa | 11,317 | 10,063 |
| Coigeartuithe le haghaidh luach cóir ar shócmhainní bitheolaíocha | (1,818) | (2,255) |
| Coigeartuithe le haghaidh luach cóir ar infheistíochtaí | (160) | 29 |
| (Gnóthachan)/ caillteanas ó dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | (31) | 44 |
| Ús a íocadh | - | 121 |
| Ioncam ó ús | - | (2) |
| Aistriú chuig an gcuntas caipitil | 6,675 | 8,076 |
| Sreafaí airgid oibriúcháin iomlána roimh ghluaiseachtaí i gcaipiteal oibre | 10,969 | 16,880 |
| Laghdú ar fhardal | 2,772 | 1,608 |
| Laghdú ar infháltais | 851 | (7,628) |
| Laghdú ar shuimeanna iníoctha | 2,007 | 1,696 |
| Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 16,599 | 12,556 |

### 28. Coláistí príobháideacha

Soláthraíonn Teagasc tacaíocht do thrí choláiste phríobháideacha, Coláiste Talmhaíochta an Ghoirtín, Coláiste Talmhaíochta an Chreagáin agus Coláiste Talmhaíochta Phailís Chaonraí, mar seo a leanas:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais do choláistí príobháideacha | 3,016 | 3,203 |
| Costais tuarastail na mball foirne atá tugtha ar iasacht chuig coláistí príobháideacha (san áireamh sa chaiteachas iomlán ar phá i Nóta 7 thuas) | 396 | 372 |
| Costais soláthraí seirbhíse seachtrach i gcomhair seirbhísí múinteoireachta arna soláthar do choláistí príobháideacha (san áireamh sa chaiteachas oibriúcháin ginearálta i Nóta 8 thuas) | 179 | 159 |
| | 3,591 | 3,734 |

Sa bhreis ar na deontais ar a bhfuil breac-chuntas thuas sholáthair Teagasc leabhair oibre do choláistí príobháideacha dar luach €59,400 (2022: €61,000). Fuarthas ioncam €465,400 (2022: €547,775) ó choláistí príobháideacha a bhain le hacmhainní cúrsa a sholáthair Teagasc agus leis an sciar comhaontaithe de na táillí ó fhoghlaimeoirí ar chúrsa an Chláir Forbartha Tuaithe. Fuair Teagasc ioncam ó Ollscoileanna Teicneolaíochta dar luach €180,213 (2022: €166,718) i leith modúil arna soláthar sna Coláistí Príobháideacha.

### 29. Gealltanais

*Ceangaltais chaipitil*
Bhí gealltanais chaipitil ag Teagasc, a bhí dlite amhail an 31 Nollaig 2023, dar mhéid €10.383m a bhain le foirgnimh agus saoráidí a thógáil ag Caisleán Bhaile Sheáin (€8.888m), ag Cloich na Coillte €0.705m, ag an nGráinseach €0.396m, agus ag Dún Garbháin €0.394m (2022: €4.344m).

*Ceangaltais deontais*
Bhí ceangaltais deontais ag Teagasc, a bhí gan íoc an 31 Nollaig 2023 dar mhéid €11.159m, a bhain le Scoláirí Walsh €7.223m, le Coláistí Príobháideacha €3.067m agus deontais eile €0.870m (2022: €9.860m).

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 30. Comhaltaí an Údaráis - nochtadh idirbheart

Ghlac an tÚdarás le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2016 maidir le nochtadh leasa ag comhaltaí an Údaráis agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta sin. Níor tharla aon idirbheart le linn na bliana i leith ghníomhaíochtaí an Údaráis lena raibh baint ag comhaltaí an Údaráis.

### 31. Dliteanais theagmhasacha

Rinne an tÚdarás soláthar sna ráitis airgeadais lena léirítear a mheastachán is fearr ar an dliteanas a eascraíonn. Is é tuairim an Údaráis nach bhfuil aon dliteanais theagmhasacha ann.

### 32. Idirbhearta le páirtithe gaolmhara

Rinneadh na hidirbhearta a leanas le páirtithe gaolmhara:

Díolacháin earraí agus seirbhísí:

| | An Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Fochuideachta | - | - | 10 | 6 |
| Grassland Agro | 116 | 116 | 116 | 116 |
| | 116 | 116 | 126 | 122 |

Ceannacháin earraí agus seirbhísí:

| | An Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Fochuideachta | - | - | 1,011 | 906 |
| | - | - | 1,011 | 906 |

Iníoctha le páirtithe gaolmhara:

| | An Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Fochuideachta | 79 | 117 | 79 | 117 |
| | 79 | 117 | 79 | 117 |

Eascraíonn na hinfháltais agus iníocthaigh go príomha ó idirbhearta díolacháin agus ceannacháin, faoi seach. Tá na hinfháltais agus suimeanna iníoctha neamhurraithe de nádúr agus níl siad úsmhar. Níl aon soláthar coinnithe i gcoinne infháltas ó pháirtithe gaolmhara le linn na bliana (2022: €nialas).

De réir théarmaí Chomhaontú Scairshealbhóirí Moorepark Technology Limited, tá geallta ag Teagasc an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) gach costas a íoc óna acmhainní dílse, atá bainteach le rannpháirtíocht agus/nó fostaíocht sa chuideachta ag bainisteoir sinsearach, teicneoir amháin agus Rúnaí na Cuideachta; agus

(ii) aon fhóntas, stóras, cuntas agus forchostas eisilteach a fhrithghealladh go héigríochta.

Bhain costas €324k in 2023 (2022: €306k) le soláthar foirne Teagasc do MTL agus tá sé curtha san áireamh i bpárolla. Rinne Teagasc infheistíocht chaipitil dar luach €444k i saoráid cóireála fuíolluisce na Cloiche Léithe in 2023 le tuilleadh infheistíochta ar na bacáin do 2024. Is ionann costas sholáthar Teagasc de sheirbhísí eisilteach agus slándála do MTL in 2023 agus €130k (2022 - €97k) agus tá sé curtha san áireamh i gcaiteachais oibriúcháin ghinearálta agus dímheas.

Rinne Teagasc taighde thar ceann Grassland Agro in 2023. Tá leas ag an Uas. Wolfe, comhalta den Údarás, in Grassland Agro.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 33. Ionstraimí airgeadais

Tá na hionstraimí airgeadais a leanas ag an nGrúpa agus teagasc:

| | An Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Sócmhainní airgeadais atá ina n-ionstraimí cothromais arna dtomhas ag a gcóirluach trí ráiteas comhdhlúite ar ioncam agus caiteachas** | | | | |
| Infheistíochtaí sócmhainní neamhreatha liostaithe | 526 | 379 | 526 | 379 |
| Infheistíochtaí sócmhainní neamhreatha neamhliostaithe | 281 | 268 | 282 | 269 |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | |
| Infháltais trádála | 10,868 | 9,935 | 10,332 | 8,932 |
| Infháltais eile | 221 | 200 | 143 | 140 |
| Airgead ar láimh (taiscí gearrthéarmacha san áireamh) | 44,752 | 45,873 | 42,172 | 43,582 |
| | | | | |
| **Dliteanais airgeadais arna dtomhas ag costas amúchta** | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála | 937 | 431 | 836 | 450 |
| Suimeanna iníoctha eile | 16,894 | 16,399 | 15,891 | 15,269 |

### 34. Teagmhais tar éis na tréimhse tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhas suntasach, taobh amuigh den ghnáthchúrsa gnó, a chuaigh i bhfeidhm ar an nGrúpa ón 31 Nollaig 2023.

### 35. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an tÚdarás na ráitis airgeadais an 06 Márta 2024.

Agriculture and Food Development Authority